

EIZICÉIL

An Ghairm

Am agus Áit

1 Sa tríochadú bliain, ar an gcúigiú lá den cheathrú mí, nuair a bhí mé i measc na ndeoraithe ar bhruach na habhann Ceabár, d’oscail na flaithis agus chonaic mé físeanna ó Dhia. ²Ar an gcúigiú lá den mhí – ba í sin an cúigiú bliain a chaith Iahóiácaím rí ar deoraíocht ³tháinig briathar an Tiarna chuig Eizicéil sagart, mac Bhúizí, i dtír na gCaidéach ar bhruach na habhann Ceabár. Ba ansin a tháinig lámh an Tiarna orm.

Fís Charbad an Tiarna

⁴D’amharc mé uaim. Bhí stoirm ghaoithe ag séideadh aduaidh, néal mór agus solas uime, tine ag spréacharnach gan stad, agus i lár na tine mar a bheadh prás ag drithliú. ⁵I lár báire chonaic mé mar a bheadh ceithre ainmhí ann agus an chuma seo a leanas orthu: bhí déanamh duine orthu, ⁶ceithre aghaidh ar gach aon cheann acu agus ceithre sciathán ar gach aon cheann. ⁷Bhí a gcosa díreach agus a gcrúba mar a bheadh crúba gamhna ann,



ag drithliú mar phrás snasta. ⁸Faoina sciatháin ar na ceithre thaobh bhí lámha duine acu. Bhí a n-aghaidheanna agus a sciatháin ag an gceathrar mar seo: ⁹theagmhaigh a sciatháin lena chéile; ghluais gach ceann acu caol díreach roimhe gan claonadh óna chúrsa.

¹⁰Maidir le cuma a n-aghaidheanna bhí aghaidh duine ag gach ceann acu ar tosach, bhí aghaidh leoin ag an gceathrar ar dheis, aghaidh tairbh ag an gceathrar ar chlé agus aghaidh iolair ag an gceathrar ar chúl. ¹¹Sin mar a bhí a n-aghaidheanna. Bhí a sciatháin spréite suas; dhá sciathán ag gach ainmhí a theagmhaigh lena chéile agus dhá sciathán a chlúdaigh a chorp. ¹²Chuaigh siad go léir díreach rompu aon áit ar thiomáin an spiorad iad, gan claonadh óna gcúrsa. ¹³Istigh i measc na n-ainmhithe bhí rud éigin a raibh cosúlacht aibhleog air, nó cosúlacht tóirsí ag preabadh anonn agus anall idir na hainmhithe; ba gheal í an tine agus tintreach ag scalladh aisti. ¹⁴Agus phreab na hainmhithe anonn agus anall amhail splanc thintrí.

¹⁵D’amharc mé ar na hainmhithe: bhí roth ar an talamh le hais gach ainmhí acu, roth amháin le hais gach ainmhí faoi leith den cheathrar. ¹⁶Maidir le cuma na rothaí agus a ndéanamh bhí a gcuma mar dhrithliú criosailít. Bhí an chuma chéanna ar an gceathrar agus iad déanta mar a bheadh roth amháin i lár rotha eile. ¹⁷Ag gluaiseacht dóibh d’imigh siad i dtreo aon cheann de cheithre aird gan claonadh óna gcúrsa. ¹⁸Dhealraigh na fleascanna bheith an-mhór nuair a d’fhéach mé orthu agus bhí súile sna fleascanna thart timpeall. ¹⁹Nuair a ghluaiseadh na hainmhithe ghluaiseadh na rothaí lena n-ais; agus nuair a d’éiríodh na hainmhithe ón talamh d’éiríodh na rothaí ón talamh. ²⁰Aon áit a dtéadh an spiorad théidís-sean, agus d’éiríodh na rothaí leo de bhrí go raibh spiorad na n-ainmhithe sna rothaí. ²¹Nuair a ghluaiseadh na hainmhithe ghluaisidís-sean, nuair a stadaidís



stadaidís-sean, nuair a d'éiridís ón talamh d'éiríodh na rothaí mar aon leo, de bhrí go raibh spiorad na n-ainmhithe sna rothaí. ²²Os cionn chloigne na n-ainmhithe bhí mar a bheadh firmimint ann, ag soilsíú mar chríostal, agus é ag déanamh stua os a gcionn.

²³Faoin bhfirmimint seo bhí a sciatháin spréite amach i dtreo a chéile agus bhí dhá sciathán ag gach ainmhí ag clúdach a choirp. ²⁴Ag imeacht dóibh, chuala mé fuaim a sciathán amhail coipeadh uiscí, amhail glór an Uilechumhachtaigh, torann clampair amhail torann slua. Ar stad dóibh, lig siad a sciatháin síos, ²⁵agus bhí gleo ann (os cionn na firmiminte, lastuas dá gcloigne; ar stad dóibh, lig siad a sciatháin síos).

²⁶Os cionn na firmiminte thuas bhí mar a bheadh ríchathaoir ann cosúil le saifír, agus ina shuí os cionn na ríchathaoireach seo bhí neach i gcosúlacht fir. ²⁷In airde ó chosúlacht a leasraigh bhí mar a bheadh prás ag drithliú, cosúil le tine faoi iamh mórthimpeall; agus anuas ó chosúlacht a leasraigh chonaic mé mar a bheadh tine agus drithliú mórthimpeall.

²⁸An drithliú seo mórthimpeall bhí sé amhail an bogha a bhíonn sa néal lá báistí. Sin mar a dhealraigh glóir an Tiarna. Agus ar a feiceáil dom shléacht mé go talamh agus chuala mé guth ag caint.

Fís an Scrolla

2 “A mhic an duine,” ar sé, “éirigh i do sheasamh agus labhróidh mé leat.” ²Le linn dó labhairt tháinig an spiorad ionam agus chuir i mo sheasamh mé, agus chuala mé é ag caint liom. ³“A mhic an duine,” ar sé, “seolaim thú chuig muintir Iosrael, chuig [na ceannaircigh] a d'éirigh amach i m'aghaidh. Pheacaigh siadsan agus a n-aithreacha i



m'aghaidh go dtí an lá inniu féin. ⁴Is sotalach ceanndána an pobal iad fosta; seolaim chucu thú agus déarfaidh tú leo: ‘Mar seo a labhraíonn an Tiarna Dia.’ ⁵Éistidís nó ná héistidís, tabharfar le fios don dream ceannairceach seo go raibh fáidh ina measc. ⁶Ná bíodh eagla ortsa rompu, a mhic an duine; ná bíodh eagla ort nuair a deir siad: ‘Tá dealga thart ort agus scairpeanna fút.’ Ná bíodh eagla ort roimh a mbriathra ná eagla roimh a ndrochshúil, mar is ceannairceach an dream iad. ⁷Cuirfidh tusa mo bhriathra in iúl dóibh, éistidís nó ná héistidís, mar is ceannairceach an dream iad.

⁸“Ach tusa, a mhic an duine, éist lena ndeirim leat; ná bí ceannairceach mar an dream ceannairceach úd; oscail do bhéal agus caith siar a dtugaim duit.” ⁹Agus ar dhearcadh uaim, féach, bhí lámh ansin ag síneadh i mo threo agus scrolla inti. ¹⁰D’oscail sé é os mo chomhair agus bhí scríbhneoireacht ann ar thosach agus ar chúl, agus is é bhí [scríofa] air “caointe agus tuirimh agus marbhnaí”.

3 “A mhic an duine” ar sé, “ith mar a thairgtear duit, caith siar an scrolla seo agus imigh agus labhair le muintir Iosrael.” ²D’oscail mé mo bhéal agus thug sé an scrolla dom le hithe, ³agus dúirt: “A mhic an duine, ith an scrolla seo a thugaim duit agus sásaigh do ghoile leis.” D’ith mé é agus bhí blas na meala air i mo bhéal.

⁴Dúirt sé liom ansin: “A mhic an duine, imigh chuig muintir Iosrael agus labhair mo bhriathra leo. ⁵Níl tú do do sheoladh chuig daoine a labhraíonn teanga dothuigthe iasachta. Is chuig muintir Iosrael atáthar do do chur; ⁶ní chuig a lán ciníocha a bhfuil teanga dheacair iasachta agus caint dhoiléir acu. Go deimhin, dá seolfainn chucusan thú d’éistfidís leat. ⁷Ach ní éistfidh muintir Iosrael leat mar ní eistfidh siad liomsa. Is sotalach



ceandána iad muintir Iosrael go léir. ⁸ Ach anois, beidh tusa chomh sotalach ceandána leo féin. ⁹ Déanfaidh mé do sheasmhacht amhail diamaint atá níos cruá ná breochloch féin. Ná bíodh eagla ort rompu ná inní ort roimh a ndrochshúil, mar is ceannairceach an dream iad.” ¹⁰ Dúirt sé liom fosta: “A mhic an duine, gach focal a deirim leat glac chugat féin é agus éist leis go cúramach. ¹¹ Imigh chuig na deoraithe de do mhuintir féin agus abair leo: ‘Mar seo a deir an Tiarna Dia,’ éistidís nó ná héistidís.”

¹² Thóg an spiorad in airde mé ansin agus chuala mé i mo dhiaidh clampar mór: “Moladh le glóir an Tiarna ina áit chónaithe.” ¹³ Sciatháin na n-ainmhithe ag bualadh in aghaidh a chéile agus callán na rothaí lena n-ais, ba iad seo an clampar mór. ¹⁴ Thóg an spiorad in airde mé agus rug leis mé, agus d’imigh mé faoi sheirfean agus faoi bhruth feirge agus lámh an Tiarna ag luí go trom orm. ¹⁵ Tháinig mé go Téil Áibíb chuig na deoraithe a bhí ag cur fúthu ar bhruach na habhann Ceabár. D’fhan mé ansin ina measc ar feadh seacht lá agus mé an-chorraithe.

An Fáidh mar Fhear Faire

¹⁶ I gcionn seacht lá tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁷ “A mhic an duine, tá tú ceaptha agam mar fhear faire do mhuintir Iosrael. Nuair a chloisfidh tú focal uaimse tabhair rabhadh dóibh thar mo cheann. ¹⁸ Má deirim leis an drochdhuine: ‘Tá an bás i ndán duit cinnte’ agus gan tusa rabhadh a thabhairt dó, ná a mhí-iompar a chur ar a shúile don drochdhuine le focal na faire ionas go slánódh sé a bheatha, caillfear é de bharr a pheaca: ach éileoidh mé a fhuil ortsa. ¹⁹ Más amhlaidh, áfach, go dtabharfaidh tú rabhadh



don drochdhuine agus nach dtréigfidh sé a mhí-iompar ná a dhrochimeachtaí, caillfear é de bharr a pheaca; ach slánóidh tusa do bheatha féin.²⁰ Arís, má thréigeann an fíréan a fhíríantacht agus peaca a dhéanamh agus mise constaic a chur sa bhealach roimhe, caillfear é. De bhrí nár thug tú rabhadh dó caillfear é de bharr a pheaca, agus an fhíríantacht a chleacht sé imeoidh sí as cuimhne: ach éileoidh mé a fhuil ortsá.²¹ Más amhlaidh, áfach, go dtugann tú rabhadh don fhíréan gan peacú agus nach bpeacaíonn sé, slánófar é cinnte, de bhrí gur thug sé aird ar an rabhadh: agus beidh do bheatha féin slánaithe agat chomh maith.

Eizicéil ina Bhalbhán

²²Tháinig lámh an Tiarna orm ansin agus dúirt sé liom: Éirigh, imigh leat isteach sa ghleann, áit a labhróidh mé leat.”²³ D’éirigh mé agus ar aghaidh liom isteach sa ghleann agus féach, sheas glóir an Tiarna ansin dála na glóire a chonaic mé ag an abhainn Ceabár; agus shléacht mé go talamh.²⁴ Ansin tháinig an spiorad ionam agus chuir i mo sheasamh mé agus labhair liom.

Dúirt sé liom: “Imigh agus druid tú féin istigh i do theach.²⁵ Agus tusa, a mhic an duine, cuirfear cuibhreacha ort anois, agus ceanglófar thú leo i dtreo nach mbeidh ar do chumas imeacht i measc an phobail.²⁶ Tabharfaidh mé ar do theanga greamú de do charball, ionas go mbeidh tú balbh agus gan cumas agat iad a chur ar a bhfaichill, mar is ceannairceach an dream iad.²⁷ Ach nuair a labhróidh mé leat osclóidh mé do bhéal agus déarfaidh tú leo: ‘Mar seo a deir an Tiarna Dia.’ An duine a bhfuil fonn éisteachta air



éisteadh sé, agus an duine nach bhfuil ná héisteadh sé, mar is ceannairceach an dream iad.”

Fáistíní na Tubaiste

Léigear Iarúsailéim á Thairngreacht

4 “A mhic an duine, glac chugat bríce agus leag romhat é agus línigh an chathair, Iarúsailéim, air. **2** Cuir léigear uirthi ansin, tóg balla léigir ina coinne, ardaigh móta cré ina coinne, tóg campaí ina coinne, agus dírih reithí cogaidh ina coinne mórthimpeall.

3 Glac chugat oigheann iarainn agus suigh é mar bhalla iarainn idir tú féin agus an chathair; agus iompaigh ina treo agus bíodh sí faoi léigear agus tusa ag brú an léigir. Is comhartha é seo do mhuintir Iosrael.

4 “Luigh fós ar do thaobh clé agus leag pionós mhuintir Iosrael air; de réir uimhir na laethanta a luífidh tú air, iompróidh tú a bpionós. **5** Óir leag mise ort uimhir na laethanta de réir blianta a bpionóis, trí chéad agus nócha lá; iompróidh tú pionós mhuintir Iosrael an fad sin. **6** Ar a gcur siúd i gcrích duit, luífidh tú síos arís, ar do thaobh deas an turas seo, agus iompróidh tú pionós mhuintir Iúdá daichead lá. Leag mé ort lá amháin in aghaidh gach bliana. **7** Iompóidh tú d’aghaidh i dtreo léigear Iarúsailéim, nochtfaidh tú do ghéag agus tairngreoidh tú in aghaidh na cathrach sin. **8** Agus féach, cuirfidh mé cuibhreacha ort ionas nach mbeidh ar do chumas iompú ó thaobh go taobh nó go mbeidh laethanta do léigir curtha i gcrích agat.



⁹“Tóg cruithneacht agus eorna, pónairí agus lintilí, muiléad agus coirce sléibhe; cuir san aon soitheach iad agus déan arán duit féin astu. Íosfaidh tú é ar feadh uimhir na laethanta a luífidh tú ar do thaobh, trí chéad agus nócha lá. ¹⁰An bia a íosfaidh tú meáfaidh sé fiche seicil an lá; uair amháin sa lá a íosfaidh tú. ¹¹An t-uisce a ólfaidh tú tomhaisfidh sé an séú cuid de hín; uair amháin sa lá a ólfaidh tú. ¹²Íosfaidh tú an t-arán amhail ciste eorna, agus é á bhruith agat os a gcomhair os cionn otrach duine. ¹³An Thiarna a dúirt: ‘Mar seo a chaithfidh clann Iosrael a n-arán salach a ithe i measc na gciníocha mar a ndéanfaidh mise iad.’” ¹⁴Ansin dúirt mise: “Féach, a Thiarna Dia, níor thruailligh mise m’anam; ó m’óige aníos níor ith mé aon rud a d’éag uaidh féin ná aon rud a stróiceadh ag ainmhithe; níor tháinig feoil thruaillithe i mo bhéal ach oiread.” ¹⁵Dúirt sé liom ansin: “Féach, tugaim duit otrach bó in ionad otrach duine; bruithfidh tú d’arán air sin.” ¹⁶Dúirt sé liom chomh maith: “Féach, a mhic an duine, scríosfaidh mé an stór aráin in Iarúsailéim; íosfaidh siad arán a mheáfar go beacht le barr duainéise, agus ólfaidh siad uisce a thomhaisfear go gortach le barr uafáis. ¹⁷Cuirfidh mé ar an ngannchuid aráin agus uisce iad ionas go mbeidh siad ag féachaint ar a chéile le huafás agus ag éirí spíonta óna bpionós.”

5 “A mhic an duine, glac chugat claíomh géar, bíodh sé mar lann bearbóra agat agus scaoil thar do cheann agus do fhéasóg é; ansin glac scálaí tomhais agus roinn an ghruaig. ²Dófaidh tú trian di le tine i lár na cathrach nuair a bheidh tréimhse an léigir istigh; glacfaidh tú trian agus buailfidh leis an gclaíomh é timpeall na cathrach; scaipfidh tú trian leis an ngaoith agus tarraingeoidh mise an claíomh amach ina ndiaidhsean.



³Glacfaidh tú beagán ribí díobh seo ansin agus ceanglóidh tú i bhfilltí do róba iad. ⁴Díobh seo arís glac beagán, teilg sa tine agus dóigh inti iad; as sin a thiocfaidh an tine amach. [Abair le] muintir Iosrael uile: ⁵Seo mar a deir an Tiarna Dia: Seo í Iarúsailéim; shuigh mé í i lár na gciníocha agus na dtíortha iasachta máguaird. ⁶Chuir sí i gcoinne mo dheasghnátha, níos measa ná mar chuir na ciníocha; chuir sí i gcoinne mo reachtanna, níos measa ná mar chuir na tíortha máguaird; óir thug sí cúl le mo dheasghnátha agus níor shiúil de réir mo reachtanna. ⁷Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí go bhfuil sibh níos ceannaircí ná na ciníocha máguaird, nár shiúil sibh de réir mo reachtanna agus nár chomhlíon sibh mo dheasghnátha, ach gur bheartaigh sibh de réir deasghnátha na gciníocha máguaird; ⁸uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mise anuas oraibh agus daorfaidh mé sibh os comhair na gciníocha. ⁹In éiric bhur n-imeachtaí gránna déanfaidh mé oraibh nithe nach ndearna mé riamh agus nach ndéanfaidh mé choíche arís. ¹⁰Dá bhrí sin íosfaidh bhur n-aithreacha a mic in bhur measc agus bhur mic a n-aithreacha; cuirfidh mé breithiúnas i bhfeidhm oraibh agus scaipfidh mé an t-iarmhar i dtreo na n-uile ghaoth. ¹¹Uime sin, dar mo bheatha – an Tiarna Dia a labhraíonn – chomh cinnte agus a thruailligh sibh mo shanctóir le bhur n-uile uafás agus bhur n-imeachtaí gránna uile, gearrfaidh mé anuas sibh gan anacal gan trócaire. ¹²Éagfaidh trian daoibh den phlá agus den ghorta istigh, titfidh trian leis an gclaíomh máguaird, agus scaipfidh mé trian leis na gaotha uile agus an claíomh ar tarraingt agam ina ndiaidhsean. ¹³“Mar seo a scaoilfidh mé le mo fhearg agus a ídeoidh mo chuthach orthu. Agus nuair a bheidh mo chuthach ídithe orthu tuigfidh siad ansin gur mise, an Tiarna, a labhair le barr éada. ¹⁴Chomh maith leis sin fágfaidh mé bánaithe sibh agus in bhur n-ábhar náire i



measc na gciníocha máguaird agus os comhair cách a théann an bealach. ¹⁵Beidh sibh in bhur n-ábhar náire agus dímheasa, beidh sibh in bhur bhfógra uafáis do na ciníocha máguaird, nuair a ghearrfaidh mé pionóis fhíochmhara oraibh le teann feirge agus cuthaigh. Mise, an Tiarna, a labhair. ¹⁶Scaoilfidh mé in bhur gcoinne saigheada marfacha an ghorta, saigheada a scriosfaidh – óir is d’aonturas chun sibh a scrios a scaoilfidh mé iad – agus scriosfaidh mé bhur stór aráin. ¹⁷Seolfaidh mé gorta agus ainmhithe allta in bhur gcoinne a chreachfaidh bhur sliocht oraibh; rachaidh plá agus fuil tríbh agus cuirfidh mé an claíomh anuas oraibh. Mise, an Tiarna, a labhair.”

I gCoinne Shléibhte Iosrael

6Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh i dtreo shléibhte Iosrael agus tairngir ina gcoinne. ³Abair: A shléibhte Iosrael, éistigí le briathar an Tiarna Dia! Seo mar a deir an Tiarna Dia leis na sléibhte agus na cnoic, leis na cumair agus leis na gleannta: Féach, cuirfidh mé an claíomh anuas oraibh agus scriosfaidh mé bhur n-áiteanna arda. ⁴Bánófar bhur n-altóirí, brisfear bhur scrínte túise; teilgfidh mé síos bhur mairbh os comhair bhur n-íol. ⁵Leagfaidh mé corpáin chlann Iosrael os comhair a n-íol agus scaipfidh mé bhur gcánmha thart timpeall bhur n-altóirí. ⁶Cibé áit a mbeidh cónaí oraibh bánófar bhur gcathracha agus scriosfar bhur n-áiteanna arda ionas go mbeidh bhur n-altóirí bánata [millte], bhur n-íola briste scriosta, bhur scrínte túise réabtha agus bhur n-oibreacha curtha ar ceal. ⁷Titfidh daoine marbh in bhur láthair agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.



⁸“Ach fágfaidh mé cuid agaibh beo; tiocfaidh siad slán ón gclaíomh agus scaipfidh mé i measc na gciníocha iad. ⁹Ansín cuimhneoidh siadsan a d’éalaigh ormsa, agus iad ar díbirt i measc na gciníocha. Mar beidh a gcroí a chuaigh ar seachrán uaim go macnasach [briste agam]; beidh a súile a théann go striapúil i ndiaidh a n-íol dallta agam; agus ar fhéachaint orthu féin dóibh beidh gráin acu orthu mar gheall ar an olc a rinne siad, mar gheall ar a n-uafáis go léir. ¹⁰Tuigfidh siad mar sin gur mise an Tiarna; ní in aisce a dúirt mé go ndéanfainn an t-olc seo orthu.”

¹¹Seo mar a deir an Tiarna Dia: “Buail bosa, buail cosa ar an talamh agus abair: Mo léan, ar son imeachtaí gránna uile mhuintir Iosrael; óir titfidh siad leis an gclaíomh, leis an ngorta agus leis an bplá. ¹²An duine atá i gcéin, éagfaidh sé den phlá; an duine atá sa chongar, titfidh sé leis an gclaíomh; agus an duine a thagann slán uathusan, éagfaidh sé leis an ngorta; mar sin a ídeoidh mé mo chuthach orthu. ¹³Agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna nuair a luífidh a gcorpáin ansin i measc a n-íol timpeall a n-altóirí máguaird, ar gach cnoc ard, ar mhullach gach sléibhe, faoi gach crann glas, faoi gach dair dhuilleach, cibé áit ar íobair siad boladh cumhra dá n-íola uile. ¹⁴Sínfidh mé mo lámh amach ina gcoinne, creachfaidh mé agus bánóidh mé an tír uile, aon áit a bhfuil cónaí orthu, ón bhfásach go Ribleá. Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.”

Tá Deireadh Tagtha

7Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, seo mar a deir an Tiarna Dia le tír Iosrael: Tá deireadh tagtha, deireadh le ceithre aird na tíre. ³Anois tá deireadh



leat! Scaoilfidh mé le mo fhearg ort agus gearrfaidh mé pionós ort mar atá tuillte agat agus daorfaidh mé thú as d'imeachtaí gránna uile. ⁴Ní thaispeánfaidh mé anacal ná trócaire ach tú a chúiteamh mar atá tuillte agat fad agus tá d'imeachtaí gránna le feiceáil. Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna.

⁵“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tubaiste ar mhullach tubaiste! Féach é ag teacht! ⁶Tá deireadh tagtha, tá an deireadh tagtha! Féach é ag teacht agus é chugat ina dhúiseacht. ⁷Tá do shealsa buailte leat, a áitritheoir na tíre seo; tá an uair tagtha, an lá ar láimh, lá clampair agus ní lá gairdis ar na sléibhte. ⁸Ar ball beag doirtfidh mé mo fhearg ort, ídeoidh mé mo chuthach ort agus gearrfaidh mé pionós ort mar atá tuillte agat agus daorfaidh mé thú as d'imeachtaí gránna uile. ⁹Ní thaispeánfaidh mé anacal ná trócaire; gearrfaidh mé pionós ort mar atá tuillte agat fad agus tá d'imeachtaí gránna le feiceáil. Tuigfidh tú ansin gur mise, an Tiarna, a bhuaileann.

¹⁰“Ag seo an lá! Féach é ag teacht! Tá do shealsa buailte leat; tá an sciúirse réidh agus an díomas in ard a réime. ¹¹Tá an foreígean fásta mar sciúirse na hurchóide; ní mhairfidh aon duine díobh, ná a bhflúirse, ná a rachmas; agus ní bheidh teacht ar oirearcas ina measc. ¹²Tá an uair tagtha, an lá ar láimh. Ná gairdíodh an ceannaí agus ná caoineadh an díoltóir; táthar i bhfearg leo go léir. ¹³Óir ní fhillfidh an díoltóir lena bheo ar ar dhíol sé; leanfaidh siad go léir ag peacú siúd is nach neartófar iad dá bharr. ¹⁴Shéid siad an trumpa agus chuir gach rud i gcóir; ach ní théann duine ar bith chun catha, óir tá mise i bhfearg leo go léir le chéile.



Peacaí Iosrael

¹⁵“Tá an claíomh amuigh; tá an phlá agus an gorta istigh. An duine sa pháirc, éagfaidh sé leis an gclaíomh; an duine sa chathair, maróidh an gorta agus an phlá é. ¹⁶Agus má théann aon chuid acu slán, beidh siad ar na sléibhte amhail coilim na ngleannta, an t-iomlán acu ag caoineadh, gach duine i dtaobh a pheacaí féin. ¹⁷Tá an uile lámh lag, an uile ghlúin fann mar uisce. ¹⁸Crioslaíonn siad iad féin le sacéadach, agus iad uile ar ballchrith le huafás. Tá náire ar an uile aghaidh agus maoile ar an uile cheann. ¹⁹Caitheann siad a gcuid airgid sna sráideanna agus is ábhar dímheasa acu a gcuid óir. Ní fhuasclófar iad de thairbhe airgid ná óir lá feirge an Tiarna; níl ar a gcumas seo an t-ocras a shásamh ná an bolg a líonadh dóibh. Óir ba iadsan ba chionsiocair leis an urchóid acu. ²⁰Bhain siad feidhm dhíomasach as a n-ornáidí áille; rinne siad a n-íomhánna urchóideacha agus a n-íola déistíneacha leo. Dá bhrí sin fágfaidh mé mar ábhar uafáis acu iad. ²¹Tabharfaidh mé ar láimh iad do na coimhthígh mar chreach, do bhithiúnaigh na tíre mar éadáil; agus truailleoidh siad iad. ²²Iompóidh mé m’aghaidh uathu, rud a fhágfaidh go dtruailleoidh siad mo chiste; rachaidh na meirligh isteach agus truailleoidh siad é.

²³“Déan slabhra duit féin; óir tá an tír lán de choireanna fuilteacha agus an chathair lán d’fhoréigean. ²⁴Tabharfaidh mé ar dhíogha na gciníocha dul i seilbh a dtithe; cuirfidh mé deireadh lena neart díomasach agus truailleofar a n-áiteanna naofa. ²⁵Nuair a thiocfaidh an crá iarrfaidh siad síocháin, ach ní bheidh sí ar fáil.

²⁶Tagann tubaiste ar mhullach tubaiste, ráfla ar mhullach ráfla; iarrann siad fíis ar an bhfaidh; ach teipeann an dlí ar an sagart agus an chomhairle ar na sinsir. ²⁷Tá an rí ag gol,



tá an prionsa in anacair chroí, tá lámha mhuintir na tíre ar crith le huafás. Roinnfidh mé leo mar atá tuillte acu agus gearrfaidh mé pionós orthu de réir a mbreithiúnais féin; agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna.”

Imeachtaí Gránna sa Teampall

8 Sa séú bliain, ar an gcúigiú lá den séú mí, agus mé i mo shuí sa bhaile agus sinsir Iúdá ina suí os mo chomhair, thit lámh an Tiarna Dia orm ansiúd.² D’amharc mé uaim agus chonaic neach i riocht fir. Síos ó chló a leasraigh bhí tine le feiceáil; agus óna leasrach suas bhí cuma gheal air amháil prás snasta.³ Shín sé amach mar a bheadh lámh agus rug ar dhual gruaige orm, agus d’ordaigh an spiorad mé idir neamh agus talamh; agus thug go Iarúsailéim mé i bhfíseanna ó Dhia, chuig an ngeata isteach go dtí an chúirt inmheánach lastuaidh, mar a suíodh íomhá an éada agus í ag griosú chun éada.⁴ Agus féach, bhí glóir Dé Iosrael ansin mar an fhís a chonaic mé sa ghleann.⁵ Dúirt sé liom ansin: “A mhic an duine, ardaigh do shúile anois i dtreo an tuaiscirt.” D’ardaigh mé mo shúile i dtreo an tuaiscirt agus féach, sa bhealach isteach ó gheata na haltóra lastuaidh bhí íomhá seo an éada.⁶ Dúirt sé liom: “A mhic an duine, an bhfeiceann tú a bhfuil ar siúl acu, na himeachtaí gránna atá ag muintir Iosrael anseo le mise a ruaigeadh i bhfad ó mo shanctóir? Ach feicfidh tú imeachtaí gránna níos measa fós.”

⁷Rug sé mé ansin go doras na cúirte; agus ar dhearcadh uaim chonaic mé poll sa bhalla.⁸ Dúirt sé liom: “A mhic an duine, tochail sa bhalla.” Ar thochailt dom chonaic mé doras.⁹ Dúirt sé liom: “Isteach leat agus féach na himeachtaí gránna atá ar siúl acu



anseo.”¹⁰ D’imigh mé isteach agus dhearc; bhí péisteanna agus ainmhithe míofara de gach sórt, agus íola uile mhuintir Iosrael línithe ar an mballa máguaird.¹¹ Ina seasamh rompu bhí seachtó de shinsir mhuintir Iosrael agus Iázainia mac Sheáfán ina measc; a cheansa ina láimh ag gach duine acu agus néal túise ag éirí as.¹² Dúirt sé liom ansin: “A mhic an duine, an bhfuil feicthe agat cad tá ar siúl ag sinsir mhuintir Iosrael sa dorchadas, gach fear acu ina sheomra daite féin? Óir deir siad: ‘Ní fheiceann an Tiarna sinn, tá an tír tréigthe ag an Tiarna.’”¹³ Dúirt sé liom fosta: “Feicfidh tú imeachtaí gránna níos measa fós ar siúl acu.”

¹⁴ Ansin rug sé go doras gheata thuaidh theach an Tiarna mé; agus féach, bhí mná ina suí ansin ag gol ar son Tamúz.¹⁵ Dúirt sé liom ansin: “An bhfuil seo feicthe agat, a mhic an duine? Feicfidh tú imeachtaí gránna níos measa fós.”

¹⁶ Rug sé go cúirt inmheánach theach an Tiarna mé; agus féach, ag doras Theampall an Tiarna, idir an póirse agus an altóir, bhí tuairim is cúigear fear is fiche, a ndroim le Teampall an Tiarna, a n-aghaidh leis an oirthear, agus iad ag adhradh na gréine i dtreo an oirthir.¹⁷ Dúirt sé liom ansin: “An bhfuil seo feicthe agat, a mhic an duine? Nach bhfuil sé suarach go leor ag muintir Iúdá go mbíonn a leithéid d’imeachtaí gránna ar siúl acu anseo, go líonann siad an tír le foréigean agus go ngríosaíonn siad chun tuilleadh feirge mé? Féach, cuireann siad an chraobh lena srón.”¹⁸ Dá bhrí sin, smachtóidh mé iad le teann feirge, gan anacal gan trócaire. Glaoidís orm in ard a gcinn; ach ní thabharfaidh mé aon aird orthu.”



Pionós na nÍol tóirí

9 Ghlaoih sé ansin de ghuth ard agus mé ag éisteach leis: “Druidigí anseo, a scriostóirí na cathrach, agus a uirlis scriosta ina lámh ag gach fear agaibh.”² Agus féach, tháinig seisear fear ó threo an gheata is faide ó thuaidh, a uirlis scriosta ina lámh ag gach fear acu, agus bhí fear in éadach lín ina measc a raibh adharc dúigh scríobhaí ina chrios. D’imigh siad isteach agus sheas le taobh na haltóra práis.³ D’ardaigh glóir Dhia Iosrael ó na ceiribíní, mar a raibh sí, go tairseach an tí; agus ghlaoih sé ar an bhfear in éadach lín a raibh adharc dúigh ina chrios.⁴ Dúirt an Tiarna leis: “Imigh ar fud na cathrach, ar fud Iarúsailéim, agus cuir comhartha croise ar éadan na ndaoine go léir a osnaíonn agus a mhairgníonn mar gheall ar na himeachtaí gránna uile a bhíonn ar siúl inti.”⁵ Chuala mé é ag rá leis an gcuid eile: “Gabhaigí tríd an gcathair ina dhiaidh agus buailigí gan anacal gan trócaire.⁶ Maraigí ar áit na mbonn idir fhir – sean agus óg – agus chailíní, idir pháistí agus mhná; ach ná bainigí d’aon duine a bhfuil an comhartha air. Tosaigí ag mo shanctóirse.” Thosaigh siad, dá bhrí sin, leis na sinsir a bhí os comhair an Teampaill.⁷ Dúirt sé leo ansin: “Truailigí an Teampall agus líonaigí na cúirteanna leis na mairbh, agus gluaisigí libh.” D’imigh siad leo agus mharaigh siad rompu ar fud na cathrach.⁸ Agus iad ag marú leo, agus mise fágtha liom féin, shléacht mé go talamh agus chaoin os ard: “A Thiarna Dia, an scriosfaidh tú iomlán a bhfuil fágtha d’Iosrael sa taom feirge seo i gcoinne Iarúsailéim?”⁹ Dúirt sé liom ansin: “Is an-mhór ciontacht mhuintir Iosrael agus Iúdá, tá an tír lán d’fhuil agus an chathair lán d’urchóid; óir deir siad: ‘Tá an tír tréigthe ag an Tiarna, níl radharc ná súl ag an Tiarna.’¹⁰ Maidir liom féin, tabharfaidh



mé chun cúitimh iad, gan anacal gan trócaire.” ¹¹ Agus féach, an fear in éadach lín agus adharc dúigh scríobhaí ina chrios thug sé scéal leis ar ais ag rá: “Rinne mé mar a d’ordaigh tú dom.”

10 D’amharc mé ansin agus chonaic san fhirimint os cionn chloigne na gceiribíní mar a bheadh saifír i riocht ríchathaoireach. ² Dúirt sé leis an bhfear in éadach lín: “Imigh isteach idir na rothaí atá ag casadh thart faoi na ceiribíní; tóg mám d’aibhleoga as an tine atá idir na ceiribíní, agus scaip iad ar fud na cathrach.” Isteach leis agus mé ag amharc air.

³ Bhí na ceiribíní ina seasamh ar dheisceart an Teampaill ar dhul isteach don fhear; agus líonadh an chúirt inmheánach le néal. ⁴ D’éirigh glóir an Tiarna ó na ceiribíní go tairseach an tí; bhí an teach líonta leis an néal agus an chúirt lán de ghile ghlóir an Tiarna. ⁵ Bhí fuaim sciatháin na gceiribíní le clos fad leis an gcúirt sheachtrach, dála ghuth Dé Uilechumhachtaigh nuair a labhraíonn sé.

⁶ Nuair a d’ordaigh sé d’fhear an éadaigh lín aibhleoga a ghlacadh ón tine a bhí faoi na rothaí idir na ceiribíní, chuaigh sé isteach agus sheas in aice le roth. ⁷ Shín ceiribín amháin a lámh (idir na ceiribíní) i dtreo na tine a bhí idir na ceiribíní, agus thóg aibhleoga di agus chuir i lámha fhear an éadaigh lín iad. Ghlac seisean iad agus d’imigh amach.

⁸ Chonacthas [dom] go raibh mar a bheadh lámh duine faoina sciatháin ag na ceiribíní.

⁹ D’amharc mé: bhí ceithre roth le hais na gceiribíní, roth le hais gach ceiribín acu; bhí cuma na rothaí mar dhrithliú criosailít. ¹⁰ Bhí an chuma chéanna ar an gceathrar agus iad mar a bheadh roth i lár rotha. ¹¹ Ag gluaiseacht dóibh d’imigh siad i dtreo aon cheann de na ceithre threo gan claonadh óna cursa; cibé treo a dtéadh an roth tosaigh leanadh na



rothaí eile é, gan claonadh óna gcúrsa. ¹²Bhí a gcoirp agus a ndroimeanna, a lámha agus a sciatháin, agus a rothaí lán de shúile thart timpeall – is é sin na rothaí a bhí ag an gceathrar. ¹³Chuala mé rothaí rothlaim a thabhairt mar ainm ar na rothaí. ¹⁴Bhí ceithre aghaidh ar gach ceann acu: aghaidh [daimh] ab ea an chéad aghaidh, aghaidh duine an dara ceann, aghaidh leoin an tríú ceann agus aghaidh iolair an ceathrú ceann. ¹⁵D’éirigh na ceiribíní san aer: ba iad na dúile a chonaic mé ag an abhainn Ceabár. ¹⁶Nuair a ghluaiséadh na ceiribíní, ghluaiséadh na rothaí lena n-ais; agus nuair a spréadh na ceiribíní a sciatháin le héirí suas ón talamh, ní chlaonadh na rothaí (ó bheith lena n-ais). ¹⁷Nuair a stadaidís stadadh na rothaí fosta; nuair a d’éirídís ón talamh d’éirídís siúd ina gcuideachta; óir bhí spiorad na ndúl sna rothaí.

Fágann Glóir an Tiarna an Teampall

¹⁸Tháinig glóir an Tiarna amach ó thairseach an Teampaill agus sheas os cionn na gceiribíní. ¹⁹Spréigh na ceiribíní a sciatháin agus d’éirigh ón talamh; bhí mise ag amharc orthu agus na rothaí ag imeacht lena n-ais. Sheas siad ag an mbealach isteach ag geata thoir Theampall an Tiarna agus glóir Dhia Iosrael os a gcionn. ²⁰Ba iad seo na dúile a chonaic mé faoi Dhia Iosrael ag an abhainn Ceabár agus bhí fhios agam gur cheiribíní iad. ²¹Bhí ceithre aghaidh agus ceithre sciathán ag gach ceann acu agus cosúlacht lámha duine faoi na sciatháin. ²²Agus ba é cosúlacht a n-aghaidheanna na haghaidheanna céanna a bhfaca mé a gcosúlacht ag an abhainn Ceabár. Chuaigh gach ceann acu caol díreach ar aghaidh.



Pionós an Chúigir is Fiche

11 Thóg an spiorad ansin mé agus rug mé go geata thoir Theampall an Tiarna, an geata a fhéachann soir. Ar an mbealach isteach ag an ngeata bhí cúigear fear is fiche agus ina measc chonaic mé Iázainia mac Azur agus Palaitia mac Bhanáia, uachtaráin an phobail. ²“A mhic an duine,” arsan Tiarna, “seo lucht na drochchomhcheilge a thugann comhairle a haimhleasa don chathair seo; ³na daoine a deir: ‘[Nach bhfuil] sé in am againn tithe a thógáil? Is coire an chathair seo agus is sinne an fheoil.’ ⁴Dá bhrí sin, tairngir ina gcoinne, tairngir, a mhic an duine!” ⁵Tháinig spiorad an Tiarna anuas orm agus dúirt sé liom: “Abair: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Sin mar a mheasann sibh, a mhuintir Iosrael, mar tá fios bhur smaointe agamsa. ⁶Mhéadaigh sibh líon bhur marbh sa chathair seo, líon sibh na sráideanna le corpáin. ⁷Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna: Na mairbh a leag sibh inti, is iadsan an fheoil agus is í an chathair an coire; ach tá sé ar intinn agam sibh a thiomáint amach aisti. ⁸B’eagal libh an claíomh agus tabharfaidh mé an claíomh anuas oraibh – an Tiarna Dia a labhraíonn. ⁹Tiomáinfidh mé amach sibh, tabharfaidh mé suas do na coimhthígh sibh, agus gearrfaidh mé pionós oraibh. ¹⁰Titfidh sibh leis an gclaíomh ar thalamh Iosrael, gearrfaidh mé pionós oraibh agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna. ¹¹Ní bheidh an chathair seo ina coire agaibh ná sibhse in bhur bhfeoil istigh; gearrfaidh mé pionós oraibh ar thalamh Iosrael, ¹²agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna. Níor shiúil sibh de réir mo reachtanna agus níor chomhlíon sibh mo dheasghnátha; ach chleacht sibh gnásanna na gciníocha máguaird.’”



¹³Tharla, agus mé ag tairngreacht, gur éag Palaitia mac Bhanáíá. Shléacht mé go talamh agus bhéic os ard: “A Thiarna Dia, an bhfuil sé leagtha amach agat iarmhar Iosrael a dhíothú?”

Iosrael Nua á Ghealladh

¹⁴Tháinig briathar an Tiarna chugam ansin: ¹⁵“A mhic an duine, do bhráithre – is é sin do dheartháireacha, fir do chine, muintir iomlán Iosrael – dúirt muintir Iarúsailéim leo: ‘D’imigh sibhse i bhfad ón Tiarna; is dúinne a tugadh an tír seo mar oidhreacht.’ ¹⁶Abair, dá bhrí sin: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cé gur theilg mé i bhfad uaim iad i measc na gciníocha agus gur scaip mé iad ar fud na dtíortha, ba shanctóir dóibh mé ar feadh tamaill sa tír ina ndeachaigh siad.’ ¹⁷Abair, dá bhrí sin: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cruinneoidh mé sibh ó na ciníocha, cruinneoidh mé sibh as na tíortha inar scaipeadh sibh agus bronnfaidh mé fearann Iosrael oraibh.’ ¹⁸Ar theacht ansin dóibh ruaigfidh siad glan idir uafáis agus imeachtaí gránna aisti. ¹⁹Tabharfaidh mé aon croí amháin dóibh, cuirfidh mé spiorad úr isteach iontu: aistreoidh mé an croí cloiche óna gcorp agus tabharfaidh mé croí feola dóibh, ²⁰ionas go siúlfaidh siad de réir mo reachtanna agus go gcomhlíonfaidh siad mo dheasghnátha gan faillí a dhéanamh; agus beidh siad ina bpobal agamsa agus mise i mo Dhia acusan. ²¹Ach i dtaobh an dreama a dtéann a gcroí sa tóir ar uafáis agus ar imeachtaí gránna, cúiteoidh mé a ngníomhartha leo féin – an Tiarna Dia a labhraíonn.”



Fágann Glóir an Tiarna Iarúsailéim

²² Ansin spréigh na ceiribíní a sciatháin amach agus na rothaí lena n-ais, agus bhí glóir an Tiarna os a gcionn. ²³ D'éirigh glóir an Tiarna ó lár na cathrach agus sheas ar an sliabh ar oirthear na cathrach. ²⁴ Thóg an spiorad mé agus rug mé i bhfís ó spiorad Dé go Caildéa, chuig na deoraithe. An fhís a chonaic mé d'imigh sí ar shiúl uaim ansin, ²⁵ agus d'inis mé do na deoraithe ar thaispeáin an Tiarna dom.

Geáitsíocht an Eisimircigh

12 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ² “A mhic an duine, tá cónaí ort le dream ceannairceach a bhfuil radharc na súl acu ach nach bhfeiceann siad, a bhfuil cluas le héisteacht acu ach nach gcluineann siad; óir is ceannairceach an dream iad. ³ Dá bhrí sin, a mhic an duine, bailigh leat mála taistil le haghaidh deoraíochta agus imigh leat amach de lá os comhair a súl; rachaidh tú ar deoraíocht ó d'áit féin go háit eile os comhair a súl. B'fhéidir go dtuigfidh siad cé gur dream ceannairceach iad. ⁴ Tabharfaidh tú do mhála taistil amach de lá os comhair a súl mar mhála taistil deoraí; agus imeoidh tú leat sa tráthnóna os a gcomhair mar a dhéanann fir a théann ar deoraíocht faoi éigean. ⁵ Tochail tríd an mballa os a gcomhair agus amach leat tríd. ⁶ Tógfaidh tú an mála taistil ar do ghualainn os a gcomhair agus tabharfaidh tú amach é sa dorchadas. Clúdóidh tú d'aghaidh ionas nach bhfeicfidh tú an talamh; óir rinne mé comhartha díot do mhuintir Iosrael.”



⁷Rinne mé mar a ordaíodh dom. Thug mé mo mhála taistil amach de lá amhail mála taistil deoraí, agus um tráthnóna thochail mé tríd an mballa le mo lámha féin. Chuaigh mé amach sa dorchadas ag iompar mo mhála ar mo ghualainn os a gcomhair.

⁸Tháinig briathar an Tiarna chugam ar maidin: ⁹“A mhic an duine, nár fhiafraigh muintir Iosrael, an dream ceannairceach sin, díot cad a bhí ar siúl agat?” ¹⁰Abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Baineann an tairngreacht seo leis an uachtarán in Iarúsailéim agus le muintir uile Iosrael atá ansin.’ ¹¹Abair: ‘Is comhartha mise daoibh: mar a rinne mise déanfar amhlaidh leosan; rachaidh siad ar deoraíocht, i mbraighdeanas.’ ¹²An t-uachtarán ina measc tógfaidh sé a mhála taistil ar a ghualainn sa dorchadas agus imeoidh sé leis; tochlóidh sé tríd an mballa agus rachaidh sé amach. Clúdóidh sé a aghaidh ionas nach bhfeicfidh sé an talamh lena shúile. ¹³Leathnóidh mise mo líon air agus rachaidh sé i bhfostú i mo mhogall; tabharfaidh mé liom é go dtí an Bhablóin i dtír na gCaildéach, cé nach bhfeicfidh sé é; agus gheobhaidh sé bás ansin. ¹⁴Agus cách dá bhfuil thart air idir chúntóirí agus thrúpaí, scaipfidh mé iad le gach gaoth agus nochtfaidh mé claíomh ina ndiaidh. ¹⁵Tuigfidh siad gur mise an Tiarna nuair a ruaigfidh mé iad ar fud na dtíortha. ¹⁶Ach fágfaidh mé beagán acu saor ón gclaíomh, ón ngorta agus ón bplá, ionas go n-admhóidh siad a n-imeachtaí gránna uile ar fud na gciníocha mar a dtéann siad, agus go dtuigfidh siad gur mise an Tiarna.”

¹⁷Lena chois sin tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁸“A mhic an duine, bí ar crith agus tú ag ithe do chuid aráin; bíodh eagla d’anama ort agus tú ag ól uisce. ¹⁹Abair le pobal na tíre: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia faoi áitritheoirí Iarúsailéim i dtír Iosrael: Íosfaidh siad a n-arán le faitíos agus ólfaidh siad a n-uisce le huafás, toisc go mbeidh an



tír ina fásach lom ó fhoréigean na n-áitritheoirí. ²⁰ Bánófar na cathracha cónaithe agus scriosfar an tír; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.”

Fonóid Faoin Tairngreacht

²¹ Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²² “A mhic an duine, cad é an seanfhocal úd atá agaibh i dtír Iosrael a deir: ‘Éiríonn na laethanta fada agus tagann deireadh le gach fíis’? ²³ Abair leo, dá bhrí sin: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cuirfidh mise deireadh leis an seanfhocal seo agus ní bhainfidh siad feidhm as mar sheanfhocal níos mó in Iosrael.’ Ach abair leo: ‘Tá na laethanta ar láimh agus cuirfear gach fíis i gcrích. ²⁴ Óir ní bheidh feasta i measc mhuintir Iosrael fíis bhaoth ná tairngreacht bhréige. ²⁵ Ach mise, an Tiarna, a labhróidh an briathar agus cuirfear i gcrích é. Ní bheidh a thuilleadh cairde ann; ach, a dhream cheannaircigh, labhróidh mé an briathar agus cuirfidh i gcrích é le bhur linn – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

²⁶ Tháinig briathar an Tiarna chugam arís: ²⁷ “A mhic an duine, féach, deir muintir Iosrael: ‘An fhís a fheiceann sé tá sí mórán laethanta uainn fós; tairngríonn sé faoi am i bhfad romhainn.’ ²⁸ Dá bhrí sin, abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ní chuirfear aon chuid de mo bhriathra ar cairde a thuilleadh, ach an briathar a labhraím cuirfear i gcrích é – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

I gCoinne na bhFáithe Bréige

13 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ² “A mhic an duine, tairngir i gcoinne fháithe Iosrael, tairngir agus abair leosan a thairngríonn as a stuaim féin: ‘Éistigí le



briathar an Tiarna.’³ Seo mar a deir an Tiarna Dia: Is mairg do na fáithe baotha a leanann a spiorad féin gan aon rud a fheiceáil.⁴ Tá d’fháithe amhail sionnaigh i lár fothrach, a Iosrael.

⁵“Ní dheachaigh sibh suas sna bearnaí ná níor dhaingnigh sibh muintir Iosrael, ionas go seasfaidís sa chath lá an Tiarna.⁶ Bíonn físeanna baotha agus tairngreachtaí bréige acu agus deir siad: ‘Is é an Tiarna a labhraíonn’; cé nach é an Tiarna a chuireann uaidh iad; agus iad ag súil leis ina ainneoin sin go bhfíorófar a mbriathra.⁷ An amhlaidh nach baoth an fhís a chonaic sibh agus nach bréagach an tairngreacht nuair a deir sibh: ‘Is é an Tiarna a labhraíonn’; nuair nár labhair mé ar chor ar bith?”

⁸Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: “Ar an ábhar gur labhair sibh go díomhaoin agus go bhfaca sibh bréaga, féach, tá mise in bhur gcoinne – an Tiarna Dia a labhraíonn.

⁹Sínfidh mé mo lámh i gcoinne fáithe na bhfíseanna baotha agus na dtairngreachtaí bréige. Ní bheidh áit acu ar ardchomhairle mo phobail, ní chlárófar iad ar rolla mhuintir Iosrael, ní leagfaidh siad cos ar thalamh Iosrael, agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna Dia.¹⁰ Óir tá mo phobal ar seachrán acu ag fogairt na síochána nuair nach bhfuil aon síocháin ann; tá brat aoil daite ar an mballa acu nuair is balla nua a thógfaidh an pobal.

¹¹Abair leo siúd a dhathaíonn é le haol go dtitfidh sé. Beidh tuile bháistí ann, titfidh clocha móra sneachta, séidfidh stoirm ghaoithe;¹² agus nuair a thitfidh an balla nach ndéarfar libh: ‘Cá bhfuil an t-aol lenar dhathaigh sibh é?’¹³ Dá bhrí sin, is mar seo a deir an Tiarna Dia: Scaoilfidh mé stoirm ghaoithe lena réabadh agus fearg orm, scaoilfidh tuile bháistí agus cuthach orm, clocha móra sneachta agus fraoch orm.¹⁴ Sciosfaidh mé an balla a dhathaigh sibh le haol agus teilgfidh mé go talamh é, ionas go bhfágfar a



bunsraith nocht. Titfidh sé agus caillfear sibhse ina lár; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.

¹⁵“Sin mar a ídeoidh mé mo fhearg ar an mballa agus orthusan a dhathaigh é le haol. Déarfaidh mé libh: Tá deireadh leis an mballa agus leo siúd a dhathaigh é, ¹⁶leis na fáithe sin de chuid Iosrael a thairngir faoi Iarúsailéim agus a chonaic físeanna síochána nuair nach raibh aon síocháin ann – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Na Banfháithe Bréige

¹⁷“Tusa, a mhic an duine, iompaigh in aghaidh iníonacha do mhuintire a thairngríonn as a stuaim féin; tairngir ina gcoinne. ¹⁸Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Is mairg do na mná a fhuann rufaí ar an uile chaol lámhe, a dhéanann caillí cinn do chách idir ard agus íseal, chun anamacha a chur i sáinn. An ndéanfaidh sibhse anamacha mo phobail a chur i sáinn agus aire a thabhairt d’anamacha eile ar mhaithe libh féin? ¹⁹Mhaslaigh sibh mise os comhair mo phobail féin ar son dornáin eorna agus blúirí aráin, á marú siúd nár chóir a mharú agus ag cothú dream nár chóir a chothú, trí bhréaga a insint do mo phobal a dtaitníonn leo éisteacht le bréaga.

²⁰“Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Is beag orm bhur rufaí lena dtóraíonn sibh na hanamacha (amhail éanlaith); réabfaidh mé ó chaolta bhur lámh iad agus fuasclóidh mé na hanamacha a thóraíonn sibh amhail éanlaith. ²¹Réabfaidh mé bhur gcaillí mar an gcéanna, saorfaidh mé mo phobal uaibh agus ní bheidh siad i ngreim mar chreach agaibh feasta; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna. ²²De bhrí gur chuir sibh inní le



bréaga ar an bhfíréan nár chuir mise inní air; agus gur spreag sibh an ciontach ionas nach gcasfadh sé óna drochiompar lena bheatha a shlanú; ²³dá bhrí sin uile, ní fheicfidh sibh níos mó na físeanna baotha, ní dhéanfaidh sibh fáistine; fuasclóidh mé mo phobal as bhur lámha. Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna.”

I gCoinne an Íoladhartha

14 Tháinig dream de sheanóirí Iosrael chugam ansin agus shuigh os mo chomhair. ²Tháinig briathar an Tiarna chugam: ³“A mhic an duine, tá a gcroí istigh ag an dream seo sna híola atá acu; breathnaíonn siad le taitneamh ar bhunchúis a n-urchóide. Ar chóir dom ligean dóibh mo thuairisc a chur ar chor ar bith? ⁴Dá bhrí sin, labhair leo; abair seo leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cibé fear de mhuintir Iosrael a bhfuil a chroí istigh sna híola atá aige agus a bhreathnaíonn le taitneamh ar bhunchúis a urchóide agus a thagann ina dhiaidh sin chuig an bhfáidh, gheobhaidh sé freagra uaimse, an Tiarna, mar gheall ar iomad a íol’, ⁵ionas go meallfaidh mé chugam na croíthe de mhuintir Iosrael go léir a thug cúl liom ar son a n-íol.

⁶“Dá bhrí sin, abair le muintir Iosrael: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Déanaigí aithrí, iompaigí ó bhur n-íola agus tréigigí bhur n-imeachtaí gránna uile. ⁷Cibé fear de mhuintir Iosrael – nó de na coimhthígh atá ag cur fúthu in Iosrael – a thugann cúl liomsa, a ghlacann chuige féin ina chroí istigh na híola atá aige, a shuíonn bunchúis a urchóide os a chomhair amach agus a thagann ina dhiaidhsean chuig fáidh ag cur mo thuairisce, freagróidh mise, an Tiarna, é de mo dheoin féin. ⁸Diúltóidh mé don fhear sin, déanfaidh



mé sampla agus solaoid de, gearrfaidh mé amach é as lár mo phobail, agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna. ⁹Má bhíonn an fáidh meallta, mise, an Tiarna, a mheall an fáidh sin; sínfidh mé amach mo lámh ina choinne agus scriosfaidh mé é as lár mo phobail, Iosrael.

¹⁰Fulaingeoidh siad pionós agus beidh an pionós céanna ann don fháidh agus don duine a chuireann tuairisc; ¹¹ionas nach seachránfaidh muintir Iosrael uaim arís agus nach dtruaileoidh siad iad féin níos mó lena gcionta, ach go mbeidh siad ina bpobal agamsa agus mise i mo Dhia acusan – an Tiarna a labhraíonn.”

Freagracht Phearsanta

¹²Tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹³“A mhic an duine, dá bpeacódh tír i mo choinne trí mhídhílseacht agus go sínfinn amach mo lámh ina choinne, go mbrisfinn a stór aráin agus gorta a sheoladh chuige agus gach fear agus ainmhí ann a scrios as; ¹⁴dá mbeadh fiú an triúr seo ann, Naoi, Dainéil agus Iób, ní thabharfaidís slán de bharr a bhfréantachta ach a mbeatha féin amháin – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁵Dá scaoilfinn ainmhithe allta ar fud na tíre agus go gcreachfaidís agus go mbánóidís é ionas nach mbeadh sé intaistil mar gheall ar na hainmhithe; ¹⁶dá mbeadh fiú an triúr seo ann, dar mo bheatha – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní thabharfaidís mac ná iníon slán ach iad féin amháin agus bhánófaí an talamh. ¹⁷Nó dá dtabharfainn claíomh ar an tír sin agus a rá: Téadh an claíomh tríd an tír, agus go scriosfainn gach fear agus ainmhí amach as; ¹⁸dá mbeadh fiú an triúr seo ann, ní thabharfaidís mac ná iníon slán ach iad féin amháin, dar mo bheo – is é an Tiarna a labhraíonn. ¹⁹Nó dá seolfainn plá chun na tíre sin agus



m'fhearg a ídiú ann le fuil ionas go scriosfaí gach fear agus ainmhí ann; ²⁰dá mbeadh fiú Naoi, Dainéil agus Iób ann, dar mo bheatha – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní thabharfaidís slán de bharr a bhfíréantachta ach a mbeatha féin amháin.

²¹“Seo mar a deir an Tiarna: Nach mó fós a tharlóidh nuair a ghearrfaidh mé mo cheithre phionós nimhneacha ar Iarúsailéim – an claíomh, an gorta, ainmhithe allta agus an phlá – ionas go scriosfar ann gach fear agus ainmhí! ²²Ach má fhágtar aon duine ann le bhur mic agus bhur n-iníonacha a tharrtháil; nuair a thiocfaidh siad chugaibh agus nuair a fheicfidh sibh a n-iompar agus a ngníomhartha, gheobhaidh sibh sólas cúitimh as an olc a thug mé ar Iarúsailéim, as ar tharraing mé anuas uirthi. ²³Tabharfaidh siad sólas daoibh nuair a fheiceann sibh a n-iompar agus a ngníomhartha; agus tuigfidh sibh nach gan fáth a rinne mé gach rud mar a rinne – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Parabal na Fíniúna

15 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine conas a sháraíonn adhmaid na fíniúna aon adhmaid eile ó chraobh crainn san fhóraois?

- ³ An mbaintear a hadhmaid le haon rud a dhéanamh as?
- An mbaintear bacán as le soitheach a chrochadh air?



⁴Féach ansin é!
 á chaitheamh ar an tine mar chonnadh.
 Dóinn an tine dhá cheann;
 deargann an lár ina aibhleog;
 An bhfuil maith ar bith ann a thuilleadh?

⁵Nuair a bhí sé iomlán
 ní raibh aon mhaith ann
 le haon rud a dhéanamh as;
 anois agus é dóite gualaithe
 nach lú fós an mhaith atá ann?

⁶“Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dála adhmaid na fíniúna i measc crainn na foraoise a thug mé don tine mar chonnadh, mar sin a chaithfidh mé áitritheoirí Iarúsailéim uaim. ⁷Iompóidh mé m’aghaidh ina gcoinne, agus cé go n-éalóidh siad ón tine slogfaidh sí beo iad fós. Tuigfidh tú gur mise an Tiarna nuair a iompóidh mé m’aghaidh ina gcoinne, ⁸agus nuair a bhánóidh mé an talamh in éiric a mídhílseachta – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

An Bhean Chéile Mhídhílis

16Tháinig briathar an Tiarna chugam arís: ²“A mhic an duine, cuir in iúl a himeachtaí gránna do Iarúsailéim. ³Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia le Iarúsailéim: Is de



thír na gCanánach do bhunadh agus do bhreith; ba Amórach d’athair agus Hiteach do mháthair. ⁴Ar bhreith duit, ar lá do bhreithe féin, níor gearradh d’imleacán, níor níodh in uisce thú le do ghlanadh; níor sailleadh thú ná níor cuireadh i gcrios ceangail thú. ⁵Níor dhearc aon duine ort le trua duit, le haon ghníomh trócaire díobh seo a dhéanamh duit; teilgeadh amach thú ar an mblár folamh i d’ábhar déistine an lá a rugadh thú.

⁶“Ar ghabháil tharat dom agus tú a fheiceáil i do chrólúí féin, dúirt mé leat agus an fhuil umat: ‘Mair, ⁷agus fás amhail féar na páirce.’ D’fhás tú, mhéadaigh agus tháinig ann duit; bhí do chíocha cumtha agus do ghruaig fásta, ach bhí tú lom tarocht go fóill. ⁸Ar ghabháil tharat arís dom d’amharc mé ort. Bhí tú aibí chun grá; leath mé beann mo chlóca ort agus chlúdaigh do tharnochtacht: sea, thug mé mionn duit, chuaigh mé i gconradh leat – an Tiarna Dia a labhraíonn – agus ba liomsa thú. ⁹Ansin nigh mé thú le huisce, nigh mé fós do fhuil uait agus chuir mé ola ort. ¹⁰Thug mé éadach bróidnéirithe duit, bróga leathair, filéad lín agus clóca síoda. ¹¹Sciamaigh mé thú le hornáidí, le bráisléid thar chaolta do lámh agus slabhra faoi do mhuineál. ¹²Chuir mé fáinne ar do shrón, cluasfháinní ar do chluasa agus coróin niamhrach ar do cheann. ¹³Mar sin a maisíodh thú le hór agus le hairgead. Ba de líon mín agus de shíoda bróidnéirithe do chuid éadaí; plúr mín, mil agus ola a bhí mar bhia agat. D’éirigh tú an-sciamhach agus tháinig tú in inmhe banríona. ¹⁴Craoladh clú do scéimhe ar fud na gciníocha, óir bhí sí foirfe de thairbhe na niamhrachta a bhronn mise ort – an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹⁵“Ach d’éirigh tú teann as clú d’áilleachta; bhain tú feidhm as do chlú le haghaidh striapachais agus dhoirt tú do dhrúis amach ar chách a chuaigh an bealach. ¹⁶Ghlac tú de d’éadach agus chóirigh tú áiteanna arda le dathanna éagsúla de agus ba ansin a



mheirdrigh tú; a leithéid ní raibh riamh agus ní bheidh arís. ¹⁷Ghlac tú fosta na seoda gleoite óir agus airgid a bhronn mise ort; rinne tú íomhánna daonna leo ionas go meirdreofá ina gcuideachta. ¹⁸Chlúdaigh tú iad le d'éadach bróidnéirithe agus d'ofráil tú m'ola agus mo thúis dóibh. ¹⁹Mar an gcéanna, an t-arán a thug mé duit, an plúr mín, an ola agus an mhil lenar chothaigh mé thú, d'ofráil tú dóibh iad mar bholadh cumhra – an Tiarna Dia a labhraíonn. ²⁰Lena chois sin, thug tú na mic agus na hiníonacha a rug tú domsa agus d'íobair tú dóibhsean iad lena slogadh siar. Nár leor leat do striapachas? ²¹Ach thug tú anbhás do mo pháistí agus thug tú ar láimh dóibh iad mar íobairt dhóite. ²²Le linn d'imeachtaí gránna agus do striapachais níor chuimhin leat laethanta d'óige nuair a bhí tú lom tarnocht i do chrólúí féin.

²³“Tharla i ndiaidh d'oile uile – mairg agus mairg arís duit, an Tiarna Dia a labhraíonn – ²⁴gur thóg tú ardán agus ardionad duit féin ag gach crosbhóthar. ²⁵Thóg tú d'ardionad ag ceann gach sráide, ag truailliú do scéimhe agus ag méadú do striapachais trí bheith do do thairiscint féin do gach duine a théadh an bealach. ²⁶Mheirdrigh tú fosta leis na hÉigiptigh, do chomharsana drúisiúla; mhéadaigh tú an striapachas le mo ghríosúsa chun feirge. ²⁷Dá bhrí sin shín mé mo lámh amach i do choinne. Laghdaigh mé do sciar bia, d'fhág mé thú i muinín do naimhde, iníonacha na bhFilistéineach, a gcuireann do striapachas déistin orthu. ²⁸Mheirdrigh tú mar an gcéanna leis na hAsáirigh toisc tú a bheith doriartha; sea, mheirdrigh tú leo agus níorbh fhéidir do shásamh. ²⁹Mhéadaigh tú do dhrúis i dtír Chanán agus sa Chaildéa, agus leis seo fós ní raibh tú sásta.

³⁰“Nach lag do chroí – an Tiarna Dia a labhraíonn – leis na nithe seo, obair striapaí dána, a dhéanamh, ³¹ag tógáil d'ardáin ag ceann gach sráide agus d'ardionaid ag gach



crosbhóthar? Ach murab ionann agus striapach ní ghlacfa airgead. ³²Fáiltíonn banadhaltrach roimh choimhthígh in áit a céile féin. ³³Tugtar bronntanais don striapach. Ach is tusa a thugann na bronntanais do d'aos grá uile; fostaíonn tú iad don striapachas ó gach uile aird. ³⁴Ba neamhchosúil thú leis na mná eile sa striapachas duit: níor gríosáíodh tusa chun striapachais. Tú féin a d'fhostaigh nuair nár fostaíodh tusa. Ar an dóigh seo ba neamhchosúil leo siúd thú.

³⁵“Uime sin, a striapach, éist le briathar an Tiarna. ³⁶Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur thaispeáin tú thú féin gan náire agus go bhfacthas tarnocht thú sa striapachas le do leannáin, agus mar gheall ar d'íola agus fuil do chlainne a thug tú dóibh; ³⁷dá bhrí sin uile, cruinneoidh mé an t-aos grá uile lenar ghlac tú sámhas, iadsan a thaitin agus iadsan nár thaitin leat, tabharfaidh mé le chéile os do chomhair iad ó gach aird; taispeánfaidh mé dóibh thú gan chluíd, ionas go bhfeicfidh siad thú tarnocht. ³⁸Tabharfaidh mé an breithiúnas ort a thugtar ar mhná a bhriseann cuing phósta agus a dhoirteann fuil, agus doirtfidh mé d'fhuil féin go héadmhar feargach. ³⁹Tabharfaidh mé suas thú do do leannáin, réabfaidh siad d'ardán agus scriosfaidh d'ardionaid; bainfidh siad do chuid éadaí díot, ropfaidh siad chun siúil do sheoda breátha agus fágfaidh siad thú lom tarnocht.

⁴⁰Gríosóidh siad slua i do choinne, clochfaidh siad thú, sáfaidh siad claíomh tríot.

⁴¹Dófaidh siad do thithe agus daorfaidh siad thú os comhair na sluaite ban; tabharfaidh mé ort éirí as an striapachas agus as fostú na leannán a thuilleadh. ⁴²Ídeoidh mé mo chuthach ort agus imeoidh m'éad uait; ciúnóidh mé agus ní bheidh fearg orm arís. ⁴³De bhrí nár chuimhin leat laethanta d'óige agus gur spreag tú fearg ionam leis na nithe seo



uile; dá bhrí sin, cúiteoidh mé do ghníomhartha ar do cheann féin – an Tiarna Dia a labhraíonn. Nach raibh tú graosta sa bhreis ar d’imeachtaí gránna eile?

⁴⁴“Lucht seanfhocla a chur trí chéile inseoidh siad an seanfhocal seo fútsa: Ba dual máthar di. ⁴⁵Is fíoríníon le do mháthair thú, léisean a thug fuath dá céile agus dá clann; agus is deirfiúr le do [dheirfiúracha] thú, leosan a thug fuath dá gcéilí agus dá gclanna. Ba Hiteach do mháthair agus Amórach d’athair. ⁴⁶Is í an tSamáir do dheirfiúr shinsir a chónaigh lena clann iníonacha ó thuaidh uait, agus is í Sodom do dheirfiúr óg, ise a chónaigh lena clann iníonacha ó dheas. ⁴⁷Ach níor [leor leatsa] siúl de réir a ngníomharthasan ná de réir a n-imeachtaí gránna; i gceann tamaill bhig bhí tú níba thruaillithe ná iad féin. ⁴⁸Dar mo bheatha – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní dhearna Sodom féin agus a clann iníonacha mar a rinne tusa agus d’iníonacha. ⁴⁹Ba í seo ciontacht Shodom, do dheirfiúr, agus a hiníonacha: bhí siad díomasach, craosach, tugtha don sámhas, ach níor tháinig i gcabhair ar an mbochtán ná ar an ainniseoir. ⁵⁰Ba ardnósach iad agus bhí imeachtaí gránna ar siúl acu os mo chomhair; uime sin, ar a bhfeiceáil dom scuab mé amach iad. ⁵¹Mar sin féin níor pheacaigh an tSamáir leath chomh mór agus a pheacaigh tusa, bhí imeachtaí níba ghránna ar siúl agat ná mar bhí acusan; go deimhin chuir tú cuma na fíréantachta ar do dheirfiúracha trí mhéid na n-imeachtaí gránna seo agat féin. ⁵²Fulaing do náire mar gur chlaon tú an breithiúnas i leith do dheirfiúracha; is córa iadsan ná tusa de bhrí gur pheacaigh tú níba ghránna ná iadsan. Sea, bíodh náire ort féin agus fulaing an náire gur chuir tú cuma na fíréantachta ar do dheirfiúracha.



Leasú

⁵³“Tabharfaidh mé ar ais chucu féin Sodom agus a hiníonacha, agus an tSamáir agus a hiníonacha. Tabharfaidh mé tusa ar ais chugat féin i lár báire, ⁵⁴ionas go bhfulaingeoídh tú d’isliú céime, go mbeidh náire ort as a ndearna tú agus go mbeidh tú i do shólás acusan. ⁵⁵Do dheirfiúracha, Sodom agus a hiníonacha, fillfidh siad ar a ndúchas; tú féin agus d’iníonacha fillfidh sibhse ar bhur ndúchas. ⁵⁶Nach raibh Sodom do dheirfiúr ina hábhar seanchais agat lá do dhíomais ⁵⁷sular foilsíodh d’olc? Tá tú anois ar aon dul léi; is díol aithise thú ag iníonacha Eadóm agus a comharsana, agus ag iníonacha na bhFilistéineach máguaird a chaitheann drochmheas leat. ⁵⁸Tá tú ag díol as do ghraostacht agus as d’imeachtaí gránna – an Tiarna Dia a labhraíonn.

⁵⁹“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Sea, roinnfidh mé leat mar atá tuillte agat, tusa a mhaslaigh an gealltanais nuair a bhris tú an conradh; ⁶⁰ach cuimhneoidh mise ar an gconradh a rinne mé leat nuair a bhí tú óg, agus bunóidh mé conradh leat a mhairfidh go deo. ⁶¹Cuimhneoidh tú ansin ar do ghníomhartha agus beidh náire ort nuair a ghlacfaidh mé do dheirfiúracha, an sinsear agus an t-óg, lena mbronnadh ort mar iníonacha, cé nach den chonradh leat é seo. ⁶²Daingneoidh mé mo chonradh leat agus tuigfidh tú gur mise an Tiarna, ⁶³ionas go mba chuimhin leat agus go gcuirfí cotadh ort agus go gcuirfí i do thost go deo thú de bharr do náire, nuair a mhaithfidh mise duit a bhfuil déanta agat – an Tiarna Dia a labhraíonn.”



Fáthscéal na nIolar agus na Fíniúna

17 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, cuir tomhas amach, inis fáthscéal do mhuintir Iosrael. ³Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Iolar mór,
 mórsciathánach, fadeiteogach,
 le clúmh tiubh ildathach,
 a tháinig go dtí an Liobáin.
 Rug sé ar bharr an chéadrais,
⁴bhris an beangán úr ar bharr,
 thug leis é go tír thráchtála,
 agus leag síos é i gcathair cheannaithe.
⁵Ansin ghlac sé de shíol fíniúna,
 agus chuir in ithir thorthúil é,
 i gcóngar uiscí líonmhara,
 á chur mar chraobhóg shailí.
⁶Ghin an síol agus d’fhás ina fhíniúin,
 a bhí íseal agus leathan.
 D’fhás na géaga i dtreo an iolair
 agus na fréamhacha síos sa talamh.



Tháinig ann dó mar fhíniúin,
thug géaga uaidh agus chuir amach duilliúir.

⁷ Bhí iolar mór [eile] ann,
mórsciathánach, dlúthchlúmhach.
Féach, chlaon an fhíniúin
a fréamhacha ina threo,
agus scaoil a géaga ina threo,
amach ón gceapach inar síoladh í,
ionas go n-uisceodh sé í.

⁸ Ba in ithir thorthúil
i gcóngar uiscí líonmhara
a cuireadh an fhíniúin,
chun géaga a fhás, chun torthaí a bhreith,
agus aibiú mar fhíniúin uasal.

⁹ Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia:
An mbeidh an rath uirthi seo?
Nach mbrisfidh an t-iolar na fréamhacha
agus na torthaí a ropadh leis,
ionas go bhfeofaidh an duilliúr úr
nuair a phéacfaidh sé?
Ní bheidh gá le neart ná le slua
lena tarraingt aníos ó na fréamhacha.



¹⁰Tá sí curtha ansin; an mbeidh an rath uirthi?
 Nach seargfaidh sí
 nuair a shéideann an ghaoth anoir uirthi?
 Nach bhfeofaidh sí san ithir inar fhás?”

¹¹Tháinig briathar an Tiarna chugam ansin: ¹²“Abair leis an dream ceannairceach sin: ‘Nach dtuigeann sibh cad is ciall leis na nithe seo?’ Inis dóibh: Féach, tháinig rí na Bablóine go Iarúsailéim; ghabh sé an rí agus na prionsaí agus thug leis iad chun na Bablóine. ¹³Ghlac sé fear de shíol na rí agus rinne conradh leis, á chur faoi bhrí na mionn. Ghabh sé cheana féin taoisigh na tíre ¹⁴ionas go mbeadh an ríocht uiríseal gan éirí in airde agus go bhfanfadh sí dílis don chonradh agus go mairfeadh. ¹⁵Ach d’éirigh [an prionsa] amach agus chuir teachtaí chun na hÉigipte, ionas go dtabharfaidís capaill agus slua fear dó. An n-éireoidh leis? An rachaidh a leithéid seo d’fhear slán? An bhfuil sé i ndán d’fhear briste an chonartha dul slán? ¹⁶Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – dar mo fhocal, gheobhaidh sé bás in áit chónaithe an rí a bhfuair sé an choróin uaidh, is é sin, sa Bhablóin. Óir mhaslaigh sé a mhionn agus bhris a chonradh. ¹⁷Ní dhéanfaidh Forann tartháil air sa chogadh lena shlua neartmhar agus a mhórchuideachta, ainneoin na mótaí cré agus na mballaí léigir a thógfaí, agus an méid a mharófaí, sa tógáil. ¹⁸De bhrí gur mhaslaigh sé an mionn agus gur bhris an conradh a raibh sé fós faoi cheangal aige; dá bhrí sin uile, ní rachaidh sé slán.

¹⁹“Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dar mo bheo, mo mhionn a mhaslaigh sé agus mo chonradh a bhris sé, cúiteoidh mé iad ar a cheann féin. ²⁰Leathfaidh mé



m'angach thairis agus rachaidh sé i bhfostú i mo mhogail; tabharfaidh mé liom chuig an Bhablóin é agus gearrfaidh mé pionós air ansin mar gheall ar an bhfeall a d'imir sé orm.

²¹Titfidh togha a shlua leis an gclaíomh agus scaipfear an t-iarmhar le gach gaoth; agus aithneoidh tú gur mise, an Tiarna, a labhair. ²²Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Ó bharr an chéadrais,

ón ngéag is airde de

gearrfaidh mé maothán

agus cuirfidh é ar shliabh ard beannach;

²³ ar bharr shliabh Iosrael a chuirfidh mé é.

Ginfidh sé géaga agus béarfaidh toradh,

agus beidh ina chéadras breá.

Cónóidh gach sórt éin faoi,

lonnóidh gach dúil sciathánach faoi scáth a ghéag.

²⁴ Agus tuigfidh gach crann sa pháirc

gur mise, an Tiarna,

a leagann an crann ard,

agus a thógann an ceann íseal,

a sheargann an crann glas

agus a bhláthaíonn an ceann críon.

Mise, an Tiarna; a labhair

agus déanfaidh mé beart dá réir.”



Freagracht Phearsanta

18Tháinig briathar an Tiarna chugam arís: ²“Cad chuige a n-aithriseann sibh an seanfhocal seo faoi thír Iosrael:

D’ith a n-aithreacha caora searbha;
agus tá déistin ar fhiacra na clainne?

³“Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní bheidh an seanfhocal seo sa chaint a thuilleadh eadraibh in Iosrael. ⁴Féach, is liomsa an uile bheo, is liom anam an athar agus anam an mhic. An duine a pheacaíonn, eisean a éagfaidh.

⁵“Géilleann an fíréan don dlí agus don cheart, ⁶ní itheann sé ar na sléibhte, ní thógann sé a shúile chun íola mhuintir Iosrael, ní thruaillíonn sé bean a chomharsan, ní théann i ndáil mhná le linn a fola míosúla. ⁷Ní imríonn sé éagóir ar aon duine, ach tugann sé a gheall ar ais dá fhéichiúnaí; ní ghoideann sé, ach tugann arán don ocrach agus éadaí don nocht. ⁸Ní thugann sé uaidh ar úsaireacht, ní ghlacann sé brabús, staonann sé ón olc, tugann sé breithiúnas cóir idir duine agus duine; ⁹siúlann sé de réir mo reachtanna agus comhlíonann mo dheasghnátha go cúramach. Tá a leithéid fíréanta dáiríre agus mairfidh sé go deimhin. Is é an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹⁰“Ach má ghineann sé bithiúnach fuilteach de mhac ¹¹nach ndéanann aon dualgas díobh seo, ach a itheann ar na sléibhte, a thruaillíonn bean a chomharsan, ¹²a imríonn éagóir ar an mbochtán agus ar an ainniseoir, a ghoideann, nach dtugann geall ar ais, a



thógann a shúile chun na n-íol, a mbíonn imeachtaí gránna ar siúl aige, ¹³ a thugann uaidh ar úsaireacht agus a ghlacann brabús; an mairfidh seisean? Go deimhin, ní mhairfidh. Tar éis dó na coireanna gránna seo a dhéanamh éagfaidh sé cinnte agus beidh a chuid fola air féin.

¹⁴“Ach má ghineann an fear seo mac a fheiceann na peacaí a rinne a athair, a ghabhann eagla agus nach ndéanann beart dá réir, ¹⁵ nach n-itheann ar na sléibhte, nach dtógann a shúile chun íola mhuintir Iosrael, nach dtruailíonn bean a chomharsan, ¹⁶ nach n-imríonn éagóir ar aon duine, nach n-éilíonn geall, nach ngoideann; ach a thugann arán don ocrach agus éadaí don nocht, ¹⁷ a staonann ón olc, nach dtugann uaidh ar úsaireacht agus nach nglacann brabús, a chomhlíonann mo dheasghnátha agus a shiúlann de réir mo reachtanna; ní éagfaidh seisean de bharr peacaí a athar, ach mairfidh sé go deimhin. ¹⁸ Ach de bhrí gur imir an t-athair éagóir, gur chreach sé a dheartháir agus nach ndearna gar riamh i measc a mhuintire, éagfaidh sé cinnte de bharr a oilc.

¹⁹“Deir sibh: ‘Cad chuige nach n-iompraíonn an mac peacaí an athar?’ Má ghéilleann an mac don dlí agus don cheart agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh go cúramach, mairfidh sé gan amhras. ²⁰ An duine a pheacaíonn, éagfaidh sé. Ní bheidh an mac freagrach i bpeacaí an athar ná an t-athair i bpeacaí an mhic; gheobhaidh an fíréan creidiúint as a fhíréantacht féin amháin agus an drochdhuine as a urchóid.

²¹“Ach má thréigeann an drochdhuine na peacaí go léir a rinne sé, má chomhlíonann sé mo dheasghnátha uile agus géilleadh don dlí agus don cheart, mairfidh sé go deimhin; ní éagfaidh sé. ²² Na peacaí go léir a rinne sé ní labhrófar leis arís orthu; as an bhfíréantacht a chleacht sé mairfidh sé. ²³ An mbainim sult as bás an drochdhuine? – an Tiarna Dia a



labhraíonn. Nach é mo mhian go dtréigfeadh sé a bhealaí agus go mairfeadh sé? ²⁴ Ach má thréigeann an fíréan a fhíréantacht, agus olc a dhéanamh, agus imeachtaí gránna an drochdhuine a bheith ar siúl aige, an mairfidh sé? Ní bheidh aon trácht ar an bhfíréantacht a chleacht sé; de bhrí gur fheall sé agus gur pheacaigh sé, gheobhaidh sé bás.

²⁵“Ach deir sibhse: ‘Ní cóir iad gníomhartha an Tiarna.’ Éistigí liom, a mhuintir Iosrael; nach cóir iad mo ghníomhartha? Nach iad bhur ngníomhartha féin atá míchóir? ²⁶ Má thréigeann an fíréan a fhíréantacht agus peacú, éagfaidh sé dá bharr; éagfaidh sé de bharr an oilc atá déanta aige. ²⁷ Arís, má thréigeann an drochdhuine a pheacaí agus déanamh mar is ceart agus mar is cóir, tabharfaidh sé a bheatha slán. ²⁸ De bhrí gur mhachnaigh sé agus gur thréig sé a pheacaí go léir mairfidh sé go deimhin; ní bhfaighidh sé bás. ²⁹ Ach deir muintir Iosrael: ‘Ní cóir iad gníomhartha an Tiarna.’ A mhuintir Iosrael, nach cóir iad mo ghníomhartha? Nach iad bhur ngníomhartha féin atá míchóir? ³⁰ Dá bhrí sin, tabharfaidh mé breithiúnas ort, a mhuintir Iosrael; ar gach duine de réir a ghníomhartha – an Tiarna Dia a labhraíonn. Déanaigí aithrí agus tréigigí bhur bpeacaí go léir; seachnaigí gach ócáid scannail agaibh. ³¹ Teilgigí uaibh na peacaí uile a rinne sibh orm; agus cothaigí ionaibh féin croí nua agus spiorad nua. Cad chuige gur toil libh bás a fháil, a mhuintir Iosrael? ³² Ní bhainimse sult as bás aon duine – an Tiarna Dia a labhraíonn. Ar an ábhar sin guím aithrí daoibh agus beatha.”



Fáthscéal na Leon

19 “Ach sibhse, tógaigí tuireamh ar son phrionsaí Iosrael. ² Abraigí:

‘Cad ba mháthair duit?

Leon baineann i measc leon.

Ina luí idir na leoin óga

d’oil sí na coileáin.

³ Thóg sí coileán acu agus d’fhás sé ina leon óg;

d’fhoghlaim sé breith ar an gcreach,

agus thosaigh ag alpadh fear.

⁴ Thóg na ciníocha an gháir ina choinne,

gabhadh ina bpoll é;

agus thug siad le crucaí

go tír na hÉigipte é.

⁵ Nuair a chonaic [an mháthair] í féin cloíte

agus ábhar a dóchais caillte,

ghlac sí coileán eile dá cuid

agus thóg ina leon óg é.

⁶ Chuaigh sé ar a sheilg i measc na leon,

d’fhás ina leon óg,



d'fhoghlaim sé breith ar an gcreach
agus thosaigh ag alpadh fear.

⁷ Scrios sé a gcaisleáin
agus bhánaigh a gcathracha;
scanraigh an tír agus a raibh inti
ag callán a bhúiríola.

⁸ Ghluais na ciníocha ansin ina choinne
ó na cúigí máguaird;
leathnaigh siad a n-eangach thairis;
gabhadh ina bpoll é.

⁹ Ghabh siad i gcarcair é le crúcaí
agus rug leo é go rí na Bablóine;
chuir siad i mbraighdeanas é
ionas nach gcluinfí a ghlór arís
ar shléibhte Iosrael.'

Fáthscéal na Fíniúna

¹⁰ Bhí do mháthair amhail fíniúin
a cuireadh i gcóngar an uisce.

¹¹ D'fhás an ghéag ba láidre
ina slat ríoga;



d'fhás sí go han-ard
os cionn na dtiúchraobhacha.

Ba shofheicthe í ar a hairde
agus ar mhothall a duilliúir.

¹² Ach réabadh as a fréamh í,
teilgeadh ar lár í le fearg;
seargadh a toradh ag an ngaoth anoir,
chríon an ghéag láidir,
dhóigh an tine í go léir.

¹³ Tá sí athchurtha anois san fhásach,
in ithir thirim thartmhar.

¹⁴ Chuaigh tine amach ón tamhan,
a dhóigh idir ghéaga agus thoradh;
tá deireadh leis an gcraobh láidir,
deireadh leis an tslat ríoga.”

Is tuireamh é sin agus glactar leis amhlaidh.

Mídhílseacht Iosrael

20 Sa seachtú bliain, ar an deichiú lá den chúigiú mí, tháinig dream de shinsir Iosrael chun dul i gcomhairle leis an Tiarna agus shuigh síos os mo chomhair. ²Tháinig



briathar an Tiarna chugam: ³“A mhic an duine, labhair le sinsir Iosrael agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: ‘An chun dul i gcomhairle liom a tháinig sibh?’ Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní ligfidh mé daoibh dul i gcomhairle liom. ⁴An dtabharfaidh tusa breithiúnas orthu, a mhic an duine? An dtabharfaidh tú breithiúnas orthu? Inis imeachtaí gránna a n-aithreacha dóibh, ⁵agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: An lá a thogh mé Iosrael, mhionnaigh mé do shliocht mhuintir Iacóib, do mo chur féin in aithne dóibh i dtír na hÉigipte. Mhionnaigh mé dóibh: Is mise an Tiarna bhur nDia. ⁶An lá sin mhionnaigh mé dóibh go dtabharfainn liom iad as tír na hÉigipte go tír a cheap mé féin dóibh, tír a bhfuil bainne agus mil ina slaoda inti, tír a sháraíonn tíortha an domhain. ⁷Dúirt mé leo: Caithigí uaibh uafáis a mheallann súile an uile dhuine agaibh agus ná truailligí sibh féin le híola na hÉigipte; is mise an Tiarna bhur nDia. ⁸Ach d’éirigh siad amach i mo choinne agus níor éist siad liom; níor chaith siad uathu na huafáis ar bhain gach duine acu lán na súl astu; níor thréig siad íola na hÉigipte ach oiread.

“Shocraigh mé ansin mo dhíbeirg a dhoirteadh anuas orthu agus mo chuthach a ídiú orthu i lár thír na hÉigipte. ⁹Ach d’oibrigh mé ar mhaithe le m’ainm féin ionas nach dtuilleofaí é os comhair na gcíníocha ar chónaigh siad ina measc, óir gheall mé dóibh os comhair na gcíníocha sin go dtreoróinn amach as tír na hÉigipte iad. ¹⁰Threoraigh mé iad amach as tír na hÉigipte agus isteach san fhásach. ¹¹Thug mé mo reachtanna dóibh agus thaispeáin mo dheasghnátha dóibh, deasghnátha a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh. ¹²Lena chois sin thug mé mo shabóidí dóibh mar chomhartha idir mise agus iadsan, ionas go mbeadh fhios acu gur mise, an Tiarna, a naomhaíonn iad. ¹³Ach d’éirigh muintir Iosrael amach i mo choinne san fhásach; níor shiúil siad de réir mo



reachtanna, ach dhiúltaigh siad do mo dheasghnátha a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh, agus thruailligh siad mo shabóidí go mór.

“Shocraigh mé ansin go ndoirtfinn mo dhíoltas anuas orthu san fhásach á léirscrios.

¹⁴Ach d’oibrigh mé ar mhaithe le m’ainm ionas nach dtuailleofaí é os comhair na gciníocha, os a gcomhair siúd ar sheol mé amach iad. ¹⁵Mhionnaigh mé dóibh fosta san fhásach nach dtreoróinn iad isteach sa tír a cheap mé dóibh, an tír a bhfuil bainne agus mil ina slaoda inti agus a sháraíonn tíortha an domhain; ¹⁶de bhrí gur dhiúltaigh siad do mo dheasghnátha, nár shiúil siad de réir mo reachtanna, agus gur thruailligh siad mo shabóidí, óir luigh a gcroí lena n-íola. ¹⁷Ina dhiaidh sin agus uile ghlac mé trua dóibh; níor bhasc ná níor léirscrios mé san fhásach iad.

¹⁸“Dúirt mé lena gclann san fhásach: Ná siúlai gí de réir reachtanna bhur n-aithreacha, ná comhlíonaigí a ndeasghnátha, ná truailligí sibh féin lena n-íola. ¹⁹Is mise an Tiarna, bhur nDia. Siúlai gí de réir mo reachtanna agus comhlíonaigí mo dheasghnátha go cúramach. ²⁰Naomhaigí mo shabóidí ionas go mba chomhartha iad idir mise agus sibhse, ionas go dtuigfidh sibh gur mise, an Tiarna, bhur nDia. ²¹Ach d’éirigh an chlann amach i mo choinne; níor shiúil siad de réir mo reachtanna, níor chomhlíon siad mo dheasghnátha go cúramach a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh, thruailligh siad mo shabóidí.

“Shocraigh mé ansin mo dhíbheirg a dhoirteadh anuas orthu agus mo chuthach a ídiú orthu san fhásach. ²²Ach tharraing mé siar agus d’oibrigh ar mhaithe le m’ainm, ionas nach dtuailleofaí é os comhair na gciníocha, os a gcomhair siúd ar sheol mé amach iad.

²³Lena chois sin mhionnaigh mé dóibh san fhásach go scaoilfinn i measc na gciníocha iad



agus go scaipfinn iad ar fud na dtíortha; ²⁴de bhrí nár chomhlíon siad mo dheasghnátha ach gur dhiúltaigh siad do mo reachtanna agus gur thruailligh siad mo shabóidí agus go raibh lán na súl á bhaint acu as íola a n-aithreacha. ²⁵Uime sin, thug mé reachtanna gan tairbhe dóibh agus deasghnátha nach dtabharfadh beatha dóibh. ²⁶Thruailligh mé iad lena mbronntanais féin, ag tabhairt orthu a gcéadghinte a íobairt le tine, ionas go mbuailfeadh uafás iad; rinne mé amhlaidh le go dtuigfidís gur mise an Tiarna.

²⁷“Dá bhrí sin, a mhic an duine, labhair le muintir Iosrael. Abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Mhaslaigh bhur n-aithreacha mé sa rud seo arís trí fheall a imirt orm. ²⁸Nuair a thug mé isteach iad sa tír a mhionnaigh mé a thabhairt dóibh, d’ofráladís a n-íobairtí agus a mbronntanais bhearránacha, aon áit a bhfeicidís cnoc ard nó crann duilleach. Ansin mar an gcéanna a scaoilidís a mboladh cumhra agus a dhoirtidís a ndeochanna ofrála. ²⁹Dúirt mé leo ansin: Cad is ainm don áit ard a dtéann sibh chuige? Bámá a thugann siad air go dtí an lá inniu dá bhrí sin. ³⁰Uime sin, abair le muintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: An dtruaillíodh sibhse sibh féin ar nós bhur n-aithreacha, ag dul ar seachrán i ndiaidh a nithe gránna? ³¹Má ofrálann sibh bhur mbronntanais, má íobraíonn sibh bhur gclann mhac sa tine, agus sibh féin a thruailliú le bhur n-uile íola go dtí an lá inniu féin, an bhféadaim ligean daoibh dul i gcomhairle liom? Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní rachaidh sibh i gcomhairle liom.

³²“Ní thitfidh sé amach ar chor ar bith de réir an smaoinemh seo in bhur n-aighe: ‘Bímis amhail na náisiúin, amhail ciníocha na dtíortha, ag adhradh adhmaid agus cloiche.’ ³³Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – is mise go deimhin a bheidh ina rí oraibh le láimh láidir agus géag sínte agus taom feirge. ³⁴Tabharfaidh mé amach as na ciníocha



sibh, cruinneoidh mé sibh le láimh láidir agus géag sínte agus taom feirge ó na tíortha inar scaipeadh sibh; ³⁵ agus tabharfaidh mé sibh go Fásach na Náisiún, áit a ndaorfaidh mé sibh agus sinn i láthair a chéile. ³⁶ Dála mar a dhaor mé bhur n-aithreacha san fhásach i dtír na hÉigipte, daorfaidh mé sibhse mar an gcéanna – an Tiarna Dia a labhraíonn.

³⁷ Tabharfaidh mé oraibh siúl faoi mo shlat; tabharfaidh mé sibh faoi chuing an chonartha.

³⁸ Scagfaidh mé na ceannaircigh as bhur measc, iadsan a d'éirigh amach i mo choinne.

Tabharfaidh mé amach iad as an tír ina gcónaíonn siad, ach ní bhainfidh siad tír Iosrael amach; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.

³⁹ “Seo mar a deir an Tiarna Dia: Mura toil libh éisteacht liomsa, a mhuintir Iosrael, imígí libh, ní amháin anois ach as seo amach, gach duine agaibh faoi réir bhur n-íol féin. Ach ní thruaillíodh sibh m’ainm naofa níos mó le bhur mbronntanais agus le bhur n-íola.

⁴⁰ Óir, ar mo shliabh naofa, ar shliabh ard Iosrael – an Tiarna Dia a labhraíonn – riarfaidh muintir Iosrael go léir orm, gach duine acu atá sa tír. Fáilteoidh mé romhaibh ansin agus beidh mé ag súil le bhur mbronntanais, le togha bhur dtíolacthaí agus bhur n-íobairtí naofa go léir. ⁴¹ Fáilteoidh mé romhaibh amhail roimh bholadh cumhra nuair a thabharfaidh mé sibh as na ciníocha, nuair a chruinneoidh mé sibh as na tíortha inar scaipeadh sibh; agus foilseoidh mé mo naofacht ionaibh os comhair na gciníocha.

⁴² Tuigfidh sibh gur mise an Tiarna nuair a thabharfaidh mé go tír Iosrael sibh, an tír a mhionnaigh mé a bhronnadh ar bhur n-aithreacha. ⁴³ Cuimhneoidh sibh ansin ar bhur mbealaí agus ar bhur ngníomhartha lenar truaillíodh sibh; agus tabharfaidh sibh fuath daoibh féin as an uile pheaca dar chleacht sibh. ⁴⁴ Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna



nuair a roinnfidh mé libh ar mhaithe le m’ainm féin, agus ní de réir bhur ndrochimeachtaí ná bhur ndrochnósanna, a mhuintir Iosrael – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Claíomh an Tiarna

21 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh ó dheas; labhair amach in aghaidh an deiscirt; tairngir in aghaidh fhoraois Neigib. ³Abair le foraois Neigib: ‘Éist le briathar an Tiarna. Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, lasfaidh mé tine ionat agus dófaidh sí gach crann glas ionat agus gach crann críon; beidh an tine ina caor domhúchta agus gach aghaidh ruadhóite léi, ón Neigib ó thuaidh. ⁴Feicfidh an uile dhuine gur mise, an Tiarna, a las í; ní mhúchfar í.” ⁵Ansín dúirt mé: “A Thiarna Dia, tá siad ag rá fúm: ‘Nach é an fáthscéalaí é?’”

⁶Tháinig briathar an Tiarna chugam: ⁷“A mhic an duine, iompaigh i dtreo Iarúsailéim, cuir do mhallacht ar an sanctóir agus tairngir in aghaidh thír Iosrael. ⁸Abair le tír Iosrael: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mé i do choinne, nochtfaidh mé mo chlaíomh as a thruaill agus maróidh mé idir fhíréan agus chiontach. ⁹Tarraingeoidh mé mo chlaíomh as a thruaill leis an bhfíréan agus an ciontach a leagan, ón Neigib ó thuaidh. ¹⁰Tuigfidh gach duine gur mise, an Tiarna, a tharraing a chlaíomh as a thruaill; ní chuirfear ar ais ann arís é.’

¹¹“Lig ochón asat, a mhic an duine; lig ochón cráite agus caoineadh goirt asat ina láthair siúd. ¹²Agus ar do cheistiú acu: ‘Cad chuige an mhaigr?’, freagroidh tú: ‘Mar gheall ar an drochscéala. Nuair a thiochfaidh sé, cailfidh an uile chroí a mhisneach agus an



uile lámh a neart; titfidh gach spiorad i bhfanntais agus gach glúin in ísle brí. Tá sé buailte linn agus rachaidh chun críche – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

¹³Tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁴“A mhic an duine, tairngir agus abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia. Abair:

An claíomh! An claíomh!

Tá faobhar agus snas ar an gclaíomh.

¹⁵An faobhar don ár,
an snas don drithliú.

¹⁶Snasaítear é chun úsaíde;
faobhraítear agus snasaítear é
lena chur i lámh an mharfóra.

^{15b}An cúis áthais é seo againn
gur dhíspeag sibh ríshlat mo mhic
amhail gach sórt crainn?

¹⁷Lig uaill agus olagón asat, a mhic an duine.
Tá sé i ndán do mo phobal,
do phrionsaí uile Iosrael mar aon le mo phobal,
atá tugtha suas don chlaíomh.

Buail do cheathrú dá bhrí sin,
¹⁸óir ní céadiarracht ar bith é seo.



An bhfuil aon teorainn lena chumhacht
 má dhíspeagann sibh an ríshlat?

– an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹⁹ A mhic an duine, tairngir agus buail bosa,
 titeadh an claíomh faoi dhó nó faoi thrí,
 claíomh seo na marbh,
 claíomh an áir mhóir a chiorclaíonn iad.

²⁰ Ionas go mbeidh uamhan ina gcroí
 agus go dtitfidh mórshlua,
 tá claíomh ar tarraingt agam
 ag an uile gheata;
 é ag drithliú agus faobhar air don ár.

²¹ Treascair leat ar dheis agus ar chlé,
 faobhar ar aghaidh.

²² Buailfidh mise bosa fosta;
 ídeoidh mé mo fhearg.
 Mise, an Tiarna, a labhair.”

Rí na Bablóine ag an gCrosbhealach

²³Tháinig briathar an Tiarna chugam arís: ²⁴“A mhic an duine, socraigh dhá bhealach do theacht chlaíomh rí na Bablóine; bíodh an dá bhealach ag teacht ón tír chéanna. Tóg



cuaille eolais ag ceann an bhealaigh chun na cathrach; ²⁵socraigh bealach ar a dtiocfaidh an claíomh go Rábá na nAmónach agus go Iúdá agus go dún Iarúsailéim. ²⁶Óir seasann rí na Bablóine ag an ngabhal ag ceann an dá bhealach a dhéanamh fáistine. Craitheann sé na saigheada, téann i gcomhairle leis an taráfaím, iniúchann na haenna. ²⁷Titeann an tuar do Iarúsailéim ina láimh dheas: ní mór dó focal spreagtha chun áir a thabhairt, gáir chatha a fhógairt, reithí cogaidh a dhíriú ar na geataí, mótaí cré agus ballaí léigir a thógáil. ²⁸Dar le muintir na cathrach, iadsan a thug mionna, is fáistine bhréige í. Ach cuirfidh seisean a gcionta i gcuimhne dóibh ionas go ngabhfad iad.

²⁹“Uime sin, is mar seo a deir an Tiarna: De bhrí gur thug sibh fianaise ar bhur gciontacht an oiread sin, gur fhoilsigh sibh bhur gcoireanna, agus gur léirigh sibh bhur bpeacaí in bhur n-uile imeachtaí; de bharr na fianaise seo gearrfar pionós oraibh. ³⁰Agus fútsa, a phrionsa aindiaga urchóidigh Iosrael, a bhfuil lá do phionóis báis buailte leat, ³¹déarfaidh an Tiarna: Tógfar uait an turban, bainfear díot an choróin; ní fhanfaidh an saol mar atá; ardófar an t-íseal agus ísleofar an t-ard. ³²Ar lár, ar lár, ar lár a fhágfaidh mé í. Ní fhanfaidh an lorg is lú di nó go dtiocfaidh an fear ceart; is dósan a thabharfaidh mé í.”

In Éadan na nAmónach

³³“Tusa, a mhic an duine, tairngir agus abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia faoi na hAmónaigh agus faoina masla: Abair: An claíomh, tá an claíomh ar tarraingt don ár, tá snas air chun scriosta agus chun drithlithe mar thintreach – ³⁴le linn d’fhíseanna baotha agus do chomhairle le fáistíní bréige – lena leagan ar mhuineál an lucht aindiaga



urchóidigh a bhfuil lá a bpionóis báis buailte leo. ³⁵Cuir ar ais sa truaill é. Daorfaidh mé thú san áit ar cruthaíodh thú, i do thír dhúchais féin. ³⁶Silfidh mé mo dhíbheirg anuas ort, séidfídh mé tine mo chuthaigh i d'aghaidh, agus tabharfaidh mé suas thú i lámha lucht bhrúidiúil atá tugtha don scrios. ³⁷Beidh tú mar chonnadh don tine, beidh d'fhuil ag rith ar fud na tíre, ní chuimhneofar ort níos mó. Óir mise, an Tiarna, a labhair.”

Coireanna Iarúsailéim

22Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, an toil leat breithiúnas a thabhairt, an toil leat breithiúnas a thabhairt, an toil leat breithiúnas a thabhairt ar an gcathair dhúnmharfach? Inis a himeachtaí gránna di mar sin. ³Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá an chathair ag cur fola taobh istigh di féin leis an sprioclá a bhrostú! Tá íola á ndéanamh aici lena truailliú féin! ⁴Tá tú ciontach as an bhfuil a dhoirt tú, thruailligh tú thú féin sna híola a rinne tú. Thug tú ar do lá druidim leat, tá ceann scríbe do shaoil ar láimh. Uime sin, rinne mé ábhar masla díot os comhair na gciníocha agus ceap magaidh os comhair na dtíortha go léir. ⁵Beifear ag fonóid fút ó chian agus ó chóngar, a chathair mhíchluíteach challánach. ⁶Féach ar phrionsaí Iosrael ionat, gach aon duine acu ar a dhícheall ag doirteadh fola. ⁷Maslaítear an t-athair agus an mháthair ionat; tugtar drochíde don chuariteoir, cuirtear ansmacht ar an dílleachta agus ar an mbaintreach. ⁸Is beag ort mo shanctóirí, truaillíonn tú mo shabóidí. ⁹Tá dream ionat a chlúmhilléann chun fuil a dhoirteadh; tá dream a itheann ar na sléibhte; dream eile atá graosta. ¹⁰Taispeánann siad tarnochtacht a n-aithreacha ionat; éigníonn siad na mná ionat le linn a neamhghlaine.



¹¹Déanann fear acu drúis ghránna le bean a chomharsan; truaillíonn fear eile bean a mhic; an tríú fear sáraíonn sé a dheirfiúr féin, iníon a athar. ¹²Glactar breabanna ionat chun fuil a dhoirteadh; baineann tú brabús agus sochar amach agus tagann i dtír le foréigean ar an gcomharsa. Tá mise dearmadta glan agat – an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹³“Buailim bosa, dá bhrí sin, mar gheall ar do ghnóthú neamhionraic agus an fhuil a doirteadh in bhur measc. ¹⁴An mbeidh tú in ann greim a choinneáil ar do mhisneach, nó do lámh a choinneáil láidir, an lá a dtabharfaidh mé chun cúitimh thú? Mise, an Tiarna, a labhair agus cuirfidh mé i gcrích é. ¹⁵Ruaigfidh mé thú i measc na gciníocha, scaipfidh mé thú ar fud na dtíortha agus scagfaidh mé an salachar asat. ¹⁶Gheobhaidh mé easonóir uait os comhair na gciníocha agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.”

¹⁷Tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁸“A mhic an duine, is suarach liom muintir Iosrael: amhail prás, stán, iarann agus luaidhe sa chorcán leáite, níl iontu go léir ach sail mhiotail. ¹⁹Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur sail mhiotail sibh uile, féach, cruinneoidh mé isteach i lár Iarúsailéim sibh. ²⁰Mar a chruinnítear airgead agus prás, iarann, luaidhe agus stán sa chorcán chun tine a shéideadh orthu á leá, sin mar a chruinneoidh mé sibhse agus cuthach feirge orm; agus leáfaidh mé ann sibh.

²¹Cruinneoidh mé sibh agus séidfídh mé oraibh le tine mo chuthaigh agus leáfar sibh i lár báire. ²²Mar a leáitear airgead i gcorcán leáite, sin mar a leáfar sibhse ina lár; agus tuigfidh sibh gur mise, an Tiarna, a dhoirt amach mo fhearg oraibh.”

²³Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²⁴“A mhic an duine, abair léi: Is tír thú nach bhfuair folcadh ná cith fearthainne lá na feirge; ²⁵a bhfuil na prionsaí istigh inti amhail leon buile a bheadh cíocrach chun na creiche. Shlog siad daoine siar, ghabh siad maoin



agus seoda, d’fhág siad slua baintreach istigh inti. ²⁶Bhris a sagairt mo dhlí agus thruailligh siad mo shanctóirí. Ba chuma leo rud a bheith naofa ná coitianta, níor theagasc siad an difear idir glan agus neamhghlan, rinne siad neamhshuim de mo shabóidí sa chruth go bhfuil mé maslaithe eatarthu. ²⁷Tá na taoisigh léi istigh amhail mic tíre ag réabadh na creiche, ag doirteadh fola, ag marú daoine lena stór a ghoid. ²⁸[Dhathaigh] a fáithe na coireanna seo le brat aoil, lena bhfiseanna baotha agus a dtairngreachtaí bréige, ag rá: ‘Is mar seo a deir an Tiarna Dia’; nuair nár labhair an Tiarna ar chor ar bith. ²⁹Tá éagóir agus slad ar siúl ag muintir na tíre; chráigh siad an bochtán agus an t-ainniseoir agus thug drochíde don chuairoteoir gan fáth. ³⁰D’iarr mé fear orthu a thógfadh balla agus a sheasfadh sa bhearna ar son na tíre sa chruth nach millfinn é; ní bhfuair mé é. ³¹Dá bhrí sin, dhoirt mé mo fhearg amach orthu; dhóigh mé iad le tine mo chuthaigh. Chúitigh mé a n-iompar ar a gcinn féin – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Iarúsailéim agus an tSamáir: An Dá Dheirfiúr Dhrúisiúla

23 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, bhí beirt bhan ann, iníonacha aon mháthar amháin. ³Chuaigh siad le striapachas san Éigipt, chuaigh le striapachas le linn a n-óige. Rugadh barróg ar a gcíocha ansin agus rinneadh muirniú ar a mbrollaigh mhaighdeanúla. ⁴Oholá ab ainm don sinsear agus Ohoilíbeá dá deirfiúr. Ba liomsa iad agus rug siad mic agus iníonacha. I dtaobh a n-ainmneacha de ba í an tSamáir Oholá agus Iarúsailéim Ohoilíbeá.



⁵“Mheirdrigh Oholá nuair ba liomsa í; shuirigh sí lena leannáin na hAsáirigh, a comharsana, ⁶laochra in éide chorcra, rialtóirí agus uaisle, iad uile ina n-ógánaigh tharraingteacha, oilte ar mharcaíocht chapall. ⁷Rinne sí a striapachas leo – ba iad uile togha na nAsáireach – agus thruailligh sí í féin le híola cách a ndearna sí suirí leo. ⁸Níor thréig sí an striapachas a chleacht sí san Éigipt ina hóige nuair a luigh fir léi ag breith ar a brollach maighdeanúil agus á truailliú lena ndrúis. ⁹Uime sin, thug mé suas i lámha a leannán í, i lámha na nAsáireach a ndearna sí suirí leo. ¹⁰D’fhág siadsan í tarnocht, ghabh siad a mic agus a hiníonacha, mharaigh siad ise leis an gclaíomh; agus d’imigh a míchlú i mbéal na mban nuair a cuireadh an breithiúnas uirthi i gcrích.

¹¹“Cé go bhfaca a deirfiúr Ohoilíbeá é sin ba thruaillithe fós ise ina suirí, ba mheasa a mheirdrigh sí ná a deirfiúr. ¹²Shuirigh sí leis na hAsáirigh, idir rialtóirí agus uaisle, laochra in éide shómasach, marcaigh oilte ar chapail, iad uile ina n-ógánaigh tharraingteacha. ¹³Chonaic mé go raibh sí mígheanmnaí, go raibh siad beirt chomh truaillithe lena chéile. ¹⁴Ach mhéadaigh sise a striapachas chomh luath agus a chonaic sí fir tarraingthe ar bhallaí, íomhánna na gCaidéach daite le flanndearg – ¹⁵criosanna crioslaithe thar a gcoim agus turbain mhaisiúla ar a gcinn, iad uile cinsealach mar uaisle – agus pictiúir de Bhablónaigh dar dhúchas dóibh Caidéa. ¹⁶Chomh luath agus chonaic sí iad splancadh í ina ndiaidh agus sheol teachtairí chucu go Caidéa. ¹⁷Tháinig na Bablónaigh chuici go leaba an ghrá agus thruailligh siad í lena ndrúis. Tar éis a truaillithe d’iompaigh sí uathu agus í dúdhóite leo. ¹⁸Mheirdrigh sí agus tharnocht sí os comhair an tsaoil mhóir sa chruth gur thug mé cúl léi go samhnasach mar a thug lena deirfiúr. ¹⁹Ach mhéadaigh fós ar a striapachas agus í ag cuimhneamh ar aimsir a hóige nuair a mheirdrigh sí i dtír na



hÉigipte, ²⁰ agus nuair a shuirigh sí le leannáin a raibh a mbaill mar bhaill asal agus a síol mar shíol capall. ²¹ Bhí tú ag tnúth le graostacht d'óige nuair a rug na hÉigiptigh barróg ar do bhrollach agus nuair a mhuirnich siad d'ógchíocha.

²²“Dá bhrí sin, a Ohoilíbeá, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, gríosóidh mé i d'éadan na leannáin ar thug tú cúl leo go samhnasach; cruinneoidh mé i do choinne iad ó gach taobh, ²³ na Bablónaigh agus na Caidéigh uile, lucht Phacód, Sheóa agus Chóa agus na hAsáirigh uile ina gcuideachta, iad go léir ina n-ógánaigh tharraingteacha, rialtóirí agus tiarnaí, uaisle agus laochra, gach duine ar mhuintir capaill. ²⁴ Ionsóidh siad thú [aduaidh] le carbaid, le cóistí agus le slua daoine; cuirfidh siad sciath, lúireach agus clogad i do choinne ó gach taobh. Fágfaidh mé breithiúnas fúthu agus daorfaidh siad thú de réir a mbreithiúnais féin. ²⁵ Díreoidh mé m'éad ort ionas go roinnfidh siad go han-bhorb leat; bainfidh siad do shrón agus do chluasa díot agus titfidh a mbeidh fágtha leis an gclaíomh. Ropfaidh siad do mhic agus d'iníonacha agus caithfear an fúilleach sa tine. ²⁶ Sracfaidh siad do chuid éadaí díot agus sciobfaidh siad do sheoda leo. ²⁷ Mar sin a thabharfaidh mé ort éirí as an ngraostacht agus a striapachas a thug tú leat ó thír na hÉigipte. Ní fhéachfaidh tú le bá i dtreo na nÉigipteach, ní chuimhneoidh tú orthu níos mó. ²⁸ Óir, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tabharfaidh mé suas thú dóibhsean is gráin leat, dóibh siúd ar thug tú cúl leo le déistin. ²⁹ Roinnfidh siad go fuafar leat, sciobfaidh siad toradh do shaothair leo agus fágfaidh thú lom tarnocht. Léireofar do striapachas mínáireach ar an dóigh sin. Do ghraostacht agus do striapachas ar aon ³⁰ a thug an drochíde seo anuas ort, de bhrí gur mheidrigh tú leis na ciníocha agus gur



thruailligh tú thú féin lena n-íola. ³¹Lean tú sampla do dheirféar; dá bharr sin tabharfaidh sé a corn i do lámh. ³²Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Ólfaidh tú as corn do dheirféar
go domhain agus go fairsing,
corn a tharraingíonn fonóid agus magadh ort
le flúirse na dí.

³³Líonfar thú le meisce agus le doilíos.

Corn an uafáis agus an dóláis,
corn do dheirféar, an tSamáir,

³⁴ólfaidh tú, diúgfaidh tú é.

[Stoithfidh tú do chuid gruaige,]
réabfaidh tú do chíocha.

“Mise a dúirt – an Tiarna Dia a labhraíonn. ³⁵Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur dhearmad tú mé agus gur thug tú cúl liom, ní mór duit díol as do ghraostacht agus do striapachas.”

³⁶Dúirt an Tiarna liom: “A mhic an duine, an toil leatsa breithiúnas a thabhairt ar Oholá agus ar Ohoilíbeá agus a n-imeachtaí gránna a chur ina leith? ³⁷Óir rinne siad adhaltranas, tá fuil ar a lámha, rinne siad adhaltranas lena n-íola. Na páistí a rug siad domsa rinne siad íobairtí dóite dá n-íola díobh. ³⁸Tuilleadh fós a rinne siad orm, thruailligh siad mo shanctóir an lá céanna agus mhill siad mo shabóidí. ³⁹An uair a



mharraigh siad a bpáistí mar íobairtí dá n-íola tháinig siad faoi dhéin mo shanctóra-sa an lá céanna á thruailliú. Sea, sin mar a chruthaigh siad i mo theachsa.

⁴⁰“Níos measa fós, chuir siad fios trí theachtairí ar fhir teacht ó chian agus féach, tháinig siad. Nigh tú thú féin ar a son, dhathaigh tú do shúile, chóirigh tú thú féin le seoda; ⁴¹shuigh tú ar leaba shómasach a raibh tábla lena hairs ar ar chuir tú mo thúis agus m’ola. ⁴²Bhí ragairne an chomhludair léi le cloisteáil os ard mar gheall ar an daoscar a tugadh isteach ón fhásach; chuir siad braisléid ar chaolta láimhe na mban agus corónacha breátha ar a gcinn. ⁴³Dúirt mé ansin: Nach ndéanann na fir seo adhaltranas anois nuair a mheidríonn siad léi? ⁴⁴Óir chuaigh siad ina dáil amhail fir i ndáil striapaí. Ba mar seo a chuaigh siad i ndáil Oholá agus Ohoilíbeá, mná na graostachta. ⁴⁵Ach daorfaidh na fíréin iad mar bhanadhaltranaigh agus mar bhanmharfóirí, de bhrí gur banadhaltranaigh iad agus go bhfuil fuil ar a lámha.”

⁴⁶Deir an Tiarna Dia é seo: “Tabhair slua aníos ina gcoinne agus tabhair suas don uafás agus don chreach iad. ⁴⁷Clochfaidh an slua iad agus coscroidh leis an gclaíomh iad; maróidh siad a mic agus a n-iníonacha agus dófaidh a dtithe. ⁴⁸Mar sin a choscfaidh mé graostacht sa tír, ionas go nglacfaidh an uile bhean chuici féin an rabhadh gan déanamh de réir bhur ngraostachta-sa. ⁴⁹Cúiteofar bhur ngraostacht libh agus luífidh oraibh ualach na bpeacaí a rinne sibh leis na híola. Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna Dia.”

Fáthscéal an Phota

24 Sa naoú bliain, ar an deichiú lá den deichiú mí, tháinig briathar an Tiarna chugam. ²“A mhic an duine, scríobh síos dáta an lae inniu, inniu féin. Chuir rí na Bablóine



Iarúsailéim faoi léigear inniu féin.³ Inis fáthscéal don dream ceannairceach seo agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Cuir an pota síos,
Cuir síos é agus doirt uisce ann.

⁴Cuir na spólaí feola isteach,
gearrthóga den chéad scoth,
an tsliasaid agus an slinneán;
líon é le togha na gcnámh.

⁵Glac togha an tréada,
coinnigh connadh ina mholl fúithi.
Tabhair ar an bpota fiuchadh leis
ionas go mbruithfear na cnámha féin.

⁶“Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia:

Is mairg don chathair fhuilteach,
don phota meirgeach
nach bhfuil a mheirg inghlanta!
Taosc é greim ar ghreim
gan crainn a chaitheamh.

⁷Óir tá a fuil ina lár fós.
D’fhág sí í ar charraig lom;



níor dhoirt ar an talamh
lena ceilt faoin deannach.

⁸Chun mo chuthach a ghríosú,
chun cúiteamh a bhaint amach,
d'fhág mé a fuil ar charraig lom
ionas nach i bhfolach a bheadh sí.

⁹“Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia:

Is mairg don chathair fhuilteach!
Déanfaidh mise craos tine.

¹⁰Coinnigh an connadh léi, las í,
bruith an fheoil go maith, spíosraigh í,
dóitear na cnámha.

¹¹Cuir an pota folamh ansin ar na haibhleoga
go dtí go mbeidh a phrás te,
go loiscfidh an práis ina chaor the,
go leáfar an salachar istigh,
go ndófar an mheirg.

¹²“Ba in aisce a chaith mé mo neart leis: ní dhónn an mheirg throm sa tine. ¹³Is í do ghraostacht ghránna an mheirg úd. De bhrí gur mhian liomsa tú a ghlanadh agus nár mhian leat féin é, ní ghlanfar arís thú go n-ídeoidh mise mo chuthach ort. ¹⁴Mise, an



Tiarna, a labhair; fíorófar m’fhocal. Gníomhóidh mé agus ní rachaidh mé siar air; ní dhéanfaidh mé trua ná aithreachas; tabharfaidh mé breithiúnas ort de réir d’imeachtaí agus do ghníomhartha – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Pianpháis an Fháidh

¹⁵Tháinig briathar an Tiarna chugam fosta: ¹⁶“A mhic an duine, bainfidh mé mian do shúl uait ar an toirt; ach ná bac a bheith ag mairgneach ná ag caoineadh ná ag sileadh deor. ¹⁷Lig ochón asat os íseal, ná déan cumha ar son na marbh. Ceangail turban do chinn ort agus do chuaráin ar do chosa; ná clúdaigh do bhéal, ná hith arán na ndobrónach.”

¹⁸D’inis mé an scéal sin don phobal ar maidin agus d’éag mo bhean chéile um thráthnóna. Maidin lá arna mhárach chuir mé i gcrích mar a ordaíodh dom. ¹⁹Dúirt an pobal liom: “Nach n-inseoidh tú dúinn cad é mar a bhaineann na gnóthaí seo agat linne?” ²⁰Dúirt mé leo ansin: “Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²¹‘Abair le muintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé ar tí mo shanctóir a thruailliú, togha bhur nirt, mian bhur súl, dúil bhur n-anama. Bhur mic agus bhur n-iníonacha, iadsan a fhágfaidh sibh in bhur ndiaidh, titfidh siad leis an gclaíomh. ²²Déanfaidh sibh mar a rinne mise; ní chlúdóidh sibh bhur mbéal, ní íosfaidh sibh arán na ndobrónach. ²³Caithfidh sibh an turban ar bhur gcinn agus na cuaráin ar bhur gcosa; ní dhéanfaidh sibh gol ná gearán, ach cnaífidh sibh de bharr bhur bpeacaí, mairgneoidh sibh in bhur measc féin. ²⁴Beidh Eizicéil ina chomhartha daoibh. Déanaigí de réir mar rinne seisean. Nuair a thitfidh seo amach tuigfidh sibh gur mise an Tiarna Dia.’



²⁵“Agus, a mhic an duine, an lá a mbainfidh mé a mic agus a n-iníonacha díobh, gurb iad a neart, a ngairdeas agus a nglóir iad, mian a súl agus dúil a n-anama; ²⁶an lá sin tiocfaidh fear ar a theitheadh ag insint an scéil duit. ²⁷An lá sin osclóidh do bhéal chun labhairt leis an bhfear ar a theitheadh; labhróidh tú agus ní bheidh tú balbh a thuilleadh. Beidh tú i do chomhartha dóibh agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna.”

Fáistíní in Éadan na Náisiún

In Éadan na nAmónach

25 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh i dtreo na nAmónach agus tairngir ina n-éadan. ³Abair leis na hAmónaigh: Éistigí le briathar an Tiarna Dia. Seo mar a deir an Tiarna: De bhrí go ndúirt tú: ‘Há! Há!’ ag baint sult as truailliú mo shanctóra, as bánú thír Iosrael agus as deoraíocht mhuintir Iúdá; ⁴dá bhrí sin uile, tabharfaidh mé suas thú mar ghabháltas do mhuintir an oirthir. Suífidh siad campa istigh i do lár agus cuirfidh siad fúthu ansin; íosfaidh siad do thorthaí agus ólfaidh siad do bhainne. ⁵Déanfaidh mé páirc innilte do na camaill as Rábá agus banrach do chaoirigh as bailte Amón. Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna.

⁶“Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí go raibh tú ag bualadh bos agus ag rince le háthas agus an t-olc istigh agat do thír Iosrael, ⁷sínfidh mé mo lámh in bhur n-éadan dá bharr. Tabharfaidh mé suas thú mar chreach do na ciníocha; réabfaidh mé as a chéile thú mar náisiún; scriosfaidh mé thú mar thír, millfidh mé thú. Tuigfidh tú ansin gur mise an Tiarna.



In Éadan Mhóáb

⁸“Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí go ndúirt Móáb agus Saeír, féach, tá muintir Iúdá ar aon dul leis na ciníocha eile; ⁹dá bhrí sin, gearrfaidh mé trí theorainn chnocach Mhóáb agus scriosfaidh mé na cathracha sa dúiche, ábhar mórtais na tíre, Béit Isimiot, Bál Meón agus Ciriataím. ¹⁰Tabharfaidh mé suas í do mhuintir an oirthir, naimhde na nAmónach. Tabharfaidh mé suas í ionas go n-imeoidh na hAmónaigh as cuimhne na gciníocha. ¹¹Sin mar a chuirfidh mé pionós ar Mhóáb agus tuigfidh cách gur mise an Tiarna.

In Éadan Eadóm

¹²“Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur imir Eadóm díoltas ar mhuintir Iúdá agus gur pheacaigh go trom lena linn; ¹³dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Sínfidh mé mo lámh amach in éadan Eadóm agus coscróidh mé idir dhuine agus bheithíoch. Bánóidh mé an tír; titfidh fir leis an gclaíomh ó Théamán go Déadán. ¹⁴Imreoidh mé díoltas ar Eadóm le cuidiú mo phobail, Iosrael. Caithfidh siad le hEadóm de réir mo chuthach feirge agus aithneoidh cách gurb é mo dhíoltas é – an Tiarna Dia a labhraíonn.

In Éadan na bhFilistíneach

¹⁵“Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur imir na Filistínigh díoltas, díoltas mailíseach, agus gur thug siad faoi scriosadh le naimhdeas gan stad; ¹⁶dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Sínfidh mé mo lámh amach in éadan na bhFilistíneach, coscróidh mé



na Ceiréitigh, agus scríosfaidh an chuid eile de lucht an chósta. ¹⁷Imreoidh mé díoltas mór orthu agus tabharfaidh mé drochíde fhíochmhar orthu. Nuair a leagfaidh mé mo dhíoltas orthu tuigfidh siad gur mise an Tiarna.”

In Éadan na Tuíre

26San aonú bliain déag, ar an gcéad lá den mhí, tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, de bhrí go ndúirt an Tuír go fonóideach i gcoinne Iarúsailéim: ‘Tá geata na gciníocha briste, tá sé ar oscailt romham, beidh mo sháith agamsa anois ó tá sé scríosta,’ ³dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, a Thuír, tá mise i do choinne. Tabharfaidh mé ar mhórán ciníocha éirí i do choinne nuair a choipeann an fharraige na tonnta. ⁴Réabfaidh siad ballaí na Tuíre, brisfidh siad anuas na túir inti; scríobfaidh mé an chreath agus fágfaidh ina carraig nocht í. ⁵Beidh sí mar ionad triomaithe eangacha i lár na farraige. Óir mise a dúirt – an Tiarna Dia a labhraíonn – beidh sí ina creach ag na ciníocha. ⁶A hiníonacha ar tír mhór titfidh siad leis an gclaíomh, agus tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.

⁷“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, seolfaidh mé Nabúcadnazar, rí na Babilóine, rí na ríthe, aduaidh i gcoinne na Tuíre, le capaill agus carbaid agus marcshlua – le comhthionól mór daoine. ⁸Maróidh sé d’iníonacha leis an gclaíomh ar tír mhór; déanfaidh sé balla léigir i do choinne, tógfaidh sé móta cré i do choinne agus caithfidh suas sciath chosanta i do choinne. ⁹Réabfaidh sé do bhallaí lena reithe cogaidh, leagfaidh sé do thúir lena oird mhóra. ¹⁰Beidh a oiread capall aige go gclúdóidh an deannach thú; beidh do



bhallaí ar crith agat le tormán an mharcshlua, na rothaí agus na gcarbaid, agus é ag teacht isteach an geata amhail fear a thagann isteach i gcathair a cuireadh faoi chois. ¹¹Satlóidh crúba a chuid capall ar do shráideanna uile, maróidh sé do mhuintir leis an gclaíomh, agus teilgfidh do cholúin ollmhóra síos go talamh. ¹²Déanfar creach de do shaibhreas agus éadail de d'earraí; réabfar do bhallaí agus scriosfar do thithe breátha, teilgfear do chlocha, do chláir adhmaid agus fiú do bhruscar cré, i lár na farraige. ¹³Tabharfaidh mé ar do cheol agus ar d'amhráin cosc; ní chloisfear fuaim do chláirseach níos mó. ¹⁴Fágfaidh mé thú i do charraig nocth, i d'ionad triomaithe eangacha; ní thógfá arís thú. Mise, an Tiarna, a dúirt – an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹⁵“Seo mar a deir an Tiarna Dia leis an Tuír: Nach rachaidh na hinsí ar crith le tormán do thitime, le cneadach na ndaoine gonta, agus leis an ár istigh? ¹⁶Ansin tiocfaidh prionsaí uile na farraige anuas óna ríchathaoireacha, bainfidh sibh díobh a gclócaí, cuirfidh uathu a n-éide bhróidnéirithe. Gléasfaidh siad iad féin agus scanradh orthu; suífidh siad ar an talamh ag crith gan stad, agus uafás orthu mar gheall ortsa. ¹⁷Tógfaidh siad olagón ar do shon agus déarfaidh leat:

‘Níl rian díot fágtha ar na farraigí,
 a chathair iomráiteach,
 a bhí láidir tráth ar an bhfarraige,
 tú féin agus d'áitritheoirí
 a raibh an tír mhór uile scanraithe agaibh.



¹⁸ Anois critheann na hinsí
lá do thurnaimh;
is cúis inní d’imeacht
ag insí na farraige.’

¹⁹“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Nuair a scriosfaidh mé thú mar chathair agus tú a fhágáil amhail cathracha gan lucht cónaithe iontu, nuair a thabharfaidh mé an t-aigéan aníos os do chionn agus nuair a chlúdóidh na huiscí móra thú; ²⁰ ansin teilgfidh mé síos thú leis an dream a théann síos go Seól, mar a bhfuil muintir an tseansaoil, agus suífidh mé thú thíos in íochtar an domhain in uaigneas síoraí leis an dream a théann síos go Seól, ionas nach mbeidh áit agat choíche arís i dtír na mbeo. ²¹ Déanfaidh mé uafás díot; ní mhairfidh tú níos mó. Cé go mbeifear ar do lorg ní bheidh teacht ag aon duine ort choíche arís – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

An Tuír: An Long

27 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, caoin an Tuír. ³ Abair leis an Tuír, an chathair atá suite ar bhruach na farraige agus a dhéanann gnó leis an bpobal ar a lán insí: Seo mar a deir an Tiarna:

A Thuír, dúirt tusa:
‘Tá mé thar a bheith sciamhach.’



⁴ Shín do theorainn amach go farraige;
thug na saoir do sciamh chun foirfeachta.

⁵ Rinne siad do chláir uile
as crainn ghiúise Shainír.
Thug siad céadras ón Liobáin
a dhéanfadh crann seoil duit.

⁶ As daracha Bháiseán
a rinne siad do rámhaí.
Chuir siad do bhord le chéile
le péine as Insí na Mara,
agus é maisithe le heabhar.

⁷ Ba línéadach mín ón Éigipt,
ar a raibh obair bhróidnéirithe,
do sheol agus do mheirge ar aon.
Ba ghorm corcra do scáthbhrat
ó insí Eilíseá.

⁸ Ba de mhuintir Shíodóine agus Arvad
do rámhaithe;
bhí do shaoithe ar bord, a Thuír,
mar lucht stiúrtha.

⁹ Bhí sinsir Ghabal,
agus a fir dheaslámhacha ionat,



ag calcadh do shiúntaí.
 Bhíodh loingeas na farraige uile
 agus a bhfoirne mairnéalach
 ar cuairt trádála agat.

¹⁰“Bhí fir na Peirse, Lúd agus Pút, ar do shlua gaiscíoch; chrochaidís an sciath agus an ceannbheart ionat; chuiridís le do dhea-chlú. ¹¹Bhí fir Arvad le do shlua ar do bhallaí máguaird agus fir Ghamád i do thúir. Chrochaidís a sciath ar do bhallaí máguaird; thug siad do scéimh chun foirfeachta. ¹²Bhí Tairsís ag trádáil leat mar gheall ar mhéid do shaibhris. Malartaíodh airgead, iarann, stán agus luaidhe ar d’earraí. ¹³Bhí Iáván, Túbal agus Meisic ag trádáil leat; mhalartaíodh daoine agus soithigh phráis ar d’earraí.

¹⁴Mhalartaíodh muintir Bhéit Tógarmá capaill, capaill chogaidh agus miúileanna ar d’earraí. ¹⁵Bhí fir Dhéadán ina gceannaithe agat; bhí margai mórán oileán faoi do réir; d’íoc siad thú le starrtha eabhair is éabainn. ¹⁶Bhí trádáil ag Eadóm leat mar gheall ar iomad d’earraí; dhíolaidís ar do mhargadh carmhogail, corcra, obair bhróidnéirithe, línéadach mín, coiréal agus rúbíní. ¹⁷Bhí trádáil ag Iúdá agus ag tír Iosrael leat fosta; dhíolaidís ar do mhargadh cruithneacht Mhinnít, [céir], mil, ola agus balsam. ¹⁸Bhí an Damaisc ina ceannaí agat mar gheall ar fhluirse d’earraí agus méid do shaibhris, fíon Heilbeon agus olann bhán ó Záchar. ¹⁹Thug Dán agus Iáván, ó Úzál amach, iarann buailte, caisia agus calmas duit ar d’earraí. ²⁰Bhí Déadán ag trádáil leat i gcídeoga capaill. ²¹Bhí an Aráib agus prionsaí uile Chéadar ag trádáil leat in uain, i reithí agus i ngabhair. ²²Thrádáil ceannaithe Sheabá agus Rámá leat, ag malartú leat ar d’earraí togha na n-uile



spíosraí, clocha luachmhara agus ór. ²³Thrádáil Hárán, Canae, Éidin, ceannaithe Sheabá, Aisiúr agus Chilmead leat. ²⁴Thrádáil siad leat in éadaí luachmhara, i gclócaí corcra ar a raibh obair bhróidnéirithe, i mbrait ildathacha agus i gcorda casta téagrach. ²⁵Tháinig longa Thairsís trasna na farraige chun do mhargaidh.

Bhí lasta mór lomlán ort
i gceartlár na farraige.

²⁶Rámhaigh do rámhaithe thú
amach ar an bhfarraige mhór.
Bhris an ghaoth anoir thú
i gceartlár na farraige.

²⁷Do shaibhreas, d'earraí, do lasta,
d'fhoireann, do mhairnéalaigh,
do chalcairí, do cheannaithe,
do fhir chogaidh atá ar bord,
agus do chomhluadar uile;
rachaidh siad uile go tóin poill
i gceartlár na farraige
lá do longbhriste.

²⁸Nuair a sheolfaidh
scread na mairnéalach ina gcluasa,
crithfidh muintir na gcóstaí.



- ²⁹ Tiocfaidh na rámhaithe anuas dá longa;
na mairnéalaigh agus lucht farraige uile,
fanfaidh siad ar an gcladach.
- ³⁰ Tógfaidh siad olagón ar do shon,
ag caoineadh go géar goirt.
Caithfidh siad deannach ar a gcinn,
ag únfairt i luaitheach.
- ³¹ Bearrfaidh siad a gcinn ar do shon,
crioslóidh iad féin le sacéadach,
caoinfidh siad ar do shon
le doilíos croí go géar goirt.
- ³² Tógfaidh siad olagón agus lógóireacht os do chionn,
agus iad ag caoineadh ar do shon:
Cé riamh a scriosadh
mar a scriosadh an Tuír i lár na farraige?
- ³³ Nuair a tháinig do lastaí i dtír
chothaigh tú a lán daoine;
shaibhrigh tú ríthe an domhain
le méid do mhaoine is d'earraí.
- ³⁴ Tá tú scriosta anois ag na huiscí,
i ndoimhneacht na farraige móire;



tá do lasta agus d'fhoireann báite
mar aon leat féin.

³⁵ Scanraigh an chinniúint muintir na n-insí;
tá uafás ar na ríthe iontu
agus cuma bhuartha ar a ngnúiseanna.

³⁶ Tá aos trádála na gciníocha
ag fonóid fút;
tháinig deireadh tubaisteach leat
agus ní bheidh tú ann arís choíche.’”

In Éadan Rí na Tuíre

28 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, abair le prionsa na Tuíre:
Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Dúirt tú le teann mórchúise:
Is dia mé,
suím in ionad Dé i lár na farraige.
Cé gur duine thú agus nach dia,
measann tú bheith ar aon chéim le Dia.
³ Is eagnaí thú ná Dainéil;
níl aon rún ceilte ort.



- ⁴ Le gaois agus le tuiscint
ghnóthaigh tú saibhreas;
chruinnigh tú ór agus airgead
i do chistí.
- ⁵ Mhéadaigh tú do stór
le do chríonnacht i gcúrsaí gnó;
bhorr do chroí de thairbhe do mhaoine.
- ⁶ Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia:
Measann tú bheith ar aon chéim le Dia.
- ⁷ Féach, tabharfaidh mé coimhthígh anuas ort,
an náisiún is barbartha ar na náisiúin;
tarraingeoidh siad an claíomh
in aghaidh scéimh d’eagna,
truailleoidh siad do ghlóir.
- ⁸ Teilgfídh siad síos thú go Seól,
agus gheobhaidh tú anbhás
i gceartlár na farraige móire.
- ⁹ An ndéarfaidh tú fós: ‘Is dia mé,’
i láthair lucht do mharfa?
Ní hea, is duine thú agus ní dia,
agus tú i lámha marfóirí!



¹⁰Éagfaidh tú le láimh an choimhthígh
amhail duine gan timpeallghearradh.
Mise a dúirt – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

¹¹Tháinig briathar an Tiarna chugam arís: ¹²“A mhic an duine, caoin rí na Tuíre agus abair leis: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Rug tú craobh na foirfeachta leat
le feabhas do ghaoise,
agus le maise do scéimhe;

¹³bhí tú in Éidin, i ngairdín Dé.
Bhí gach sort seoide i ndéantús do chloca,
sard, tópas, diamant,
criosailít, beiril, oinisc,
saifír, carmhogal, smaragaid;
ba as ór a rinneadh do thiompáin
agus do phíbeanna.

Gléasadh an t-iomlán
an lá ar cruthaíodh thú.

¹⁴Chuir mé thú i gcuideachta
ceiribín unghtha choimhdeachta;
bhí tú ar shliabh naofa Dé,
shiúil tú i measc na n-aibhleog dearg-the.



- ¹⁵ Bhí d'iompar gan locht
ón lá ar cruthaíodh thú
go dtí gur tháinig an t-olc fad leat.
- ¹⁶ Ba é do thrádáil ghnóthach
a líon le foréigean agus le peaca thú.
Chaith mé síos thú
mar rud truaillithe ó shliabh Dé;
theilg an ceiribín coimhdeachta amach thú
as lár na n-aibhleog te.
- ¹⁷ D'éirigh do chroí teann as do scéimh,
thruailligh tú do ghaois
mar gheall ar do niamhracht.
Theilg mé síos go talamh thú,
nocht mé thú os comhair ríthe
ionas go mbainfidís lán na súl asat.
- ¹⁸ Le hiomad do pheacaí
agus caimiléireacht do ghnóthaí,
thruailligh tú do shanctóirí;
bhain mé tine asat le do dhó,
rinne mé luathreach díot ar an talamh
os comhair gach duine a chonaic thú.



¹⁹ Is uafás thú
 ag do lucht aitheantais uile;
 is tubaisteach an chríoch a d'imigh ort;
 ní bheidh tú ann arís choíche.”

In Éadan Shíodóine

²⁰Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²¹“A mhic an duine, iompaigh i dtreo Shíodóine agus tairngir ina héadan. ²²Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Féach! tá mise i do choinne, a Shíodón;
 foilseoidh mé mo ghlóir tríotsa,
 agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna
 nuair a ghearrfaidh mé breithiúnais uirthi,
 agus nuair a thaispeánfaidh mé mo naofacht inti.

²³ Cuirfidh mé plá inti
 agus fuil ag rith ar na sráideanna.
 Titfidh na mairbh inti leis an gclaíomh
 ina timpeall ar gach taobh,
 agus tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.

Saor far Iosrael ó na Náisiúin

²⁴ Ní bheidh na comharsana tarcaisneacha arís
 mar dhris a scríobann,



nó mar dhealg a stróiceann muintir Iosrael.

Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna Dia.

²⁵“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Nuair a bhaileoidh mé muintir Iosrael as na ciníocha ina bhfuil siad scaipthe, is mar seo a thaispeánfaidh mé mo naofacht ina measc os comhar na gciníocha. Cuirfidh siad fúthu ina dtír féin, an tír a thug mé do Iacób, mo sheirbhíseach.

²⁶Cuirfidh siad fúthu ann le muinín, tógfaidh siad tithe cónaithe, cuirfidh síos fíonghoirt; cuirfidh siad fúthu ann le muinín. Nuair a ghearrfaidh mé breithiúnas ar na comharsana tarcaisneacha uile, tuigfidh siad gur mise an Tiarna, a nDia.”

In Éadan na hÉigipte

29 Sa deichiú bliain, ar an dara lá déag den deichiú mí, tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh i dtreo Fhorainn, rí na hÉigipte, agus tairngir ina éadan agus in éadan na hÉigipte uile. ³Labhair agus abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Féach, tá mise i d’aghaidh,
a Fhorainn, a rí na hÉigipte,
a chrogaill mhóir,
ag únfairt i lár srutháin na Níle,
a deir: ‘Is liomsa féin an Níl,
mise a rinne [í].’



⁴ Cuirfidh mé duáin trí do ghialla
agus tabharfaidh ar éisc do shruthán
dul i bhfostú i do lanna.
Tabharfaidh mé aníos thú as do shrutháin
agus éisc uile do shruthán
i bhfostú i do lanna.

⁵ Caithfidh mé amach san fhásach thú,
tú féin agus éisc uile do shruthán;
titfidh tú ar mhachaire lom,
gan do chruinniú le chéile
ná do chur sa talamh.
Tabharfaidh mé mar bhia thú
do bheithígh an mhachaire
agus d' éanlaith an aeir,

⁶ ionas go dtuigfidh muintir uile na hÉigipte
gur mise an Tiarna.
Óir bhí tusa mar bhata giolcaí
ag muintir Iosrael.

⁷ Nuair a rug siad greim ort
bhris tú ina lámha,
agus réab a nguailí uile;
nuair a lig siad taca leat



bhris tú arís

agus chuir a leasracha ar crith.

⁸“Ar an ábhar sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tabharfaidh mé an claíomh anuas ort agus coscróidh mé idir dhuine agus bheithíoch. ⁹Fágfar an Éigipt ina fásach lom agus tuigfear ansin gur mise an Tiarna. De bhrí go ndúirt sé: ‘Is liomsa an Níl, mise a rinne í’; ¹⁰dá bhrí sin tá mise i do choinne agus i gcoinne do shruthán. Fágfaidh mé an Éigipt ina fásach lom folamh ó Mhigdeol go Saené, fad le teorainn na hAetóipe. ¹¹Ní rachaidh cos duine tríd, ní mó a rachaidh crúb beithígh tríd; fágfar é gan cónaí ann go ceann daichead bliain. ¹²Fágfaidh mé tír na hÉigipte ina fásach i measc tíortha fásaigh agus a cathracha scriosta i measc cathracha scriosta eile go ceann daichead bliain. Scaipfidh mé na hÉigiptigh i measc na gciníocha, agus cuirfidh mé an ruaig orthu ar fud na dtíortha. ¹³Seo mar a deir an Tiarna Dia: i gcionn daichead bliain cruinneoidh mé na hÉigiptigh ó na ciníocha a raibh siad scaipthe ina measc. ¹⁴Tabharfaidh mé braighdeanaigh na hÉigipte ar ais agus socróidh mé iad i dtír Phatros, tír a ndúchais, áit a ndéanfaidh siad ríocht uiríseal. ¹⁵Beidh sí ar an ríocht is uiríse dá mbeidh ann agus ní bheidh smacht aici níos mó ar na ciníocha eile. Laghdóidh mé í ionas nach mbeidh sí arís i gceannas ar na ciníocha. ¹⁶Ní hé amháin nach mbeidh sí ina crann taca ag muintir Iosrael ach cuirfidh sí a peacaí i gcuimhne do Iosrael nuair a iarrfaidh Iosrael cuidiú uirthi. Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna Dia.”



Tuarastal Nabúcadnazar

¹⁷Sa seachtú bliain is fiche, ar an gcéad lá den chéad mhí, tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁸“A mhic an duine, thug Nabúcadnazar, rí na Bablóine, ar a shlua saothar mór a dhéanamh in aghaidh na Tuíre. Rinneadh maol gach ceann agus lomadh craiceann gach gualainne; ach ina ainneoin sin ní bhfuair sé féin ná a shlua aon bhuntáiste ón Tuír ar son an tsaothair seo ina haghaidh. ¹⁹Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tabharfaidh mé tír na hÉigipte do Nabúcadnazar, rí na Bablóine; tabharfaidh sé leis a maoin go léir idir éadáil agus chreach mar thuarastal dá shlua. ²⁰Tá mé ag tabhairt tír na hÉigipte dó mar luach a shaothair de bhrí gur oibrigh sé ar mo shonsa – an Tiarna Dia a labhraíonn.

²¹“An lá sin tabharfaidh mé ar adharc eascairt as muintir Iosrael agus ligfidh mé duit do bhéal a oscailt chun labhairt leo. Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.”

Lá an Tiarna

30Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, tairngir agus abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia:

Caoin: ‘Mairg don lá!’

³Óir tá an lá ar láimh,
tá lá an Tiarna ar láimh;

lá dorcha, scamallach a bheidh ann,



deireadh ré do na ciníocha.

⁴Tiocfaidh an claíomh ar an Éigipt;
beidh scanradh ar an Aetóip
nuair a thitfidh na mairbh san Éigipt,
nuair a bhéarf ar shiúl a maoin
agus go réabfar a bunsraith.

⁵“Muintir na hAetóipe, Pút agus Lúd, muintir na hAráibe agus na Libe, agus muintir thír
an chonartha; titfidh siad ina gcuideachta leis an gclaíomh.

⁶Seo mar a deir an Tiarna:
Titfidh lucht taca na hÉigipte,
rachaidh a neart mórchúiseach i laige,
titfidh siad inti leis an gclaíomh
ó Mhigdeol go Saené
an Tiarna Dia a labhraíonn.

⁷Bánófar í
i measc na dtíortha a bheidh bánaithe,
scriosfar a cathracha
i measc na gcathracha a bheidh scriosta.

⁸Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna,
nuair a chuirfidh mé tine leis an Éigipt,
nuair a bhrisfear a tacaí go léir.



⁹“An lá sin rachaidh teachtairí amach uaimse i longa a chur eagla ar na hAetópaigh neamhchúramacha. Tiocfáidh uafás orthu lá na hÉigipte; óir, féach é ag teacht!

¹⁰ Seo mar a deir an Tiarna Dia:
Coscróidh mé sluaite na hÉigipte
le láimh Nabúcadnazar, rí na Bablóine.

¹¹ É féin agus a shlua,
an dream is barbartha amuigh,
tabharfar isteach iad
leis an tír a chreachadh.
Tarraingeoidh siad claíomh
i gcoinne na hÉigipte,
agus líonfaidh siad an tír le corpáin.

¹² Triomóidh mé aibhneacha na Níle,
díolfaidh an fearann le sladaithe,
bánóidh an fearann le sladaithe,
bánóidh mé an tír agus a bhfuil inti
le cuidiú na gcoimhthíoch.
Mise, an Tiarna, a dúirt.

¹³ Seo mar a deir an Tiarna Dia:
Scríosfaidh mé fós na híola,
cuirfidh mé críoch le híomhánna Nof



Fágfar an Éigipt gan taoiseach,
scanróidh mé tír uile na hÉigipte.

¹⁴ Bánóidh mé Patros,
cuirfidh tine le Zoan,
gearrfaidh breithiúnas ar Nó.

¹⁵ Doirtfidh mé díoltas ar Shín,
daingean na hÉigipte,
coscroidh mé sluaite Nó.

¹⁶ Cuirfidh mé tine leis an Éigipt,
beidh Sín faoi chlúdach scamail,
réabfar Nó as a chéile,
beidh Nof i sáinn ó lá go lá.

¹⁷ Titfidh macra Ón agus Phí Beisit, leis an gclaíomh,
rachaidh mná na gcathracha i mbraighdeanas.

¹⁸ Dorchóidh an lá i dTachpanaes
nuair a bhrisfidh mé cuing na hÉigipte ansin,
nuair a thiocfaidh deireadh lena neart mórchúiseach.
Beidh sí faoi chlúdach scamail,
rachaidh a hiníonacha i mbraighdeanas.

¹⁹ “Sin mar a ghearrfaidh mé breithiúnas ar an Éigipt. Tuigfear ansin gur mise an Tiarna.”



Géag Fhorainn á Briseadh

²⁰San aonú bliain déag, ar an seachtú lá den chéad mhí, tháinig briathar an Tiarna chugam: ²¹“A mhic an duine, bhris mé géag Fhorainn, rí na hÉigipte; ní dhearnadh é a cheangal lena leigheas, níor cuireadh bindealán air lena dhéanamh éifeachtach arís i gceann claímh. ²²Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé in aghaidh Fhorainn, rí na hÉigipte, agus brisfidh mé a ghéaga, an ceann slán agus an ceann a bhí briste cheana, agus tabharfaidh mé ar an gclaíomh titim as a láimh. ²³Ruaigfidh mé na hÉigiptigh i measc na gciníocha, scaipfidh mé iad ar fud na dtíortha. ²⁴Neartóidh mé géaga rí na Bablóine agus cuirfidh mé mo chlaíomh ina láimh; ach brisfidh mé géaga Fhorainn agus beidh gach aon chnead as i láthair a namhad amhail duine a goineadh go marfach. ²⁵Neartóidh mé géaga rí na Bablóine ach titfidh géaga Fhorainn; agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna. Nuair a chuirfidh mé mo chlaíomh i láimh rí na Bablóine sínfidh sé amach é ar thír na hÉigipte. ²⁶Ruaigfidh mé na hÉigiptigh i measc na gciníocha agus scaipfidh mé iad ar fud na dtíortha. Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.”

Fáthscéal an Chéadrais

31 San aonú bliain déag, ar an chéad lá den tríú mí, tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, abair le Forann, rí na hÉigipte, agus lena ghéillsinigh:

Cad leis is cosúil tú i do mhórgacht?

³Le céadras sa Liobáin gan amhras,
le géaga breátha, beangáin dhlútha agus stoc ard,



a bharr i measc na néalta.

⁴ Chothaigh na huiscí é,
thug an duibheagán air fás go hard,
trína aibhneacha a chur ag sní
thar láthair a fhréamhaithe,
a shrutháin chun crainn uile na foraoise.

⁵ Uime sin d'fhás sé nób airde ná na crainn eile;
mhéadaigh a bheangáin, shín a ghéaga amach
de thairbhe flúirse an uisce a tháinig fad leis.

⁶ Neadaíodh ina ghéaga éanlaith uile an aeir;
bheireadh na hainmhithe allta uile a n-óga faoina chraobhacha;
shuíodh faoina scáile daoine de gach sórt.

⁷ Ba bhreá a mhéid agus fad a bheangán,
chuaigh na fréamhacha síos i bhflúirse an uisce.

⁸ Ní raibh céadras inchurtha leis i ngairdín Dé;
ní raibh a leithéid de ghéaga ag giúis ar bith,
ná a leithéid de bheangáin ag crann plána,
ná a leithéid de scéimh ag aon chrann i ngairdín Dé.

⁹ Rinne mé dóighiúil é lé hiomad a ghéag;
bhí gach crann in éad leis in Éidin, i ngairdín Dé.

¹⁰“Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur fhás sé in airde agus gur bhain a bharr na néalta amach, agus gur éirigh sé teann as a airde, ¹¹thug mé suas é do thaoiseach



na gciníocha, leis an drochíde atá tuillte aige a thabhairt dó go dearfa. Chaith mé uaim é.

¹²Gearradh anuas é ag coimhthígh, an dream is barbartha amuigh, agus caitheadh ar leataobh é. Tá a ghéaga scaipthe ar na sléibhte agus san uile ghleann; tá a bheangáin bhriste ag líonadh gach cumair sa tír; d'imigh gach duine sa tír óna scáth agus thréig é.

¹³Tuirlingíonn éanlaith uile an aeir ar an raic; tá pluaiséanna ag na hainmhithe allta faoina chraobhacha. ¹⁴As seo amach ná fásadh aon chrann in airde mhór le hais na n-uiscí, ná baineadh barr aon chrainn na néalta amach, ná síneadh aon chrann dea-uiscithe a airde iomlán ina dtreo. Tá an bás i ndán dóibh uile, an réigiún in íochtar na talún mar a dtéann daoine i gcoitinne chomh maith leosan a théann síos go Seól.

¹⁵“Seo mar a deir an Tiarna Dia: An lá a ndeachaigh sé síos go Seól, thug mé ar an duibheagán caoineadh ar a shon trína aibhneacha a chosc agus a bhflúirse uisce a dhul i ndísc. Chuir mé an Liobáin faoi ghruaim ar a shon agus thug ar chrainn uile na páirce seargadh. ¹⁶Chuir mé na ciníocha ar crith le callán a thitime nuair a theilg mé síos é go Seól ina gcuideachta siúd a théann síos sa pholl. Sa réigiún thíos ghlac crainn uile Éidin sólás, crainn uaisle áille uile na Liobáine a chothaítí lé huisce. ¹⁷Na ciníocha a dhéanadh cónaí faoina scáth, chuaigh siad uile síos leis go Seól chucu siúd a bascadh leis an gclaíomh.

¹⁸“An raibh aon cheann de chrainn Éidin inchurtha leat i mórgacht agus i méid? Ina dhiaidh sin agus uile teilgeadh síos thú le crainn Éidin in íochtar an domhain. Luífidh tú ansin i measc an dream gan timpeallghearradh, ina measc siúd a bascadh leis an gclaíomh.

“Is é seo Forann agus a ghéillsinigh – an Tiarna Dia a labhraíonn.”



Caoineadh Fhorainn

32 Sa dara bliain déag, ar an gcéad lá den dara mí déag, tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, caoin Forann, rí na hÉigipte, agus abair leis:

Ba dhóigh leat gur leon óg thú i measc na gciníocha.
 Ach is crogall thú sna farraigí;
 brúchtann tú i d’aibhneacha,
 corraíonn tú na huiscí le do spága,
 salaíonn tú na sruthanna.

³ Seo mar a deir an Tiarna Dia:
 Leathfaidh mé m’eangach os do chionn
 agus tú i gcomhluadar a lán pobal;
 tabharfaidh siad aníos i m’eangach thú.

⁴ Fágfaidh mé ansin ar an talamh thú,
 teilgfidh mé amach ar an mblár folamh thú,
 tabharfaidh mé ar an éanlaith tuirlingt ort
 agus ar bheithígh an domhain thú a alpadh.

⁵ Scaipfidh mé do chuid feola ar na sléibhte,
 agus líonfaidh mé na gleannta le do chonablach.



⁶Fliuchfaidh mé le do shruth fola
an talamh fad leis na sléibhte;
agus beidh na claiseanna lán díot.

⁷Nuair a scriosfaidh mé thú
clúdóidh mé na spéartha,
agus dorchóidh mé na réaltaí;
cuirfidh mé smúid ar an ngrian le scamall
agus ní thabharfaidh an ghealach a solas.

⁸Tabharfaidh mé ar shoilse uile na spéire
múchadh os do chionn,
agus ar an dorchadas titim anuas ar do thír
– an Tiarna Dia a labhraíonn.

⁹“Cuirfidh mé buaireamh croí ar a lán daoine nuair a scriosfar thú os comhair na
gciníocha, tíortha nach eol duit. ¹⁰Cuirfidh mé scéin ar a lán daoine mar gheall ort, agus
uafás ar ríthe i do thaobh nuair a nochtfaidh mé mo chlaíomh os a gcomhair. Creathnóidh
siad gan stad lá do thurnaimh agus eagla an bháis ar an uile dhuine acu. ¹¹Óir seo mar a
deir an Tiarna Dia: Tiocfaidh claíomh rí na Bablóine ort. ¹²Tabharfaidh mé ar do shlua
titim le claimhte na gcumhachtach, gach duine díobh ar an dream is barbartha ar na
ciníocha. Cuirfidh siad ar neamhní mórchúis na hÉigipte agus caillfear a pobal uile.

¹³Scriosfaidh mé an uile bheithíoch ar bhruach na n-uiscí móra. Ní chorróidh cos duine



iad níos mó, ní chorróidh crúb beithígh iad ach oiread. ¹⁴Déanfaidh mé na huiscí gléghlan agus cuirfidh mé na srutháin ag rith mar ola – an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹⁵Nuair a bhánóidh mé tír na hÉigipte,
nuair a fhágfar í ina fásach folamh,
nuair a bhascfaidh mé a gcónaíonn inti,
tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.

¹⁶“Sín é an caoineadh a thógfar; iníonacha na gciníocha a thógfaidh é. Tógfaidh siad é ar son na hÉigipte agus ar son a pobail uile – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Dul Síos na hÉigipte go Seól

¹⁷Sa dara bliain déag, ar an gcúigiú lá déag [den chéad mhí], tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁸“A mhic an duine, caoin pobal mór na hÉigipte; seol síos iad, ise agus iníonacha na gciníocha uaisle, in íochtar an domhain, chucu siúd atá imithe síos go Seól:

¹⁹An áille tusa ná aon duine?
Gabh síos, agus luigh leis an dream
gan timpeallghearradh.’

²⁰“Titfidh siad i measc an dream a maraíodh leis an gclaíomh; luífidh a sluaite uile ina cuideachta. ²¹Labhróidh na gaiscigh mhóra i Seól agus a lucht cúnata léi: ‘[Tar] anuas



agus [luigh] leis an dream gan timpeallghearradh, a thit leis an gclaíomh.’

²²“Tá an Asaír ansin agus a comhluadar uile, a n-uaigneanna ina timpeall; tá siad go léir marbh, arna dtitim leis an gclaíomh. ²³Tá siad curtha i bhfíoríochtar Sheól agus a slua timpeall a huaighe, gach duine acu marbh, arna thitim leis an gclaíomh. Ach bhí an uair ann a raibh tír na mbeo ar uafás roimpi.

²⁴“Tá Éalám ansin agus a comhluadar uile thart timpeall a huaighe, iad uile marbh, arna dtitim leis an gclaíomh; d’imigh siad síos gan timpeallghearradh in íochtar an domhain. Ach bhí an uair ann a raibh tír na mbeo ar uafás roimpi. Iompraíonn siad a náire leo siúd a théann síos go Seól. ²⁵Chóirigh siad leaba di i measc na marbh, lena slua uile timpeall a huaighe; gach duine acu gan timpeallghearradh, arna thitim leis an gclaíomh. Ach bhí uair ann a raibh tír na mbeo ar uafás roimpi. Iompraíonn siad a náire siúd a théann síos go Seól. Tá siad curtha ansin i lár na marbh.

²⁶“Tá Meisic agus Túbál ansin agus a gcomhluadar uile agus a n-uaigneanna thart timpeall, gach duine acu gan timpeallghearradh, arna thitim leis an gclaíomh; óir bhí tír na mbeo ar uafás rompu. ²⁷[Luíonn] siad le gaiscígh an tseansaoil, leosan a chuaigh síos go Seól in éide chatha, ar leagadh a gclaimhte faoina gcinn agus a sciatha ar a gcnámha; óir bhí tír na mbeo ar uafás roimh na gaiscígh seo. ²⁸Brisfear thú mar sin agus luífidh tú leis an dream gan timpeallghearradh, leosan a thit leis an gclaíomh.

²⁹“Tá Eadóim ansin, a ríthe agus a prionsaí uile, ina luí leosan a thit leis an gclaíomh in ainneoin a ngaisce. Luíonn siad leis an dream gan timpeallghearradh, leosan a chuaigh síos go Seól.



³⁰“Tá prionsaí uile an tuaiscirt agus muintir na Síodóine uile ansin, imithe síos faoi náire leis na mairbh, cé gur spreag siad uafás lena gcumhacht. Luíonn siad ansin gan timpeallghearradh leosan a thit leis an gclaíomh. Iompraíonn siad a náire siúd a théann síos go Seól.

³¹“Feicfidh Forann iad agus glacfaidh sé sólás nuair a fheicfidh sé méid an tslua a thit leis an gclaíomh, Forann agus a shlua go léir – an Tiarna a labhraíonn. ³²Eisean a raibh tír na mbeo ar uafás roimhe, luíonn sé anois leis an dream gan timpeallghearradh, leosan a thit leis an gclaíomh, Forann, agus a phobal uile. Is é an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Fáistíní an Ghealltanais

An Fáidh mar Fhear Faire

33 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, labhair le do mhuintir féin agus abair leo: Má thugaim an claíomh i gcoinne tíre ar bith, toghadh pobal na tíre sin fear dá muintir féin agus cuiridís ar garda é. ³Má fheiceann sé an claíomh ag teacht i gcoinne na tíre, séideadh sé an trumpa leis an bpobal a chur ar a bhfaichill. ⁴Má chluineann duine fuaim an trúmpa agus nach dtugann aird air, tiocfaidh a chlaíomh suas leis agus bascfaidh é. Beidh sé freagrach ina bhás féin. ⁵Chuala sé an trumpa agus níor thug aird air; beidh sé freagrach ina bhás féin. Ach an fear a thabharfaidh aird, tabharfaidh sé a bheatha slán.



⁶“Má fheiceann an garda an claíomh ag teacht, áfach, agus nach séideann an trumpa ionas nach gcuirtear an pobal ar a bhfaichill; agus má thagann an claíomh agus teacht suas le duine amháin acu, gheobhaidh an duine seo bás de bharr a pheaca ach beidh an garda freagrach ina bhás.

⁷“A mhic an duine, tá tusa ceaptha agam mar gharda do mhuintir Iosrael; aon uair a chluineann tú focal uaimse cuir ar a bhfaichill iad thar mo cheannsa. ⁸Má deirim le drochdhuine: A dhrochdhuine, éagfaidh tú gan teip; agus nach dtugtann tusa rabhadh dó iompú ó bhealach a aimhleasa, gheobhaidh an drochdhuine sin bás de bharr a pheaca ach cuirfidh mé an fhreagracht ortsa. ⁹Ach má thugann tú rabhadh don drochdhuine iompú óna aimhleas agus nach n-iompaíonn sé, gheobhaidh sé bás de bharr a pheaca ach tabharfaidh tusa do bheatha slán.

Breithiúnas an Tiarna

¹⁰“A mhic an duine, abair le muintir Iosrael: Seo mar a labhraíonn tú de shíor: ‘Tá ár bpeacaí agus ár gcionta mar ualach trom orainn agus táimid ag meath mar gheall orthu. Cad é mar a fhéadaimid maireachtáil?’ ¹¹Abair leo: ‘Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – ní mian liomsa bás an chiontaigh ach go n-iompódh sé óna bhealaí agus go mairfeadh sé. Filligí, filligí ó bhur ndrochbhealaí. Cad chuige bhur ndúil sa bhás, a mhuintir Iosrael?’

¹²“A mhic an duine, abair tusa le do phobal: Ní shaorfaidh a fhíréantacht an fíréan nuair a pheacaíonn sé; ní dhaorfaidh a pheacaí an peacach nuair a iompaíonn sé uathu; ní



thig leis an bhfíréan maireachtáil le taca a fhíríantachta chomh luath agus a pheacaíonn sé. ¹³Má deirim leis an bhfíréan go mairfidh sé cinnte, agus má dhéanann sé talamh slán dá fhíríantacht agus go bpeacaíonn, ní chuimhneofar ar aon phioc dá fhíríantacht, ach éagfaidh sé sa pheaca a rinne sé. ¹⁴Má deirim, áfach, le peacach: ‘Tá an bás i ndán duit cinnte’; agus go n-iompaíonn sé óna pheaca, agus déanamh mar is ceart agus mar is cóir; ¹⁵má thugann an peacach ar ais an geall fiach, má thugann uaidh ar shlad sé, má chloíonn sé le reachtanna na beatha, ag seachaint an pheaca; mairfidh sé go deimhín, ní éagfaidh sé. ¹⁶Ní chuimhneofar níos mó ina choinne ar pheaca ar bith dá ndearna sé; rinne sé mar is ceart agus mar is cóir, mairfidh sé go deimhin.

¹⁷“Ach deir do phobal: ‘Tá an Tiarna ag déanamh éagóra’; nuair is iad féin a dhéanann an éagóir. ¹⁸Nuair a thréigeann an fíréan a fhíríantacht agus peacú, éagfaidh sé dá bharr. ¹⁹Nuair a thréigeann an peacach a pheacaí le ceart agus cóir a dhéanamh, mairfidh sé dá bharr. ²⁰Deir sibhse, áfach: ‘Tá an Tiarna ag déanamh éagóra’; ach roinnfidh mé le gach duine agaibh de réir a bhealaí, a mhuintir Iosrael.”

An Fear ar a Theitheadh

²¹Sa dara bliain déag dár mbraighdeanas, ar an gcúigiú lá den deichiú mí, tháinig fear ar a theitheadh ó Iarúsailéim agus dúirt: “Tá an chathair gafa.” ²²Tharla go raibh lámh an Tiarna orm an tráthnóna sular tháinig an fear ar a theitheadh; bhí mo bhéal oscailte aige sular tháinig an fear an mhaidin dár gcionn. Osclaíodh mo bhéal agus ní raibh mé balbh a thuilleadh.



Léirscriosadh na Tíre

²³Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²⁴“A mhic an duine, deir áitritheoirí an fhásaigh i dtír Iosrael: ‘Bhí Abrahám ina aonar nuair a ghabh sé oidhreacht na dúiche seo. Ach tá a lán againne ann anois agus is linne, ar ndóigh, an tír mar oidhreacht.’

²⁵“Tá go maith, abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Itheann sibh feoil a bhfuil fuil inti, tógann sibh bhur súile chun bhur n-íol, agus doirteann sibh fuil; an síleann sibh mar sin fanacht i seilbh na talún? ²⁶Seasann sibh ar bhur gclaimhte, déanann sibh cionta gránna agus truaillíonn gach fear agaibh bean a chomharsan. An síleann sibh mar sin fanacht i seilbh na talún?

²⁷“Abair seo leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Dar mo bheo, na daoine atá san fhásach titfidh siad cinnte leis an gclaíomh; an fear ar an mblár folamh tabharfaidh mé do na hainmhithe allta é lena alpadh; éagfaidh lucht na ndaingean agus na bpluaiseanna leis an bplá. ²⁸Bánóidh agus léirscriosfaidh mé an tír, agus coiscfidh mé a cumhacht mórchúiseach. Beidh sléibhte Iosrael chomh bánaithe sin nach rachaidh aon duine tríothu arís. ²⁹Ansinn tuigfidh siad gur mise an Tiarna, nuair a bhánóidh agus léirscriosfaidh mé an tír mar gheall ar na cionta gránna go léir a rinne siad.”

Seanmóireacht gan Toradh

³⁰“A mhic an duine, tá do mhuintir ag caint ort ar na ballaí agus ag doirse na dtithe. Deir siad lena chéile: ‘Tar agus éist leis an mbriathar a ghabh amach ón Tiarna.’ ³¹Tagann



siad chugat ina sluaite mar is gnáth agus suíonn siad romhat mar phobal de mo chuidse agus cluineann siad do chaint, ach ní toil leo beartú dá réir. Léiríonn siad neart grá lena mbeola, ach téann a gcroí de réir a sainte. ³²Féachann siad ortsa mar a bheadh [duine a chanann] amhrán grá ann á ghabháil go binn le tionlacan gléas ceoil. Éistean siad le do bhriathra, ach ní dhéanann beart dá réir. ³³Nuair a thioctaidh seo i gcric, agus tíoctaidh gan teip, tuigfidh siad go raibh fáidh ina measc.”

Parabal na dTréadaithe

34 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, tairngir i gcoinne tréadaithe Iosrael. Tairngir agus abair leo, is é sin, leis na tréadaithe: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Mairg do thréadaithe Iosrael a bheathaíonn iad féin! Nár chóir do thréadaithe an tréad a bheathú? ³Itheann sibhse an tsail, gléasann sibh sibh féin le holann, maraíonn sibh an beithíoch biata, ach ní bheathaíonn sibh an tréad. ⁴Níor neartaigh sibh an t-easlán, níor leigheas an chaora thinn, níor cheangail sibh an bacach, níor thug ar ais an seachránaí, níor chuardaigh sibh an ceann a bhí cailte. Ba le láimh laidir throm a rialaigh sibh iad. ⁵De cheal tréadaí scaipeadh iad, ina gcreach ag na hainmhithe allta. ⁶Scaipeadh mo chaoirigh, chuaigh siad ar seachrán ar an uile shliabh agus ar an uile chnoc ard; scaipeadh mo chaoirigh ar fud an domhain gan aon duine lena lorg nó lena gcuardach.

⁷“Dá bhrí sin, a thréadaithe, éistigí le briathar an Tiarna. ⁸Dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – de bhrí go bhfuil mo chaoirigh mar chreach agus mar chothú ag na



hainmhithe allta de cheal tréadaí, agus de bhrí nár bhac na tréadaithe leis na caoirigh a lorg, ach gur bheathaigh siad iad féin agus nár bheathaigh siad mo chaoirigh; ⁹dá bhrí sin uile, a thréadaithe, éistigí le briathar an Tiarna. ¹⁰Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tabharfaidh mé na tréadaithe chun cúitimh. Bainfidh mé na caoirigh díobh agus ní ligfidh mé dóibh mo chaoirigh a bheathú níos mó. Ní bheathóidh na tréadaithe iad féin ach oiread as seo amach; sábhálfaidh mé mo chaoirigh óna mbéal. Ní bheidh siad mar chreach le hithe acu a thuilleadh.

¹¹“Óir seo mar a deir an Tiarna Dia. Cuardóidh mé féin na caoirigh agus beidh a gcúram orm féin amháin. ¹²Dála mar a bhíonn cúram na gcaorach ar an tréadaí a fhanann i lár an tréada scaipthe ar fán, coinneoidh mise súil ar mo chaoirigh. Déanfaidh mé iad a fhuascailt ó cibé áit ina ndeachaigh siad ar seachrán sa cheo agus sa dorchadas.

¹³Bainfidh mé amach as na ciníocha iad, baileoidh mé ó na tíortha iad, agus seolfaidh mé isteach ina ndúiche féin iad. Beathóidh mé iad ar shléibhte Iosrael, láimh leis na toibreacha agus i ngach uile áit chónaithe sa tír. ¹⁴Beathóidh mé iad in innilt mhéith agus beidh a mbanrach ar shléibhte arda Iosrael. Luífidh siad síos ansin i mbanrach mhaith agus beidh féarach méith acu ar shléibhte Iosrael. ¹⁵Beathóidh mise féin mo chaoirigh agus tabharfaidh orthu a scíste a ligean – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁶Cuardóidh mé an chaora chailte, tabharfaidh ar ais an seachránaí, ceanglóidh mé an bacach agus cuirfidh an t-easlán ina neart. [Tabharfaidh mé aire] don mhéith agus don láidir agus gheobhaidh siad cothú ceart uaimse.”



Scaradh na gCaorach

¹⁷“Maidir libhse, a thréad, seo mar a deir an Tiarna Dia: Tugaim breith idir caoirigh agus caoirigh, idir reithí agus pocáin. ¹⁸Ní leor libh innilt ar an bhféar méith ach satlaíonn sibh ar an gcuid eile le bhur gcrúba. Ní leor libh an t-uisce glan a ól ach truaillíonn sibh an chuid eile le bhur gcrúba. ¹⁹Caithfidh mo chaoirigh an féarach ar ar shatail sibh le bhur gcrúba a ithe agus an t-uisce a thruailligh bhur gcrúba a ól. ²⁰Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Tabharfaidh mise breith idir caora mhéith agus caora thanaí. ²¹De bhrí go mbrúnn sibh an uile easlán ar leataobh le bhur ngeadáin agus le bhur shlinneáin agus go mbuaileann sibh le bhur n-adharca iad leis an ruaig a chur orthu, ²²déanfaidh mé mo chaoirigh a fhuascailt; ní bheidh siad ina gcreach a thuilleadh. Tabharfaidh mé breith idir caora agus caora.

²³“Cuirfidh mé aon tréadaí amháin i gceannas, is é sin, mo sheirbhíseach Dáiví, agus beathóidh sé iad. Beathóidh sé iad agus beidh ina thréadaí acu. ²⁴Beidh mise, an Tiarna, i mo Dhia acu agus beidh Dáiví, mo sheirbhíseach, ina thaoiseach orthu. Mise, an Tiarna, a labhair. ²⁵Déanfaidh mé conradh síochána leo agus díbreoidh na hainmhithe allta ón tír, ionas gur féidir leo cur fúthu gan bhaol san fhásach agus codladh sna coillte. ²⁶[Socróidh mé iad thart ar] mo chnoc agus tabharfaidh an fheartainn dóibh in am trátha agus beidh sí ina fearthainn beannachtaí dóibh. ²⁷Tabharfaidh crainn na tuaithe a dtoradh agus an talamh a biseach, agus beidh siad gan bhaol ar a bhfód dúchais. Tuigfidh siad gur mise an Tiarna nuair a scaoilfidh mé ceangal a gcuinge agus iad a fhuascailt ó lucht a ndaoirse. ²⁸Ní bheidh siad ina gcreach níos mó ag na ciníocha; ní bheidh siad á n-alpadh ag



ainmhithe allta na tíre. Cónóidh siad gan bhaol agus ní bheidh aon duine ina chúis imní acu choíche. ²⁹Cuirfidh mé rathúnas fáis sna páirceanna dóibh ionas nach gcaillfear níos mó iad le gorta sa bhaile agus nach mbeidh orthu cur suas níos mó le masla na gcínocha. ³⁰Tuigfidh siad go bhfuil mise, a nDia, ina gcuideachta, agus gurb iadsan muintir Iosrael, mo phobal féin – an Tiarna Dia a labhraíonn. ³¹Is sibhse mo chaoirigh, an tréad atá ar féarach agam, agus is mise bhur nDia – an Tiarna Dia a labhraíonn.

In Éadan Eadóm

35 Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh i dtreo Shliabh Shaeír agus tairngir ina éadan. ³Abair leis: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, a Shliabh Shaeír, tá mé i do choinne agus sínfidh mé mo lámh amach i do choinne; fágfaidh mé i do fhásach léirscriosta thú. ⁴Bánóidh mé do chathracha agus fágfar folamh thú; tuigfidh tú gur mise an Tiarna. ⁵De bhrí gur chothaigh tú ionat féin de shíor an fhearg agus gur thug tú suas clann Iosrael don chlaíomh le linn a mí-áidh, le linn a bpíonóis deiridh; ⁶dá bhrí sin, dar mo bheo – an Tiarna Dia a labhraíonn – tabharfaidh mé suas chun fola thú agus leanfaidh fuil thú. De bhrí gur ciontach thú i ndoirtheadh fola dearbhaím go dtiocfaidh doirtheadh fola suas leat. ⁷Fágfaidh mé Sliabh Shaeír ina fhásach léirscriosta agus fágfaidh mé gan taistealaí ann ná as. ⁸Líonfaidh mé a shléibhte le corpáin; an dream a maraíodh leis an gclaíomh titfidh siad ar do chnoic, i do ghleannta agus i d’uile chumar. ⁹Fágfaidh mé thú i d’fhásach buan agus ní fhillfear ar do chathracha cónaithe. Tuigfidh tú ansin gur mise an Tiarna.



¹⁰“De bhrí go ndúirt tú: ‘Is liomsa an dá chine agus an dá thír seo: rachaimid ina seilbh san áit ina mbíodh an Tiarna.’” ¹¹Dá bhrí sin, dar mo bheatha – an Tiarna Dia a labhraíonn – roinnfidh mé leat de réir d’fheirge agus na haingíochta céanna a bhain le do fhuath féin ina n-aghaidh. Cuirfidh mé mé féin in aithne dóibh nuair a ghearrfaidh mé breithiúnas ortsa. ¹²Agus beidh fhios agat gur chuala mise, an Tiarna, an uile mhasla dar thug tú in aghaidh shléibhte Iosrael, a leithéid seo: ‘Bánaíodh iad, fágтар againne iad lena gcreachadh.’ ¹³Labhair tú go mórchúiseach fúmsa, do mo mhaslú arís agus arís eile; bhí cluas orm! ¹⁴Seo mar a deir an Tiarna Dia: Bánóidh mé thú, rud a chuirfidh áthas croí ar an tír uile. ¹⁵De bhrí gur bhain tú aoibhneas as nuair a bánaíodh oidhreacht mhuintir Iosrael, déanfaidh mé amhlaidh leatsa, a Shliabh Shaeír: bánófar thú agus Eadóim uile mar an gcéanna. Tuigfidh na daoine gur mise an Tiarna.”

Athfhás ar na Sléibhte

36 A mhic an duine, tairngir do shléibhte Iosrael, agus abair: A Shléibhte Iosrael, éistigí le briathar an Tiarna. ²Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur mhaslaigh an namhaid sibh, á rá go fonóideach: ‘Is linne anois na sléibhte cianaosta seo’, ³tairngir uime sin agus abair: Seo mar a deir an Tiarna: De bhrí gur bánaíodh, sea, agus gur scriosadh sibh ó gach taobh ionas go ndeachaigh na ciníocha eile i seilbh oraibh agus gur thosaigh cúlchaint agus scéalta mailíseacha ag dul thart i measc an phobail fúibh; ⁴dá bhrí sin, a shléibhte Iosrael, éistigí le briathar an Tiarna. Seo mar a deir an Tiarna Dia leis na sléibhte agus na cnoic, leis na cumair agus leis na gleannta, le fásaigh loma agus



cathracha bánaithe atá ina gcreach agus ina gceap magaidh ag na ciníocha máguaird:
⁵Sea, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dearbhaím é dar cuthach m'éada i gcoinne na gciníocha eile agus i gcoinne Eadóm uile a shealbhaigh agus a chreach mo thír-se le tréan áthais agus tarcaisne. ⁶Ar an ábhar sin tairngir mar gheall ar thír Iosrael. Abair leis na sléibhte agus leis na cnoic, leis na cumair agus leis na gleannta: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Labhraím le cuthach éada de bhrí gur maslaíodh sibh ag na ciníocha. ⁷Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dearbhaím go maslófar na ciníocha máguaird chomh maith libhse.

⁸“A shléibhte Iosrael, fásfaidh bhur ngéaga agus tabharfaidh sibh torthaí ar son mo mhuintire, Iosrael, a fhillfidh go luath. ⁹Sea, tá mise ar bhur son, fillfidh mé chugaibh; treabhfar agus síolfar sibh. ¹⁰Socróidh mé líon daoine oraibh, muintir Iosrael go hiomlán. Beidh pobal cónaithe sna cathracha arís agus atógfar na fothracha. ¹¹Méadóidh mé idir dhaoine agus ainmhithe oraibh; fásfaidh siad agus beidh breis orthu. Cuirfidh mé líon daoine oraibh mar a bhí i gcéaduair; déanfaidh mé sibh níos rathúla ná mar a bhí anallód, agus tuigfidh sibh dá bharr gur mise an Tiarna. ¹²A bhuí liomsa siúlfaidh daoine, mo mhuintir Iosrael oraibh arís; rachaidh siad i seilbh oraibh mar a n-oidhreach, agus ní dhéanfaidh sibh slad ar a bpáistí choíche arís.

¹³“Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí go ndúirt na daoine libh: ‘Is alpaire daoine sibh, déanann sibh slad ar pháistí an chine.’ ¹⁴Ar an ábhar sin, ní alpfaidh sibh daoine níos mó: ní dhéanfaidh sibh slad ar pháistí an chine arís – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁵Ní ligfidh mé arís daoibh masla na gciníocha a chloisteáil, ní bheidh oraibh arís éisteacht lé



tarcaisne na gciníocha, ní [dhéanfaidh sibh slad arís] ar pháistí an chine – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Athréim an Phobail

¹⁶Tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁷“A mhic an duine, nuair a chónaigh muintir Iosrael ina dtír féin thruailligh siad í lena ndrochimeachtaí. Bhí a n-iompar i mo láthairse neamhghlan mar fhuil mhíosúil mná. ¹⁸Scaoil mé mo chuthach leo de bharr na fola a dhoirt siad sa tír agus na n-íol lenar thruailligh siad í. ¹⁹Scaip mé iad i measc na gciníocha agus ruaig mé iad ar fud na dtíortha; ghearr mé breithiúnas orthu mar a thuill a n-iompar agus a mbearta. ²⁰Agus anois, thruailligh siad m’ainm naofa i measc na gciníocha cibé áit a ndeachaigh siad, ionas go ndeirtear fúthu: ‘Sin iad pobal an Tiarna, ach tá siad ar deoraíocht óna tír.’ ²¹Ach bhí mé buartha faoi m’ainm naofa a thruailligh muintir Iosrael i measc na gciníocha mar a ndeachaigh siad.

²²“Dá bhrí sin, abair le muintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ní dhéanaim seo, a mhuintir Iosrael, ar bhur sonra, ach ar son m’ainm naofa a thruailligh sibh i measc na gciníocha mar a ndeachaigh sibh. ²³Naomhóidh mé m’ainm mór a thruaillíodh i measc na gciníocha, a thruailligh sibhse ina measc. Agus tuigfidh na ciníocha gur mise an Tiarna – an Tiarna Dia a labhraíonn – nuair a naomhóidh mé mé féin ionaibh os comhair a súl. ²⁴Bainfidh mé amach sibh as na ciníocha agus baileoidh sibh le chéile ó na coigríocha go léir agus tabharfaidh mé sibh abhaile chuig bhur dtír dhúchais. ²⁵Croithfidh mé uisce glan oraibh agus beidh sibh glan; scagfaidh mé sibh ó bhur salachar uile agus ó bhur n-íola



uile. ²⁶Tabharfaidh mé croí nua daoibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh; bainfidh mé an croí cloiche as bhur gcorp agus tabharfaidh croí feola daoibh ina áit. ²⁷Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus tabharfaidh oraibh siúl de réir mo reachtanna agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh go beacht. ²⁸Cónóidh sibh sa tír a bhronn mé ar bhur n-aithreacha; beidh sibh in bhur bpobal agam agus beidh mise i mo Dhia agaibh.

²⁹Glanfaidh mé sibh ó bhur salachar uile. Glaofaigh mé ar an arbhar, cuirfidh mé breis leis agus ní sheolfaidh mé gorta sa mhullach oraibh níos mó. ³⁰Méadóidh mé toradh na gcrann agus na bpáirceanna ionas nach mbeidh masla an ghorta oraibh níos mó i measc na gciníocha. ³¹Ansin cuimhneoidh sibh ar bhur ndrochiompar agus ar bhur ndrochimeachtaí. Beidh gráin agaibh oraibh féin as bhur bpeacaí agus bhur ngníomhartha gránna. ³²Bíodh fhios agaibh nach ar bhur sonsa a dhéanaim é seo – an Tiarna Dia a labhraíonn. Bíodh náire agus imní oraibh mar gheall ar bhur n-iompar, a mhuintir Iosrael.

³³“Seo mar a deir an Tiarna Dia: An lá a ghlanaidh mé sibh ó bhur bpeacaí uile, líonfaidh mé na cathracha arís le daoine agus atógfar na fothracha. ³⁴Saothrófar an talamh scriosta arís in áit é a fhágáil ina bhlár folamh os comhair cách a théann an bealach.

³⁵Déarfaidh siad: ‘An dúiche seo a creachadh is cuma í nó gairdín Éidin; agus na cathracha scriosta a bánaíodh agus a leagadh, tá siad daingean anois faoi líon mór daoine.’ ³⁶Tuigfidh na ciníocha máguaird gur mise, an Tiarna, a d’atóg na fothracha agus a d’ithchuir an fásach. Mise, an Tiarna, a labhair agus tabharfaidh mé chun críche é.

³⁷“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ligfidh mé do mhuintir Iosrael an gar eile seo a iarraidh orm, is é sin, a líon daoine a mhéadú amhail tréad, ³⁸amhail tréad naofa, amhail



tréad in Iarúsailéim ar na féilte sollúnta. Mar sin a líonfar na cathracha bánaithe le tréad daoine. Tuigfear ansin gur mise an Tiarna.”

Fís na gCnámh Seargtha

37 Leagadh lámh an Tiarna orm agus thug sé amach faoi luí spiorad an Tiarna mé. Chuir sé síos mé i lár gleanna a bhí lán de chnámha. ²Sheol sé thart mé ina measc; agus féach, bhí na múrtha acu ar an talamh ó cheann ceann an ghleanna, agus iad an-seargtha. ³Dúirt sé liom: “A mhic an duine, an féidir anam a theacht sna cnámha seo?” “Is agatsa atá a fhios sin, a Thiarna Dia,” arsa mise. ⁴Dúirt seisean: “Tairngir thar na cnámha seo agus abair leo: A chnámha seargtha, éistigí le briathar an Tiarna. ⁵Seo mar a deir an Tiarna Dia leis na cnámha seo: Féach, cuirfidh mé anam ionaibh agus beidh sibh beo. ⁶Leagfaidh mé féitheacha oraibh, cuirfidh mé feoil ag fás oraibh, clúdóidh mé sibh le craiceann, cuirfidh mé anam ionaibh agus beidh sibh beo; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.” ⁷De réir mar a ordáíodh dom, thairngir mé. Agus mé ag tairngreacht bhí tormán, sea, agus gliogarnaíl ann; agus tháinig na cnámha lena chéile. ⁸Nuair a d’amharc mé bhí féitheacha orthu, bhí feoil ag fás orthu agus bhí craiceann á gclúdach; ach ní raibh aon anáil iontu. ⁹Dúirt sé liom ansin: “Tairngir don anáil; tairngir, a mhic an duine, agus abair leis an anáil: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tar ó na ceithre ghaoth, a anáil, agus séid ar na marbháin seo chun go mbeidh siad beo.” ¹⁰Thairngir mé mar a dúradh liom agus tháinig an anáil isteach iontu. Bhí siad beo agus d’éirigh siad ina seasamh, slua ábhalmhór acu.



¹¹Dúirt sé liom ansin: “A mhic an duine, is iad na cnámha seo muintir Iosrael uile. Féach, deir siad: ‘Tá ár gcnámha seargtha agus ár ndóchas caillte; tá deireadh linn.’
¹²Tairngir dá bhrí sin agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, a phobal liom, tá mé chun bhur n-uaigneanna a oscailt, chun sibh a thabhairt aníos as bhur n-uaigneanna, agus seolfaidh mé abhaile sibh go tír Iosrael. ¹³Tuigfidh sibh gur mise an Tiarna nuair a osclóidh mé bhur n-uaigneanna, nuair a thabharfaidh mé aníos sibh as bhur n-uaigneanna, a phobal liom. ¹⁴Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus beidh sibh beo, agus socróidh mé sibh síos in bhur dtír féin. Ansin a thuigfidh sibh gur mise, an Tiarna, a labhair, agus gur mise a rinne é – an Tiarna a labhraíonn.”

Aontú Iúdá agus Iosrael

¹⁵Tháinig briathar an Tiarna chugam: ¹⁶“A mhic an duine, glac chugat bata agus scríobh air: ‘Thar ceann Iúdá agus chlann Iosrael i gcomhar leis.’ Glac bata eile ansin agus scríobh air: ‘Thar ceann Iósae, bata Eafráim, agus muintir Iosrael uile atá i gcomhar leis.’ ¹⁷Táthaigh le chéile iad in aon bhata amháin ionas go mba aon bhata amháin i do lámh iad. ¹⁸Nuair a deir do mhuintir leat: ‘Mínigh ciall an scéil seo dúinn’; ¹⁹abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mé chun bata Iósae, atá i lámha Eafráim, a thógáil, agus clanna Iosrael atá i gcomhar leis; agus táthóidh mé le bata Iúdá é. Déanfaidh mé bata amháin astu ionas go mba aon iad i mo lámhse.’ ²⁰Nuair a bheidh na bataí ar a scríobhfaidh tú i do lámh os a gcomhair, ²¹abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, glacfaidh mé chugam clann Iosrael ó na ciníocha mar a ndeachaigh



siad. Baileoidh mé le chéile iad ó gach taobh agus seolfaidh mé abhaile iad chun a dtíre féin. ²²Déanfaidh mé aon chine amháin astu sa tír ar shléibhte Iosrael, agus aon rí amháin a bheidh ina rí orthu uile. Ní bheidh dhá chine iontu a thuilleadh ná ní bheidh siad deighilte ina dhá ríocht. ²³Ní thruailleoidh siad iad féin a thuilleadh lena n-íola agus a nithe gránna ná le haon chuid dá bpeacaí. Fuasclóidh mé iad ó na bearta fill ina raibh siad ciontach, agus glanfaidh mé iad. Beidh siadsan mar phobal agamsa agus beidh mise mar Dhia acusan. ²⁴Beidh Dáiví, mo sheirbhíseach, ina rí orthu, agus ní bheidh ach aon tréadaí amháin acu go léir. Siúlfaidh siad de réir mo reachtanna agus comhlíonfaidh siad mo dheasghnátha go beacht. ²⁵Cuirfidh siad fúthu mar ar chuir bhur n-aithreacha fúthu, sa tír a thug mé do mo sheirbhíseach, Iacób. Cónóidh siad ansin go brách, iad féin, a gclann agus clann a gclainne. Beidh mo sheirbhíseach, Dáiví, ina rí orthu go brách. ²⁶Déanfaidh mé conradh síochána leo; conradh síoraí a bheidh ann. [Beannóidh] mé agus cuirfidh mé rath orthu; tógfaidh mé mo shanctóir ina measc go deo. ²⁷Beidh m'áit chónaithe ina gcuideachta; beidh mé i mo Dhia acusan agus beidh siadsan ina bpobal agamsa. ²⁸Tuigfidh na ciníocha ansin gur mise, an Tiarna, a naomhaíonn Iosrael nuair a bheidh mo shanctóir ina measc go brách.”

In Éadan Ghóg: An Chéad Tairngreach

38Tháinig briathar an Tiarna chugam: ²“A mhic an duine, iompaigh i dtreo Ghóg, i dtír Mhágóg, ardphrionsa Mheisic agus Thúbál, agus tairngir ina choinne. ³Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé i do choinne, a Ghóg, a ardphrionsa Mheisic agus



Thúbál. ⁴Casfaidh mé thart thú agus cuirfidh mé duáin i do ghialla; tarraingeoidh mé liom thú féin agus do shlua airm uile idir chapail agus mharcaigh, agus iad go léir i gcath éide iomlán, tóstal mór ag iompar lúireach agus cruinnsciath, agus ag beartú claimhte. ⁵Tá an Pheirs, Cúis agus Pút leo, cách lena sciath agus a chlogad; ⁶tá Gomair agus a bhuíon go léir, Béit Tógarmá agus a bhuíon ón aird is faide ó thuaidh; tá a lán ciníocha in éineacht leat. ⁷Bí réidh ullamh, tú féin agus do shluaite atá bailithe thart timpeall ort, agus bí faoi réir [agam].

⁸“I ndiaidh mórán laethanta cuirfear tionól ort; i ndiaidh na mblianta gluaisfidh tú leat in éadan na tíre seo a tháinig slán ón gcogadh, tír inar bhailigh na daoine óna lán ciníocha ar shléibhte Iosrael a bhí riamh ina bhfásach, agus inar bhailigh siad ó na ciníocha chun cur fúthu tar éis dóibh uile teacht slán ón gcláiomh. ⁹Gluaisfidh tú romhat ag dul ar aghaidh amhail stoirm agus clúdóidh tú an tír amhail néal, tú féin, do shlua agus a lán ciníocha i do chuideachta.

¹⁰“Seo mar a deir an Tiarna Dia: An lá sin preabfaidh an smaoineamh isteach i do cheann agus beartóidh tú drochscéim. ¹¹Déarfaidh tú: ‘Ionsóidh mé tír seo na mbailte gan bhallaí; ionsóidh mé an mhuintir chiúin seo a chónaíonn ar a suaimhneas i mbailte atá gan bhallaí ná barraí ná geataí.’ ¹²Ar mhaithe le héadail agus creach a bhreith liom ionsóidh mé na háiteanna fásaigh a bhfuil cónaí ar dhaoine arís iontu, an mhuintir seo a tháinig le chéile ó na ciníocha, a tháinig i seilbh eallaigh agus earraí, a chónaíonn i gceartlár an domhain. ¹³Seabá agus Déadán, ceannaithe Thairsís agus a gcoileáin leon uile, fiafróidh siad díot: ‘An ar lorg creiche a tháinig tú? Ar thionóil tú na sluaite le héadail a ghlacadh,



le hairgead agus ór a bhreith leat, le heallach agus earraí a sciobadh agus creach mhór a ghabháil?’

In Éadan Ghóg: An Dara Tairngreacht

¹⁴“Tairngir, a mhic an duine, dá bhrí sin. Abair le Góg: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Nach fíor go bhfuil sé [ar intinn agat cur chun bóthair] agus mo phobal Iosraél ina suí go suaimhneach? ¹⁵Fágfaidh tú do bhaile sna haird is faide ó thuaidh, thú féin agus a lán ciníocha leat, tóstal an-mhór, slua airm cumasach iad uile ar muin each. ¹⁶Ionsóidh tú mo phobal Iosrael amhail néal ag clúdach na talún. Sna laethanta déanacha spreagfaidh mé thú chun mo thír a ghabháil i dtreo go n-aithneoidh na ciníocha mé, nuair a bhainfidh mé feidhm asatsa, a Ghóg, chun mo naofacht a léiriú os a gcomhair.

¹⁷“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ba ortsa a bhí mé a labhairt sna seanlaethanta trí mo sheirbhísigh, fáithe Iosrael, a thairngríodh ar feadh na mblianta sna laethanta sin go seolfainn thú ina n-aghaidh. ¹⁸Ach an lá a thabharfaidh Góg ruathar isteach i dtír Iosrael – an Tiarna Dia a labhraíonn – tiocfaidh fearg orm. ¹⁹Dearbhaím agus cuthach éada orm: ‘Go deimhin beidh crith as cuimse i dtír Iosrael an lá sin.’ ²⁰Éisc na farraige, éanlaith an aeir, ainmhithe an mhachaire, péisteanna na talún agus daoine uile an domhain, crithfidh siad i mo láthair. Leagfar na sléibhte, réabfar na hailteanna, titfidh gach balla go talamh. ²¹Cuirfidh mé gach [sórt uafáis] ina bhealach – an Tiarna Dia a labhraíonn – beidh claíomh gach fir ag fealladh ar a chéile. ²²Gearrfaidh mé pionós air le plá agus le doirteadh fola. Fearfaidh mé tuile bháistí agus clocha sneachta, tine agus ruibh air féin, ar



a shlua agus ar na ciníocha líonmhara a bheidh leis.²³ Mar sin a fhoilseoidh mé mo naofacht agus a chuirfidh mé mé féin in aithne dá lán ciníocha. Tuigfidh siad ansin gur mise an Tiarna.”

In Éadan Ghóg: An Tríú Tairngreacht

39 “A mhic an duine, tairngir in éadan Ghóg. Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mé i do choinne, a Ghóg, a ardphrionsa Mheisic agus Thúbál.² Iompóidh mé thart thú, brúfaidh mé ar aghaidh thú, agus tabharfaidh thú ó na hairde is faide ó thuaidh ag ionsaí sléibhte Iosrael.³ Buailfidh mé an bogha as do láimh chlé agus tabharfaidh mé ar na saigheada titim ó do láimh dheis.⁴ Marófar thú ar shléibhte Iosrael, tú féin, do shlua uile agus na ciníocha leat. Tabharfaidh mé suas mar bhia thú d’éin chreiche de gach sórt agus d’ainmhithe allta.⁵ Titfidh tú ar an machaire lom. Mise a dúirt – an Tiarna Dia a labhraíonn.⁶ Seolfaidh mé tine ar Mhagóg agus orthu san a chónaíonn faoi shuaimhneas sna hinsí, agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna.⁷ Féachfaidh mé chuige go n-aithneofar m’ainm naofa i measc mo phobail, Iosrael; agus ní cheadóidh mé níos mó m’ainm naofa a thruailliú. Tuigfidh na ciníocha gur mise an Tiarna, an Neach Naofa in Iosrael.

⁸ “Féach, titfidh seo amach, tá sé ar tí titim amach – an Tiarna Dia a labhraíonn. Sin é an lá ar ar labhair mé.⁹ Rachaidh an mhuintir a chónaíonn i mbailte Iosrael amach agus cuirfidh siad na hairm seo trí thine, na lúireacha agus na cruinnsciatha, na boghanna agus na saigheada, na bataí agus na sleánna. Lasfaidh an tine leo ar feadh seacht mbliana,



¹⁰ionas nach mbeidh orthu connadh a chuardach faoin tuath ná a ghearradh sa choill; óir beidh ábhar tine acu sna hairm. Creachfaidh siad lucht a gcreiche agus sladfaidh siad lucht a slada féin – an Tiarna Dia a labhraíonn.

¹¹“An lá sin tabharfaidh mé do Ghóg ionad adhlactha in Iosrael, Gleann na nAbaraím soir ón bhfarraige. Coiscfidh sé lucht taistil de bhrí go mbeidh Góg agus a shlua uile curtha ann. Gleann Hamón Góg an t-ainm a bheidh air. ¹²Glacfaidh sé seacht mí ag muintir Iosrael iad a chur agus an tír a ghlanadh. ¹³Adhlacfaidh muintir uile na tíre iad agus gheobhaidh siad onóir dá bharr an lá a thaispeánfaidh mise mo ghlóir – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁴Beidh fir a roghnófar d’aonghnó chun dul suas síos tríd an tír á n-adhlacadh siúd a fágadh ar an talamh, agus ag glanadh na tíre. Beidh siad ag cuardach ar feadh seacht mí. ¹⁵Agus ar a mbealach dóibh tríd an tír, má fheiceann aon duine acu cnámha duine, cuirfidh sé comhartha in aice leo nó go gcuirfidh an lucht adhlactha iad i nGleann Hamón Góg. – ¹⁶Hamóná ainm an bhaile san áit sin – agus is mar sin a ghlanfaidh siad an tír.

¹⁷“A mhic an duine, seo mar a deir an Tiarna Dia: Labhair le gach sórt éin agus leis an uile ainmí sa mhachaire: Tionólaigí agus tagaigí anseo, tagaigí le chéile i gcomhair an fhéasta íobartha atá mé a ullmhú daoibh, féasta mór íobartha ar shléibhte Iosrael ina n-íosfaidh sibh feoil agus ina n-ólfaidh sibh fuil. ¹⁸Íosfaidh sibh feoil na ngaiscíoch agus ólfaidh fuil phrionsaí an domhain; reithí agus uain, gabhair agus tairbh iad, agus iad uile dea-chothaithe i mBáiseán. ¹⁹Íosfaidh sibh saill go mbeidh sibh lán, ólfaidh sibh fuil go mbeidh sibh ar meisce ag an bhféasta íobartha seo a ullmhaím daoibh. ²⁰Líonfar sibh go



béal ag mo thábla le capaill agus marcaigh, le gaiscígh agus le curaidh de gach sórt – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Muintir Iosrael sa Bhaile Arís

²¹“Seo mar a léireoidh mé mo ghlóir do na ciníocha, agus feicfidh na ciníocha uile an breithiúnas a thug mé agus an lámh a leag mé orthu. ²²Tuigfidh muintir Iosrael gur mise a d’Tiarna Dia ón lá sin amach. ²³Tuigfidh na ciníocha gur seoladh muintir Iosrael i mbraighdeanas de bharr a bpeaca, de bhrí gur imir siad chomh fealltach liom gur iompaigh mé m’aghaidh uathu agus gur thug mé suas dá naimhde iad; agus gur thit siad uile leis an gclaíomh. ²⁴D’imir mé leo de réir mar bhí tuillte acu mar gheall ar a bpeacaí gránna agus a gcionta agus d’iompaigh mé m’aghaidh uathu.

²⁵“Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé anois chun Iacób a thabhairt ar ais ó bhraighdeanas agus chun trócaire a dhéanamh ar mhuintir Iosrael uile agus beidh éad orm faoi m’ainm naofa. ²⁶Déanfaidh siad dearmad den náire agus den fheall go léir a chleacht siad liom agus iad ina suí go suaimhneach ina dtír féin gan eagla. ²⁷Nuair a thabharfaidh mé abhaile iad as na ciníocha agus a bhaileoidh mé iad ó thíortha a naimhde, nuair a léireoidh mé mo naofacht tríothu os comhair a lán ciníocha, ²⁸tuigfidh siad gur mise, an Tiarna, a nDia; óir chuir mé ar díbirt iad i measc na gcíníocha agus ansin bhailigh mé le chéile iad ina dtír féin, gan aon duine fágtha i measc na gcíníocha a thuilleadh. ²⁹Ní iompóidh mé m’aghaidh uathu arís nuair a dhoirtfidh mé mo spiorad amach ar mhuintir Iosrael – an Tiarna Dia a labhraíonn.”



An tIosrael Nua

An Teampaill Nua

40 Sa chúigiú bliain is fiche dár mbraighdeanas, ag tús na bliana, ar an deichiú lá den mhí, ceithre bliana déag tar éis scrios na cathrach, bhí lámh an Tiarna orm. ²I bhfís ó Dhia thug sé leis mé go tír Iosrael agus leag síos mé ar shliabh an-ard a raibh mar a bheadh cathair ó dheas uaidh. ³Thug sé ansin mé agus, féach, bhí fear ann a raibh cuma práis air. Bhí corda lín agus slat tomhais ina láimh aige agus é ina sheasamh sa gheata. ⁴Dúirt an fear liom: “A mhic an duine, féach go grinn, éist go haireach agus leag d’intinn ar a dtaispeánfaidh mé duit. Óir is chun go dtaispeánfainn duit é a tugadh anseo thú. Foilsigh a bhfeiceann tú do mhuintir Iosrael.”

⁵Féach, bhí balla thart timpeall an Teampaill ar fad lasmuigh agus i láimh an fhir bhí slat tomhais a bhí sé bhanlámh ar fad – banlámh ar chomhfhad le cnámh rí agus leithead boise a bhí i gceist. Thomhais sé leithead an bhalla, a bhí slat; agus a airde, a bhí slat.

Geataí an Teampaill

⁶Chuaigh sé go dtí an geata thoir, chuaigh na céimeanna suas agus thomhais tairseach an gheata, a bhí slat ar a dhoimhneas; ⁷agus na taobhsheomraí, a bhí slat ar fad agus slat ar leithead; agus an spás idir na taobhsheomraí a bhí cúig bhanlámh ar leithead; agus tairseach an gheata isteach ó phóirse an gheata, a bhí slat. ⁸Ansin thomhais sé póirse an



gheata, a bhí ocht mbanlámh; ⁹ agus a ursaineacha, a bhí dhá bhanlámh. Bhí póirse an gheata ar an taobh istigh. ¹⁰ Bhí trí thaobhsheomra ar gach taobh den gheata thoir; bhí na trí cinn ar aon mhiosúr; agus na hursaineacha ar gach taobh bhí siad ar aon mhiosúr.

¹¹ Thomhais sé leithead bhéal an gheata, a bhí deich mbanlámh; agus leithead an gheata tríd síos, a bhí trí bhanlámh déag. ¹² Bhí ráille os comhair na dtaobhsheomraí, a bhí banlámh ar gach taobh; agus bhí na taobhsheomraí sé bhanlámh ar gach taobh. ¹³ Ansin thomhais sé an geata ó [chúl] taobhsheomra amháin go [cúl] taobhsheomra eile; bhí sé cúig bhanlámh is fiche ar leithead ó dhoras go doras. ¹⁴ Thomhais sé an póirse, a bhí fiche banlámh; in aice leis an bpóirse bhí an chúirt sheachtrach. ¹⁵ Ó dhul isteach an gheata fad leis an bpóirse istigh bhí caoga banlámh. ¹⁶ Ar gach taobh den gheata bhí fuinneoga spréite, sna taobhsheomraí agus sna spásanna eatarthu, agus mar an gcéanna bhí fuinneoga thart timpeall an phóirse agus crainn phailme ar na hursaineacha.

¹⁷ Thug sé isteach mé ansin sa chúirt sheachtrach a raibh seomraí ann agus pábháil thart timpeall na cúirte; tríocha seomra ar aghaidh na pábhála. ¹⁸ An phábháil a shín leis na geataí agus a bhí ar aon fhad leo, sin an phábháil íochtarach. ¹⁹ Thomhais sé ansin ón taobh istigh den gheata íochtarach go dtí an taobh amuigh den chúirt inmheánach, bhí sé céad banlámh soir agus ó thuaidh.

²⁰ Thomhais sé geata thuaidh na cúirte seachtraí ar a fhad agus ar a leithead. ²¹ Bhí trí thaobhsheomra ann ar gach taobh; bhí na hursaineacha agus an póirse ar aon mhiosúr leo siúd ag an gcéad gheata, caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

²² Bhí a fuinneoga, a phóirse agus a chrainn phailme ar aon mhiosúr leo siúd ag an ngeata thoir. Bhí seacht gcéim ag dul suas chuige agus bhí a phóirse ar an taobh istigh.



²³ Sa chúirt inmheánach os comhair an gheata thuaidh bhí geata mar a bhí os comhair an gheata thoir. Thomhais sé ó gheata go geata; bhí sé céad banlámh.

²⁴ Thug sé ansin mé ó dheas mar a raibh geata ag oscailt ó dheas. Thomhais sé na hursaineacha agus an póirse ann; bhí siad ar aon mhiosúr leis na cinn eile. ²⁵ Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse amhail fuinneoga an chinn eile; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead. ²⁶ Bhí seacht gcoiscéim ag dul suas chuige, bhí an póirse ar an taobh istigh agus crainn phailme ar na hursaineacha, ceann ar gach taobh.

²⁷ Bhí geata ó dheas sa chúirt inmheánach; thomhais sé ó gheata go geata ó dheas, bhí sé céad banlámh.

²⁸ Thug sé isteach mé ansin sa chúirt inmheánach tríd an ngeata theas. Thomhais sé an geata theas agus bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile. ²⁹ A thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse bhí siad uile ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse ann; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead. ³⁰ Bhí póirsí thart timpeall, cúig bhanlámh is fiche ar fad agus cúig bhanlámh ar leithead. ³¹ Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar a ursaineacha agus ocht gcéim ag dul suas chuige.

³² Thug sé ansin go dtí [an geata thoir] mé. Thomhais sé an geata; bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile. ³³ A thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse bhí siad uile ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse ann; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead. ³⁴ Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar na hursaineacha, ceann ar gach taobh, agus ocht gcéim ag dul suas chuige.



³⁵Thug sé go dtí an geata thuaidh mé. Thomhais sé é: ³⁶bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí a thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse [ar aon mhiosúr leis na cinn eile]. Bhí fuinneoga thart timpeall air: bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead. ³⁷Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar a ursaineacha, ceann ar gach taobh, agus ocht gcéim ag dul suas chuige.

Seomraí an Teampaill

³⁸Bhí seomra a raibh bealach isteach ann ó phóirse an gheata, áit a nídís an íobairt dhóite. ³⁹I bpóirse an gheata bhí dhá thábla ar gach taobh le haghaidh marú na híobartha dóite, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh. ⁴⁰Ag dul isteach ag an ngeata thuaidh bhí dhá thábla; agus ar an taobh eile den phóirse ag an ngeata bhí dhá thábla. ⁴¹Bhí ceithre thábla taobh istigh agus ceithre thábla taobh amuigh den phóirse; ocht dtábla ar fad ar a maraídís na híobairtí. ⁴²Bhí fosta ceithre thábla de chlocha snoite do na híobairtí dóite, a bhí banlámh go leith ar fad, banlámh go leith ar leithead agus banlámh ar airde, ar a gcuirte na gréithre go léir le haghaidh marú na n-íobairtí dóite agus na n-ofrálacha. ⁴³Bhí crúcaí i ngreim timpeall laistigh agus leithead boise d'fhad iontu. Chuirte feoil na híobartha ar na táblaí sin.

⁴⁴Thug sé ansin mé isteach sa chúirt inmheánach. Bhí dhá sheomra sa chúirt inmheánach, [ceann] ag taobh an gheata thuaidh ag féachaint ó dheas agus an ceann eile ag taobh an gheata theas ag féachaint ó thuaidh. ⁴⁵Ar seisean liom: “An seomra seo a fhéachann ó dheas is do shagairt an Teampaill é; ⁴⁶do shagairt na haltóra an seomra a



fhéachann ó thuaidh. Mic Zádóc iad, an t-aon dream de mhic Léiví a thagann i ngar don Tiarna chun freastal air.”

⁴⁷Thomhais sé an chúirt inmheánach. Ba chearnóg í a bhí céad banlámh ar fad agus céad banlámh ar leithead; bhí an altóir os comhair an Teampaill.

⁴⁸Thug sé ansin mé go póirse an Teampaill. Thomhais sé ursaineacha an phóirse; bhí siad cúig bhanlámh ar gach taobh. Bhí an geata isteach ceithre bhanlámh déag ar leithead agus bhí [balla] thrí bhanlámh ar gach taobh de. ⁴⁹Bhí an póirse fiche banlámh ar fad agus dhá bhanlámh déag ar leithead. Bhí deich gcéim ag dul suas chuige agus colúin le hais na n-ursaineacha ar gach taobh.

41 Thug sé isteach sa halla mé. Thomhais sé na hursaineacha; bhí siad sé bhanlámh ar tiús ar thaobh amháin agus sé bhanlámh ar tiús ar an taobh éile. ²Bhí an bealach isteach deich mbanlámh ar leithead. Na ballaí ag dul isteach bhí siad cúig bhanlámh ar thaobh amháin agus cúig bhanlámh ar an taobh eile. Thomhais sé an halla; bhí sé daichead banlámh ar fad agus fiche banlámh ar leithead.

³Isteach leis. Thomhais sé na hursaineacha ag dul isteach, a bhí dhá bhanlámh; ansin an bealach isteach, a bhí sé bhanlámh ar leithead; agus na ballaí ar gach taobh ag dul isteach, a bhí seacht mbanlámh. ⁴Thomhais sé a fhad, a bhí fiche banlámh; agus a leithead thar an halla, a bhí fiche banlámh. Dúirt sé liom ansin: “Is é seo an áit is naofa.”

⁵Thomhais sé balla an Teampaill, a bhí sé bhanlámh ar tiús. Bhí na taobhsheomraí thart timpeall an Teampaill ceithre bhanlámh ar leithead. ⁶Bhí tríocha taobhsheomraí ann ar trí urlár, gach ceann os cionn a chéile. Na taobhsheomraí thart timpeall fuair siad tacaíocht ó



bhallaí an Teampaill taobh amuigh ionas nach mbeidís sáite i mballa an Teampaill.

⁷Mhéadaigh ar leithead na dtaobhsheomraí ó urlár go hurlár de réir méadú na tacaíochta ar an taobh amuigh ó urlár go hurlár. Ar thaobh an Teampaill bhí staighre ag dul suas agus ba é seo an dóigh a ndeachaigh duine ón urlár in íochtar go dtí an t-urlár ar barr tríd an urlár láir. ⁸Chonaic mé ansin go raibh pábháil thart timpeall an Teampaill. Ba é bunsraith na dtaobhsheomraí é seo agus bhí slat tomhais iomlán sé bhanlámh ann. ⁹Bhí tiús cúig bhanlámh i mballa seachtrach na dtaobh sheomraí agus cúig bhanlámh sa chuid den phábháil a fágadh oscailte. ¹⁰Idir pábháil an Teampaill agus seomraí na cúirte bhí spás fiche banlámh ar leithead thart timpeall an Teampaill. ¹¹Bhí doirse na dtaobhsheomraí ag oscailt ar ar fágadh saor den phábháil, doras ag oscailt ó thuaidh agus doras ag oscailt ó dheas. An phábháil a fágadh saor bhí sí cúig bhanlámh ar leithead thart timpeall.

¹²An foirgneamh os comhair chlós seo an Teampaill ar an taobh thiar, bhí sé seachtó banlámh ar leithead agus nócha banlámh ar fad, agus bhí tiús cúig bhanlámh i mballa an fhoirgnimh thart timpeall. ¹³Thomhais sé fad an Teampaill, a bhí céad banlámh; agus fad an chlóis agus an foirgneamh lena bhallaí, a bhí céad banlámh; ¹⁴agus leithead aghaidh an Teampaill agus an chlóis thoir, a bhí céad banlámh. ¹⁵Thomhais sé fad an fhoirgnimh ar an taobh thiar ar aghaidh an chlóis agus na ballaí ar gach taobh de; bhí siad céad banlámh.

Feisteas an Teampaill

Halla an Teampaill, an seomra inmheánach agus an póirse seachtrach, ¹⁶bhí tairseacha acu triúr agus fuinneoga laitíse thart timpeall gach ceann acu. Thart faoin tairseach bhí an



Teampall painéalta le hadhmad ón urlár go dtí na fuinneoga; ba fhuinneoga laitíse iad.
¹⁷Ón doras isteach go dtí an seomra inmheánach agus thart timpeall bhalla an tseomra
 inmheánaigh taobh amuigh agus taobh istigh, ¹⁸bhí ceiribíní agus crainn phailme snoite,
 ceiribín agus crann pailme gach re ceann. Bhí dhá aghaidh ar gach ceiribín, ¹⁹aghaidh
 duine os comhair an chrainn phailme ar thaobh amháin agus aghaidh leoin os comhair an
 chrainn phailme ar an taobh eile, agus iad snoite thart timpeall an Teampaill ar fad. ²⁰Bhí
 na ceiribíní agus na crainn phailme snoite ón urlár go dtí os cionn an dorais agus ar an
 mballa. ²¹Bhí colúin an halla cearnógach.

Os comhair an tsanctóra bhí mar a bheadh ²²altóir adhmaid, a bhí trí bhanlámh ar
 airde, dhá bhanlámh ar fad agus dhá bhanlámh ar leithead. Ba d'adhmaid a cúinní, a bun
 agus a taobhanna. Dúirt sé liom: “Seo é an tábla atá os comhair an Tiarna.”

²³Bhí doras dúbailte ar an halla agus doras dúbailte ar an sanctóir. ²⁴Bhí dhá dhuilleog
 ag na doirse seo, dhá dhuilleog infhillte ag gach ceann acu. ²⁵Ar dhoirse an halla bhí
 ceiribíní agus crainn phailme snoite mar a bhí ar na ballaí; agus bhí scáthlán adhmaid
 trasna os comhair an phóirse amuigh. ²⁶Bhí fuinneoga laitíse agus crainn phailme ar gach
 taobh acu ar bhallaí an phóirse agus ar na taobhsheomraí ag taobh an Teampaill agus ar
 na scáthlái.

Na Seomraí Taobh Amuigh

42 Thug sé ó thuaidh mé isteach sa chúirt inmheánach, go dtí na seomraí ar aghaidh
 na cúirte seachtraí [ar an taobh thuaidh] den fhoirgneamh. ²Bhí siad céad banlámh



ar fad, ag dul ó thuaidh, agus caoga banlámh ar leithead.³ In aon líne leis na fiche banlámh a bhain leis an gcúirt inmheánach agus os comhair na pábhála a bhain leis an gcúirt sheachtrach bhí áiléar os comhair áiléir, trí urlár acu.⁴ Bhí cosán isteach os comhair na seomraí a bhí deich mbanlámh ar leithead agus céad banlámh ar fad; d’oscail na doirse ó thuaidh.⁵ Na seomraí in uachtar bhí siad níba chúinge de bharr na n-áiléar a thóg níos mó spáis uathu ná mar thóg ó na seomraí i lár agus in íochtar an fhoirgnimh.⁶ Bhí siad seo roinnte i dtrí urlár agus ní raibh colúin acu mar bhí sa chúirt [sheachtrach]. Uime sin bhí siad níba chúinge siar ná na seomraí in íochtar nó sa lár.⁷ Bhí balla amuigh in aon treo leis na seomraí, os a gcoinne agus ar aghaidh na cúirte seachtraí; bhí sé caoga banlámh ar fad.⁸ Bhí na seomraí ar aghaidh na cúirte seachtraí caoga banlámh ar fad, agus na cinn ar aghaidh an Teampaill, bhí siad céad banlámh.⁹ Faoi na seomraí seo bhí bealach isteach anoir ón gcúirt sheachtrach.

¹⁰I dtiús bhalla na cúirte [theas] ar aghaidh na cúirte agus an fhoirgnimh, bhí seomraí.¹¹ Bhí cosán rompu amach mar a bhí ó na seomraí thuaidh; bhí siad ar aon fhad agus ar aon leithead, agus an déanamh céanna orthu, doirse amach is isteach.¹² Faoi na seomraí ar an taobh theas bhí bealach isteach i dtreo an chrosbhalla, mar a dtéann duine isteach ón taobh thoir.¹³ Dúirt sé liom: “Na seomraí thuaidh agus na seomraí theas os comhair an chlóis, is seomraí naofa iad, ina n-íosfaidh na sagairt a thagann i láthair an Tiarna na nithe rónaofa. Ansin a chuirfidh siad na nithe rónaofa – an íobairt dhóite, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh – mar is áit naofa é seo.¹⁴ Nuair a rachaidh na sagairt isteach ann ní imeoidh siad ón áit naofa chuig an chúirt sheachtrach gan éide an liotúirge a fhágáil



ansin, mar is naofa í an éide seo. Cuirfidh siad éadaí eile orthu féin sula rachaidh siad in áiteanna a bhaineann leis an bpobal.”

¹⁵Nuair a chríochnaigh sé tomhas an Teampaill istigh thug sé amach chuig an geata thoir mé agus thomhais sé spás an Teampaill thart timpeall. ¹⁶Thomhais sé an taobh thoir lena shlat tomhais; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais. ¹⁷Thomhais sé ansin an taobh thuaidh; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais. ¹⁸Thomhais sé an taobh theas; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais. ¹⁹Thomhais sé an taobh thiar; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais. ²⁰Thomhais sé a cheithre thaobh; bhí siad cúig chéad banlámh ar fad agus cúig chéad banlámh ar leithead. Bhí balla thart timpeall air a scar an áit naofa ón áit choitianta.

Filleadh an Tiarna

43 Thug sé ansin mé go dtí an geata, an ceann a fhéachann soir. ²Féach, tháinig glóir Dhia Iosrael anoir. Tháinig fuaim leis amhail fuaim mhórán uiscí; agus shoilsigh an domhan lena ghlóir. ³Bhí an fhís seo a chonaic mé ar aon dul leis an bhfís a chonaic mé nuair a tháinig sé ag scriosadh na cathrach, agus leis an bhfís a chonaic mé ag bruach na habhann Ceabár. Shléacht mé go talamh.

⁴Tháinig glóir an Tiarna isteach sa Teampall ag an ngeata thoir. ⁵Thóg an spiorad mé agus thug isteach sa chúirt inmheánach mé; agus féach, líon glóir an Tiarna an Teampall. ⁶Bhí fear ina sheasamh taobh liom agus chuala mé duine ag labhairt liom ón Teampall amach. ⁷Dúirt sé liom: “A mhic an duine, is é seo suíomh mo ríchathaoireach, an áit ar a



leagfaidh mé boinn mo chos. Cónóidh mé anseo i lár chlann Iosrael go brách. Muintir Iosrael agus a ríthe ní thruailleoidh siad m’ainm naofa choíche arís, lena striapachas agus le conablaigh a ríthe, ⁸ ag cur a dtairsí le hais mo thairsí agus a n-ursaineacha le hais m’ursaineacha, gan ach balla idir mé agus iad. Thruaillídís m’ainm naofa leis na nithe gránna a dhéanaidís, agus dá bhrí sin scrios mé iad go feargach. ⁹ As seo amach díbreoidh siad an striapachas agus conablaigh a ríthe i bhfad ar shiúl uaim agus cónóidh mé ina measc go brách.

¹⁰“A mhic an duine, tabhair tuairisc an Teampaill seo do mhuintir Iosrael; dearaidís an plean ionas go mbeidh náire orthu de bharr a bpeacaí. ¹¹ Má bhíonn náire orthu de bharr a n-imeachtaí, taispeáin crot agus plean an Teampaill dóibh, na slite amach as agus na slite isteach ann, a dhéanamh agus a leagan amach. Cuir in iúl dóibh a dheasghnátha agus a dhlíthe agus scríobh síos dóibh é os a gcomhair ionas go gcomhlíonfaidís agus go gcleachtfaidís a [dhlíthe] agus a dheasghnátha uile. ¹² Seo é bunreacht an Teampaill: an láthair uile ar mhullach an tsléibhe agus máguaird is áit rónaofa é. Féach, sin é bunreacht an Teampaill.”

An Altóir

¹³ Seo iad tomhais na haltóra de réir banlámh – tá banlámh anseo ar chomhfhad le cnámh rí agus leithead boise. Beidh an bun banlámh ar airde agus banlámh ar leithead; an t-imeall timpeall aon réise amháin. Seo airde na haltóra: ¹⁴ ón mbonn ar an urlár go dtí an plionta íochtarach, dhá bhanlámh ar airde, agus banlámh ar leithead; ón bplionta is lú go



dtí an plionta is mó ceithre bhanlámh ar airde agus banlámh ar leithead. ¹⁵Beidh leac na haltóra ceithre bhanlámh ar airde agus beidh ceithre adharc ag síneadh in airde ón leac.

¹⁶Beidh leac na haltóra cearnógach, dhá bhanlámh déag ar fad agus dhá bhanlámh déag ar leithead. ¹⁷Beidh an plionta cearnógach fosta, ceithre bhanlámh déag ar fad agus ceithre bhanlámh déag ar leithead. Beidh an t-imeall thart air leathbhanlámh ar leithead agus a bhun banlámh thart timpeall. Beidh céimeanna na haltóra ag féachaint soir.

¹⁸Dúirt sé liom: “A mhic an duine, seo mar a deir an Tiarna Dia: Seo iad na deasghnátha don altóir. An lá a thógfáir í le haghaidh ofráil íobairtí dóite agus doirteadh fola, ¹⁹tabharfaidh tú tarbh mar íobairt pheaca do na sagairt Léivíteacha de shíol Zádóc a thagann chugam chun freastal orm – an Tiarna Dia a labhraíonn. ²⁰Glacfaidh tú cuid den fhuil agus cuirfidh tú í ar cheithre adharc na haltóra agus ar cheithre chúinne an phlionsa agus ar an imeall thart timpeall. Mar seo a ghlanfaidh tú an altóir agus a dhéanfaidh tú leorghníomh ar a son. ²¹Glacfaidh tú fosta tarbh na híobartha peaca agus dófaidh tú sa láthair cheart den Teampall taobh amuigh den sanctóir é. ²²An dara lá ofrálfaidh tú gabhar fireann gan smál mar íobairt pheaca; agus glanfar an altóir arís mar a glanadh leis an tarbh. ²³Agus í glanta agat ofrálfaidh tú tarbh gan smál agus reithe gan smál ón tréad. ²⁴Tabharfaidh tú iad i láthair an Tiarna agus croithfidh na sagairt salann orthu agus ofrálfaidh siad don Tiarna mar íobairt dhóite iad. ²⁵Ar feadh seacht lá caithfidh tú gabhar fireann a sholáthar gach lá d’íobairt pheaca; ní foláir freisin tarbh agus reithe gan smál ón tréad a ofráil. ²⁶Ar feadh seacht lá déanfaidh siad leorghníomh ar son na haltóra; glanfaidh siad í agus beidh sí coisricthe. ²⁷Ag deireadh an ama sin, ón ochtú lá amach,



ofrálfaidh na sagairt ar an altóir bhur n-íobairtí dóite agus bhur n-íobairtí síochána; agus glacfaidh mise go cineálta libh – an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Cead Isteach sa Teampall

44 Thug sé ar ais mé ansin go geata seachtrach an tsanctóra a fhéachann soir. Bhí sé dúnta. ²Dúirt an Tiarna liom: “Coimeádfar an geata seo dúnta. Ní osclófar é agus ní rachaidh aon duine tríd ó ghabh an Tiarna, Dia Iosrael, tríd. Dá bhrí sin coimeádfar dúnta é. ³Ceadófar don phrionsa amháin, áfach, suí ann lena bhéile a chaitheamh i láthair an Tiarna. Rachaidh sé isteach agus fágfaidh sé trí phóirse an gheata.”

⁴Thug sé isteach mé tríd an ngeata thuaidh go dtí aghaidh an Teampaill. D’amharc mé agus chonaic glóir an Tiarna ag líonadh Theampall an Tiarna agus shléacht mé go talamh. ⁵Dúirt an Tiarna liom: “A mhic an duine, tabhair aire, féach go grinn agus éist go cúramach lena n-insím duit faoi dheasghnátha uile Theampall an Tiarna agus a dhlíthe uile. Tabhair aire mhaith do cé ag a mbeidh cead isteach sa Teampall acu agus cé ag nach mbeidh cead isteach sa sanctóir acu. ⁶Abair le ceannaircigh mhuintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: A mhuintir Iosrael, bíodh deireadh le bhur n-imeachtaí gránna uile, ⁷ag ligean isteach i mo shanctóir coimhthígh gan timpeallghearradh ina gcroí ná ina gcorp, á thruailliú nuair a ofrálann sibh mo bhia idir shaille agus fhuil. Mar bharr ar bhur n-uile imeachtaí gránna bhris [sibh] mo chonradh. ⁸In ionad bhur ndualgais dom a chomhlíonadh sa sanctóir thug sibh cúram mo dhualgas do choimhthígh. ⁹Seo mar a deir



an Tiarna Dia: Aon choimhthíoch gan timpeallghearradh ina chroí agus ina chorp, de na coimhthígh uile a chónaíonn i measc mhuintir Iosrael, ná téadh sé isteach i mo shanctóir.

Na Léivítigh

¹⁰“Na Léivítigh a thréig mé agus a chuaigh ar seachrán i bhfad uaim i ndiaidh a n-íol nuair a chuaigh Iosrael ar seachrán, iompróidh siad ualach a bpeacaí féin. ¹¹Beidh siad ina bhfreastalaithe sa sanctóir agam agus an cúram orthu geataí an Teampaill a ghardáil agus an Teampall féin a fhreastal. Maróidh siad an íobairt dhóite agus an ofráil don phobal, agus beidh siad i láthair chun freastal ar an bpobal. ¹²De bhrí gur fhreastail siad orthu os comhair a n-íol agus gur cheap tuisle peaca iad do mhuintir Iosrael, dá bhrí sin mhionnaigh mé ina n-aghaidh – an Tiarna Dia a labhraíonn – go n-iompróidh siad ualach a bpeaca. ¹³Ní bheidh cead acu triall orm arís chun gnó sagairt a dhéanamh liom, ná teacht in aice leis na nithe naofa liom ná na nithe rónaofa; ach beidh siad faoi náire ag na nithe gránna a rinne siad. ¹⁴Ach tabharfaidh mé cúram an Teampaill dóibh le haghaidh a fhreastail go léir agus an uile rud atá le déanamh.

Na Sagairt

¹⁵“Na sagairt Léivíteacha, mic Zádóc, a chomhlíon a ndualgais dom sa sanctóir nuair a chuaigh muintir Iosrael ar seachrán i bhfad uaim, beidh cead acusan triall orm chun freastal orm. Seasfaidh siad i mo láthair ag ofráil saille agus fola dom – an Tiarna Dia a



labhraíonn. ¹⁶Beidh cead isteach i mo shanctóir acu agus triallfaidh siad ar mo thábla le freastal orm; comhlíonfaidh siad mo liotúirge. ¹⁷Nuair a rachaidh siad isteach geataí na cúirte inmheánaí gléasfaidh siad in éide lín; ní bheidh aon olann orthu ag freastal dóibh ag geataí na cúirte inmheánaí agus istigh. ¹⁸Caithfidh siad turbain lín ar a gcinn agus bríste lín ar a leasrach; ní chríoslóidh siad iad féin le haon ábhar a thugann allas. ¹⁹Ar imeacht amach dóibh chuig pobal na cúirte seachtraí bainfidh siad díobh na héadaí ina ndearna siad freastal agus fágfaidh iad sna seomraí sa sanctóir; gléasfaidh siad in éadaí eile ar eagla go naomhóidís an pobal lena n-éadaí. ²⁰Ní bhearrfaidh siad a gcinn ná ní ligfidh siad fás fada faoina bhfolt; gearrfaidh siad é go measarta. ²¹Ní ólfaidh aon sagart fíon an lá a théann sé isteach sa chúirt inmheánach. ²²Ní phósfaidh siad baintreach ná bean a idirscaradh ach maighdean de shliocht mhuintir Iosrael. Tá cead acu baintreach a phósadh más baintreach sagairt í. ²³Teagascfaidh siad do mo phobal rud naofa a aithint thar rud coitianta, an difear idir glan agus neamhghlan. ²⁴Tabharfaidh siad breithiúnas in imreas, breithiúnas a bheidh de réir mo reachtanna; comhlíonfaidh siad mo reachtanna agus mo dheasghnátha ag m'fhéilte cinnte uile. Coinneoidh siad mo shabóidí naofa. ²⁵Ní thiocfaidh siad in aice le corpáin ar eagla go ndéanfaí neamhghlan iad; ach ar son athar nó máthar, ar son mic nó iníne, ar son dearthár nó deirféar nach bhfuil pósta, tá cead acu bheith neamhghlan. ²⁶Nuair a ghlanfar fear acu fanfaidh sé seacht lá; ²⁷ansin an lá a dtéann sé isteach sa chúirt inmheánach chun freastal sa sanctóir, ofrálfaidh sé a íobairt pheaca – an Tiarna Dia a labhraíonn. ²⁸Ní bheidh aon oidhreacht acu; mise a n-oidhreacht. Ní thabharfaidh sibh aon ghabháltas dóibh in Iosrael; mise a ngabháltas. ²⁹Íosfaidh siad an abhlann, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh; gach rud a



chuirtear faoin mbang in Iosrael beidh sé acusan. ³⁰ Scoth na gcéadtorthaí de gach sórt agus an uile thabhartas de bhur n-íobairtí uile, gheobhaidh na sagairt iad. Gheobhaidh na sagairt scoth bhur dtaois chomh mhaith, ionas go mairfidh beannacht i do theach. ³¹ Ní íosfaidh na sagairt aon chuid d'éan ná d'ainmhí a d'éag uaidh féin nó a stolladh ó chéile.”

Roinn an Tiarna

45 “Nuair a roinnfidh tú an tír mar oidhreacht trí chranncgur, cuirfidh tú roinn ar leataobh don Tiarna mar thalamh naofa, cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus [fiche] míle banlámh ar leithead. Beidh iomlán na talún seo naofa. ² Beidh cearnóg chúig chéad banlámh de seo don sanctóir agus spás oscailte caoga banlámh timpeall air. ³ As an tearmann seo tomhaisfidh tú roinn cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus deich míle banlámh ar leithead ina mbeidh an sanctóir, an áit rónaofa. ⁴ Beidh sé ar an gcuid naofa den tír, beidh sé ag na sagairt a fhreastalaíonn sa sanctóir agus a thriallann ar an Tiarna a dhéanamh seirbhíse dó. Beidh an áit sin ina láthair dá dtithe acu agus ina áit naofa don sanctóir. ⁵ Roinn eile, cúig mhíle banlámh ar fad agus deich míle banlámh ar leithead, beidh sé mar láthair dá mbailte cónaithe ag na Léivítigh a fhreastalaíonn sa Teampall. ⁶ Le hais na ranna a bhaineann leis an sanctóir tabharfaidh sibh don chathair mar ghabháltas cúig mhíle banlámh ar leithead agus cúig mhíle banlámh is fiche ar fad; beidh seo ag muintir Iosrael uile.



Roinn an Phrionsa

⁷“Beidh roinn ag an bprionsa ar an dá thaobh de fhearann an tsanctóra agus de ghabháltas na cathrach, ar aon teorainn le fearann an tsanctóra agus le gabháltas na cathrach siar agus soir, ar aon fhad le roinn treibhe agus ag síneadh ó theorainn thiar go teorainn thoir na tíre. ⁸Sín é a ghabháltas in Iosrael. Ní bhrúfaidh mo phrionsaí ar mo phobal níos mó; ach fágfaidh siad an chuid eile den tír do mhuintir Iosrael de réir a dtreibheanna.

⁹“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Go mba leor libh é seo, a phrionsaí Iosrael! Éirígí as an láimh láidir agus as an ansmacht; cuirígí an chóir agus an fhíréantacht i bhfeidhm; ná brúigí ar mo phobal níos mó le tobhach cíosa – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁰Bíodh scálaí cothroma agaibh, éafá cothrom agus bat cothrom. ¹¹Bíodh an t-éafá agus an bat ar aon mhiosúr, ionas go gcoinneodh an bat an deichiú cuid de hoimear agus an t-éafá an deichiú cuid de hoimear. Bíodh an hoimear ina chaighdeán mar mhiosúr. ¹²Bíodh fiche géará sa seicil; agus in aon mhíoná amháin agaibh bíodh fiche seicil, cúig sheicil is fiche agus cúig sheicil déag.

Tobhach don Chultas

¹³“Seo í an ofráil a thobhfaidh sibh, an séú cuid d’éafá ó gach hoimear cruithneachta, agus an séú cuid d’éafá ó gach hoimear eorna. ¹⁴An tobhach ar ola: bat ola ó gach deich mbat nó ó gach cor, atá ar aon mhiosúr le deich mbat nó le haon hoimear amháin de bhrí



gurb ionann deich mbat agus hoimear. ¹⁵Tobhfaidh sibh caora ó gach tréad de dhá chéad ó [theaghlaigh] Iosrael; sin í an ofráil do na habhlanna, do na híobairtí dóite agus do na híobairtí síochána. Is é sin bhur leorghníomh – an Tiarna Dia a labhraíonn. ¹⁶Tabharfaidh muintir uile na tíre an ofráil seo do phrionsa Iosrael. ¹⁷Beidh dualgas ar an bprionsa na híobairtí dóite, na habhlanna agus na híobairtí dí a chur ar fáil ag na féilte, ag na réanna nua agus na sabóidí, ag féilte cinnte uile mhuintir Iosrael. Cuirfidh sé ar fáil na híobairtí peaca, na habhlanna, na híobairtí dóite agus na híobairtí síochána mar leorghníomh ar son mhuintir Iosrael.

Féile na Cásca

¹⁸“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ar an gcéad lá den chéad mhí glacfaidh tú tarbh óg gan smál agus glanfaidh tú an sanctóir. ¹⁹Glacfaidh an sagart cuid den fhuil ón íobairt pheaca agus doirtfidh í ar ursaineacha an Teampaill, ar cheithre chúinne phlionsa na haltóra agus ar ursaineacha na ngeataí sa chúirt inmheánach. ²⁰Déanfaidh tú amhlaidh ar an seachtú lá den mhí ar son an duine a pheacaigh trí neamart nó aineolas. Mar seo a dhéanfaidh tú leorghníomh don Teampall. ²¹Ar an gceathrú lá déag den chéad mhí beidh ort féile na Cásca a cheiliúradh. Ar feadh seacht lá íosfaidh cách arán gan ghabháil. ²²An lá sin ofrálfaidh an prionsa tarbh óg mar íobairt pheaca dó féin agus do phobal uile na tíre. ²³Ar feadh seacht lá na féile ofrálfaidh sé mar íobairt dhóite don Tiarna seacht dtarbh óga agus seacht reithe gan smál, gach lá den tseachtain; agus pocán gabhair gach lá mar



íobairt pheaca. ²⁴Ofrálfaidh sé mar abhlann éafá do gach tarbh, éafá do gach reithe, agus hín ola do gach éafá.

Féile na mBothanna

²⁵“Don fhéile a thiteann ar an gcúigiú lá déag den seachtú mí, déanfaidh sé mar an gcéanna ar feadh seacht lá, ag soláthar d’íobairtí peaca, d’íobairtí dóite, d’abhlann agus d’ola.”

An tSabóid

46“Seo mar a deir an Tiarna Dia. Dúnfar an geata thoir den chúirt inmheánach ar feadh na sé lá oibre. Osclófar é lá na sabóide agus lá na ré nua; ²rachaidh an prionsa isteach trí phóirse an gheata sheachtraigh agus bunóidh sé é féin ag ursaineacha an gheata. Ofrálfaidh na sagairt ansin a íobairt dhóite agus a íobairt síochána. Déanfaidh sé adhradh ag tairseach an gheata agus rachaidh sé amach, ach ní dhúnfar an doras go tráthnóna. ³Adhrfaidh pobal na tíre ag béal an gheata i láthair an Tiarna ar shabóidí agus ar laethanta na ré nua. ⁴Sé uan gan smál agus reithe gan smál a bheidh san íobairt dhóite a ofrálfaidh an prionsa don Tiarna lá na sabóide. ⁵Tabharfaidh sé éafá mar abhlann leis an reithe, a rogha tabhartais leis na huain, agus hín ola le gach éafá. ⁶Lá na ré nua ofrálfaidh sé tarbh óg gan smál, sé uan gan smál agus reithe gan smál. ⁷Tabharfaidh sé éafá leis an reithe, a rogha tabhartais leis na huain, agus hín ola le gach éafá.



Deasghnátha Éagsúla

⁸“Ar dhul isteach don phrionsa rachaidh sé trí phóirse an gheata isteach agus fágfaidh sé an bealach céanna. ⁹Nuair a thiocfaidh pobal na tíre i láthair an Tiarna ag na féilte sollúnta, an lucht a thiocfaidh isteach an geata thuaidh ag adhradh rachaidh siad amach an geata theas. Ní fhillfidh siad ar an ngeata trínar ghabh siad isteach ach rachaidh amach an geata atá díreach rompu. ¹⁰Tiocfaidh an prionsa leo, ag dul isteach agus amach mar a dhéanfaidh siadsan. ¹¹Ag na féilte agus na séasúir chinnte ofrálfar éafá mar abhlann le gach tarbh, éafá le gach reithe, rogha tabhartais leis na huain agus hín ola le gach éafá. ¹²Nuair a ofrálfaidh an prionsa íobairt dheonach, bíodh sí dóite nó ina híobairt síochána, don Tiarna, osclófar an geata thoir dó agus ofrálfaidh sé a íobairt dhóite agus a íobairt síochána mar a dhéanfaidh lá na sabóide. Ar dhul amach dó, dúnfar an geata ina dhiaidh. ¹³Ofrálfaidh sé uan bliana gan smál mar íobairt dhóite don Tiarna gach lá; ofrálfaidh sé seo gach maidin. ¹⁴Ofrálfaidh sé chomh maith gach maidin an séú cuid d’éafá agus an tríú cuid de hín ola le meascadh leis an bplúr. Sin tabhartas don Tiarna, deasghnáth buan síoraí. ¹⁵Mar sin a dhéanfar an t-uan agus an íobairt bhia agus an ola a sholáthar, maidin i ndiaidh maidine mar íobairt dhóite go brách.

Cear t an Phrionsa

¹⁶“Seo mar a deir an Tiarna Dia. Má bhronnann an prionsa cuid dá oidhreacht ar a chlann mhac rachaidh an bronntanas i seilbh na mac agus beidh sé acu mar oidhreacht.



¹⁷ Ach má bhronnann sé cuid dá oidhreacht ar dhuine dá sheirbhísigh beidh sí aige go bliain na saoirse amháin agus fillfidh ansin ar an bprionsa. Ní choinneoidh aon duine cuid den oidhreacht ach an chlann mhac amháin. ¹⁸ Ní ghabhfaidh an prionsa aon chuid d’oidhreacht an phobail, á ndíbirt as seilbh go héagórach. Tabharfaidh sé oidhreacht dá chlann mhac as a mhaoin féin ionas nach ndíbreofar aon duine de mo phobal as seilbh.”

Cistineacha an Teampaill

¹⁹ Thug sé isteach mé ansin tríd an mbealach a bhí ag taobh an gheata thuaidh go dtí na seomraí sa sanctóir a bhain leis na sagairt. Chonaic mé áit ansin siar uaim ag deireadh.

²⁰ Dúirt sé liom: “Seo é an áit a mbruithfidh na sagairt an íobairt leorghnímh agus an íobairt pheaca, agus a mbacálfaidh siad an abhlann ionas nach mbeidh orthu iad a bhreith leo amach sa chúirt sheachtrach agus an pobal a naomhú.” ²¹ Rug sé amach sa chúirt sheachtrach mé agus thug orm dul go ceithre chúinne na cúirte; agus i ngach cúinne den chúirt bhí clós. ²² Sna ceithre chúinne den chúirt bhí ceithre chlós, a bhí daichead banlámh ar fad agus daichead banlámh ar leithead. Bhí siad ceathrar ar aon mhiosúr. ²³ Bhí balla timpeall laistigh ar gach ceann acu agus teallach ag bun gach balla. ²⁴ Dúirt sé liom ansin: “Seo iad na cistineacha ina mbruithfidh lucht freastail an Teampaill íobairtí an phobail.”

An Stealladh Uisce ón Teampaill

47 Rug sé ar ais mé go doras an Teampaill; agus féach, bhí uisce ag sceitheadh soir amach faoi bhun thairseach an Teampaill – bhí an Teampall féin ag féachaint soir. Sceith an t-uisce amach faoi bhun an taoibh theas de thairseach an Teampaill, ó dheas ón



altóir. ²Rug sé ansin mé amach an geata thuaidh agus thug orm dul timpeall amuigh fad leis an ngeata seachtrach thoir, áit a raibh an t-uisce ag sceitheadh soir. ³Chuaigh an fear soir agus a shlat tomhais ina láimh agus thomhais sé míle banlámh. Thug sé orm ansin siúl tríd an uisce; chuaigh an t-uisce go murnán orm. ⁴Thomhais sé míle eile agus thug orm siúl tríd an uisce athuair; chuaigh an t-uisce go glúine orm. Thomhais sé míle eile agus thug orm siúl tríd an uisce arís; chuaigh an t-uisce go leasrach orm. ⁵Thomhais sé míle eile; b'abhainn é narbh fhéidir dul tríthi. Bhí an t-uisce éirithe agus domhain go leor chun snámh ann, abhainn nárbh fhéidir dul tríthi.

⁶Dúirt sé liom: “A mhic an duine, an bhfeiceann tú?” Thug sé orm dul ar ais ar bhruach na habhann. ⁷Ar dhul ar ais dom chonaic mé a lán crann, ar gach bruach den abhainn. ⁸Dúirt sé: “Sileann an t-uisce seo soir agus téann síos isteach san Arabá; agus ar dhul isteach dó in uisce marbh na farraige déanann sé an fharraige úr. ⁹Aon áit a sileann an abhainn mairfidh gach dúil bheo a chorraíonn inti agus beidh flúirse éisc ann; de bhrí go mbíonn sláinte aon áit a dtéann an t-uisce agus go mbíonn an t-anam i ngach dúil aon áit a sileann an abhainn. ¹⁰Beidh iascairí ar a bruacha. Leathfar na líonta ó Éan Geidí go hÉan Eaglaím; beidh ilchineálacha éisc inti amhail éisc na Farraige Móire. ¹¹Ní thiofaidh úire sna riasca agus sna bogaigh; fágfar iadsan ina sáile. ¹²Ar bhruach na habhann, ar an dá bhruach, fásfaidh gach cineál crann toraidh, le duilleoga nach bhfeonn agus le toradh nach dteipeann. Béarfaidh siad toradh úr gach mí de bhrí go sileann an t-uisce seo dóibh ón sanctóir. Beidh a dtoradh mar bhia agus a nduilleoga mar leigheas.”



Teorainneacha na Tíre

¹³“Seo mar a deir an Tiarna Dia. Seo iad na teorainneacha lena roinnfidh sibh an tír mar oidhreacht ar dhá threibh dhéag Iosrael, ag tabhairt dhá roinn do Iósaef. ¹⁴Roinnfidh sibh é cothrom; mhionnaigh mé an tír a bhronnadh ar bhur n-aithreacha agus titfidh sé oraibh mar oidhreacht. ¹⁵Seo iad teorainneacha na tíre: Ar an taobh thuaidh ón bhFarraige Mhór bealach Heatlon isteach go Hamát agus ar aghaidh go Zadad, ¹⁶Baerótá, Sabraím ar an teorainn idir an Damaisc agus Hamát, agus go Hazaer hat Tíceon ar theorainn Haurán. ¹⁷Sínfidh an teorainn ón bhfarraige go Hazaer Éineon atá ar theorainn thuaidh na Damaisce agus ar theorainn Hamát ó thuaidh fosta. Sin é an teorainn thuaidh. ¹⁸Ar an taobh thoir sínfidh an teorainn le taobh an Iordáin idir Haurán agus an Damaisc, idir Gileád agus tír Iosrael go dtí an Fharraige Thoir síos fad le Támár. Sin é an teorainn thoir. ¹⁹Ar an taobh theas ó Thámár ó dheas go huiscí Mhiríbeá Caidéis, fad le Sileán na hÉigipte agus an Fharraige Mhór. Sin é an teorainn theas. ²⁰Ar an taobh thiar beidh an Fharraige Mhór mar theorainn fad le bealach Hamát. Sin é an teorainn thiar. ²¹Roinnfidh sibh an tír seo eadraibh, de réir treibheanna Iosrael. ²²Roinnfidh sibh é mar oidhreacht oraibh féin agus ar na coimhthígh a chónaíonn in bhur measc agus a ghin páistí in bhur measc. Beidh siadsan mar dhúchasaigh i measc chlann Iosrael; gheobhaidh siad oidhreacht le crannchur mar aon libhse i measc treibheanna Iosrael. ²³Tabharfaidh sibh a n-oidhreacht don choimhthíoch de réir na treibhe lena gcónaíonn sé – an Tiarna Dia a labhraíonn.”



Roinnt na Tíre

48“Seo iad ainmneacha na dtreibheanna. Ar an taobh thuaidh bealach Heatlon go béal Hamát isteach fad le Hazaer Éineon atá ar theorainn thuaidh na Damaisce os comhair Hamát, ag síneadh anoir siar, roinn amháin do Dhán. ²Ar aon teorainn le Dán, anoir siar, roinn amháin do Áiséar. ³Ar aon teorainn le hÁiséar, anoir siar, roinn amháin do Naftáilí. ⁴Ar aon teorainn le Naftáilí, anoir siar, roinn amháin do Mhanaise. ⁵Ar aon teorainn le Manaise, anoir siar, roinn amháin do Eafráim. ⁶Ar aon teorainn le hEafráim, anoir siar, roinn amháin do Reúbaen. ⁷Ar aon teorainn le Reúbaen, anoir siar, roinn amháin do Iúdá. ⁸Ar aon teorainn le Iúdá, anoir siar, tá roinn a chuirfidh sibh ar leataobh, cúig mhíle banlámh is fiche ar leithead agus ar aon fhad leis na ranna eile anoir siar. Beidh an sanctóir i lár báire.

⁹“Cuirfidh sibh ar leataobh don Tiarna cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus fiche míle banlámh ar leithead. ¹⁰Is do na sagairt an roinn choisricthe seo a bheidh cúig mhíle banlámh is fiche ar an taobh thuaidh, deich míle banlámh ar leithead ar an taobh thiar, deich míle banlámh ar leithead ar an taobh thoir agus cúig mhíle banlámh is fiche ar fad ar an taobh theas. Beidh sanctóir an Tiarna i lár báire. ¹¹Is do na sagairt choisricthe é sin, do mhic Zádóc a chomhlíon a ndualgais dom agus nár imigh ar seachrán nuair a chuaigh muintir Iosrael ar seachrán, amhail na Léivítigh. ¹²Gheobhaidh siad roinn as roinn rónaofa na tíre ar aon teorainn le fearann na Léivíteach. ¹³Taobh le roinn na sagart beidh roinn ag na Léivítigh cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus deich míle ar leithead. Beidh fad iomlán chúig mhíle banlámh is fiche ann agus leithead [fiche] míle. ¹⁴Ní bheidh cead acu



aon chuid de a dhíol nó a mhalartú; ní féidir an tseilbh a aistriú go brách mar tá sé naofa don Tiarna.

¹⁵“An fuilleach, cúig mhíle banlámh ar leithead agus cúig mhíle is fiche ar fad, is le haghaidh na cathrach é, le haghaidh tithe cónaithe agus páirceanna. Beidh an chathair i lár báire; ¹⁶agus seo mar a thomhaisfear í: ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thuaidh, ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh theas; ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thoir; ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thiar. ¹⁷Sínfidh páirceanna na cathrach dhá chéad agus caoga banlámh ó thuaidh, dhá chéad agus caoga banlámh ó dheas, dhá chéad agus caoga banlámh soir, agus dhá chéad agus caoga banlámh siar. ¹⁸Fágfar deich míle banlámh soir agus deich míle siar ar aon teorainn leis an roinn naofa; beidh a thoradh seo mar bhia ag lucht oibre na cathrach. ¹⁹Tiocfaidh an lucht oibre cathrach seo ó gach treibh in Iosrael á shaothrú. ²⁰An roinn seo a chuirfidh tú ar leataobh beidh sí ina cearnóg, cúig mhíle banlámh is fiche ar gach taobh; is é sin an roinn naofa agus talamh na cathrach le chéile. ²¹Is don phrionsa fuilleach na roinne naofa agus thalamh na cathrach. Sínfidh sé ón gcúig mhíle banlámh is fiche den roinn naofa soir agus ón gcúig mhíle banlámh is fiche siar ar aon teorainn le ranna na dtreibheanna; is don phrionsa é. Beidh an roinn naofa agus sanctóir an Teampaill i lár báire. ²²Mar sin, seachas sealúchas na Léivíteach agus sealúchas na cathrach atá suite taobh istigh de shealúchas an phrionsa, is don phrionsa a bhfuil suite idir talamh Iúdá agus talamh Bhiniáimin.

²³“Seo iad na treibheanna: anoir siar, roinn amháin do Bhiniáimin. ²⁴Ar aon teorainn le Biniáimin, anoir siar, roinn amháin do Shimeon. ²⁵Ar aon teorainn le Simeon, anoir siar,



roinn amháin do Íosácár. ²⁶ Ar aon teorainn le hÍosácár, anoir siar, roinn amháin do Zabúlun. ²⁷ Ar aon teorainn le Zabúlun, anoir siar, roinn amháin do Ghád. ²⁸ Ar aon teorainn le Gád ó dheas, sínfídh an teorainn ó Thámár go huiscí Mhiríbeá Cáidéis fad le Sileán na hÉigipte agus an Fharráige Mhór. ²⁹ Sin í an talamh a roinnfidh sibh i measc treibheanna Iosrael mar oidhreacht dóibh agus sin iad na ranna eagsúla uirthi – an Tiarna Dia a labhraíonn.

Geataí Iarúsailéim

³⁰“Seo iad na bealaí amach ón gcathair. Ar an taobh thuaidh, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad de réir miosúir, ³¹ beidh trí gheata: geata Reúbaen, geata Iúdá, geata Léiví; ainmneofar na geataí de réir treibheanna Iosrael. ³² Ar an taobh thoir, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Íosaef, geata Bhiniáimin, geata Dhán. ³³ Ar an taobh theas, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Shimeon, geata Íosácár, geata Zabúlun. ³⁴ Ar an taobh thiar, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Ghád, geata Áiséar, geata Naftáilí. ³⁵ Imlíne na cathrach ocht míle dhéag banlámh agus ainm na cathrach as seo amach: ‘Tá an Tiarna inti.’”

